# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL
# & RÁITIS AIRGEADAIS

# 2023

Anseo chun gnó a fhorbairt
Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann
Here to build business
Strategic Banking Corporation of Ireland

# OCHTAIN MHÉADAITHE AR AIRGEAD A SPREAGADH DO FBManna IN ÉIRINN

is é ár misean tacú le fás, rathúnas, agus an t-aistriú chuig inbhuanaitheacht, trí iomaíochas a spreagadh, nuálaíocht a chumasú, agus rochtain ar mhaoiniú a fheabhsú i margadh creidmheasa na hÉireann.

# CLÁR ÁBHAIR


| | |
|---|---|
| **Ár dTionchar in 2023** | **02** |
| **Ráiteas an Chathaoirligh** | **07** |
| **Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh** | **11** |
| **Mar a Oibrímid** | **14** |
| **Ár Straitéis** | **16** |
| **Tuar Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachais (ESG)** | **19** |
| **Ár bhFoireann** | **24** |
| **Athbhreithniú Gnó** | **27** |
| Scéimeanna Ráthaíochta Iasachtaí | 27 |
| Rochtain ar Airgeadas a Mhéadú | 29 |
| Ag Cothú ár dTodhchaí | 30 |
| Comhoibriú | 30 |
| **Rialachas agus Faisnéis Chorparáideach** | **32** |
| Stiúrthóirí | 33 |
| **Bainistíocht Riosca agus Rialú Inmheánach** | **49** |
| **Ráitis Airgeadais** | **54** |

# ÁR dTIONCHAR IN 2023

An bhliain go dtí an 31 Nollaig 2023



**€90,851**
**meánmhéid iasachta**

**€356m**
**Iasachtaí ar tacaíodh leo**

**3,913**
**Líon na FBManna ar tacaíodh leo in Éirinn**

## SCÉIMEANNA A SEOLADH IN 2023

Tá maoiniú **€1.2bn** á chur ar fáil trí **Scéim Ráthaíochta Creidmheasa na hÚcráine**



Tá maoiniú **€500m** á chur ar fáil tríd **an Scéim Iasachta Fáis agus Inbhuanaitheachta**



# RAON GEOGRAFACH SBCI

Líon iasachtaí: % de réir Réigiúin An bhliain go dtí an 31 Nollaig 2023

**6%** An tIarthuaisceart

**5%** An tOirthuaisceart

**10%** Lár na Tíre

**6%** An Lár-Iarthar

**9%** An tIarthar

**26%** An tOirthear

**21%** An tOirdheisceart

**17%** An tIardheisceart





**Ag cur le seachadadh ár Moil dhigitigh nua in 2022, cuireadh forbairtí breise ar an Mol i gcrích in 2023 mar a bhí beartaithe.**

Cuireann an t-ardán seo lenár gcumas digiteach, ag cuíchóiriú an phróisis iarratais ar ár dtáirgí iasachta agus ag cur ár n-idirghníomhaíocht dhigiteach le hiasachtóirí agus le gnólachtaí Éireannacha ar aghaidh.



**Tá raon leathan earnálacha ag baint leas as cistiú SBCI.**

**18%**
**Foirgníocht**



**17%**
**Trádáil Mórdhíola agus Miondíola**



**16%**
**Déantúsaíocht**





**14%**
**Talmhaíocht Foraoiseacht & Iascaireacht**

**13%**
**Iompar & Stóráil, Cóiríocht & Bia**



**13%**
**Tacaíocht Riaracháin, Ghairmiúil & Teicneolaíocht**



**6%**
**Eile**

**3%**
**Sláinte**

“Is iad na príomhchuspóirí straitéiseacha atá againn do 2020 - 2025 ná rochtain ar airgeadas a mhéadú, inbhuanaitheacht a chur chun cinn, agus FBManna a chumas.”

# RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH

**Bhí coinníollacha margaidh an-éilitheach ann in 2023. D'imir costais mhéadaithe ionchuir, timthriall marthanach rátaí úis, agus aistarraingt chéimnithe tacaíochtaí paindéime tionchar ar FBManna agus ar thomhaltóirí.**

Agus borradh tagtha ar ghníomhaíocht eacnamaíoch agus ar infheistíocht ghaolmhar ó ghnólachtaí le linn 2022, tháinig ardú ar leibhéil fáis le linn 2023 de réir mar a bhí gnólachtaí ag plé lena bpleananna infheistíochta don todhchaí, agus thosaigh beartais náisiúnta, lena n-áirítear an Plean Gníomhaíochta Aeráide, ag dul i bhfeidhm ar a bpleanáil straitéiseach sa todhchaí.

Le linn 2023, d'fhan SBCI gníomhach laistigh de mhargadh na hÉireann, go príomha trí dhá scéim nua iasachtaí do ghnólachtaí, agus pleanáil agus infheistíocht á déanamh don todhchaí chomh maith leis sin.

Tá tábhacht ar leith ag baint le ról SBCI ag na céimeanna is deacra den timthriall eacnamaíoch nuair a bhíonn tacaíocht bhreise de dhíth ar ghnólachtaí agus iasachtóirí Éireannacha.

## STRAITÉIS AGUS FEIDHMÍOCHT

Is iad na príomhchuspóirí straitéiseacha atá againn do 2020 - 2025 ná rochtain ar airgeadas a mhéadú, inbhuanaitheacht a chur chun cinn, agus FBManna a chumasú chun fás agus dul chun cinn a dhéanamh. Ar bhonn ráithiúil le linn 2023, rinne Bord SBCI athbhreithniú foirmiúil ar dhul chun cinn i gcoinne na KPIanna a thacaíonn leis na cuspóirí seo. Leanann ár straitéis ag díriú an Bhoird agus fhoireann SBCI ar chomhghuaillíochtaí straitéiseacha a thógáil le príomhpháirtithe gnó agus páirtithe leasmhara reatha agus ionchasacha, a bhfuilimid ag brath orthu chun ár sainordú a chur i bhfeidhm.

Ag SBCI, chuireamar ár dtosaíochtaí i bhfeidhm go láidir. Rinneadh an dul chun cinn seo i gcomhthéacs eacnamaíoch a raibh méadú carnach 2% curtha ag an mBanc Ceannais Eorpach ar rátaí úis i rith na bliana, agus é ag iarraidh boilsciú Limistéar an Euro a thabhairt faoi smacht.

Le tacaíocht ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, agus ó Ghrúpa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta, rinne SBCI leathnú ar raon na scéimeanna iasachta um chomhroinnt riosca atá ar fáil do ghnólachtaí Éireannacha.

Rinneamar dul chun cinn freisin ar an Scéim Iasachta um Uasghrádú Fuinnimh Tí (HEULS) a fhorbairt, ag dul i mbun comhaontú frithráthaíochta leis an gCiste Eorpach Infheistíochta go déanach in 2023 agus comhaontú comhoibrithe foirmiúil leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide go luath in 2024. Tugann an scéim cheannródaíoch seo, a seoladh go luath in 2024, rochtain ar rátaí úis níos ísle d'úinéirí tí chun an infheistíocht in uasghrádú éifeachtúlachta fuinnimh ar a dtithe a mhaoiniú agus, trína chomhtháthú leis an Scéim Náisiúnta Iarfheistithe Tithíochta atá ann cheana féin, tacaíonn sí le spriocanna Phlean Gníomhaíochta Aeráide an Rialtais a sheachadadh.

## AG TACÚ LE FMBanna IN ÉIRINN

I rith 2023, áiríodh lenár sraith tacaíochtaí creidmheasa iasachtaí solúbtha ar chostas íseal chun déileáil le costais mhéadaithe ionchuir agus tacú le hinfheistíocht fhadtéarmach straitéiseach ag FBManna, le fócas ar leith ar ghníomhaíocht aeráide agus infheistíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. Seoladh Scéim Ráthaíochta Creidmheasa na hÚcráine (UCGS), a dearadh chun aghaidh a thabhairt ar thionchar na coinbhleachta san Úcráin ar ghnólachtaí agus ar Ghnóthais Bheaga agus ar Chuideachtaí Meánchaipitlithe Beaga, i mí Eanáir 2023 agus beidh sé ar fáil go dtí deireadh 2024.

I mí Mheán Fómhair 2023, mar fhreagra ar bhearna leanúnach i margadh na n-iasachtaí do ghnóthais bheaga agus mheánmhéide d'iasachtaí infheistíochta neamhurraithe níos fadtéarmaí, sheol SBCI an Scéim Iasachta Fáis agus Inbhuanaitheachta (GSLS) de €500m, le híosmhéid 30% den scéim seo dírithe ar infheistíocht ag FBManna in infheistíochtaí a bhaineann le gníomhú ar son na haeráide.

Is é ár bhfócas soiléir ná tacaíocht dhifreáilte iasachtaithe a sholáthar do ghnólachtaí Éireannacha, agus tá ár gcomhpháirtithe iasachtaithe ar aghaidh ríthábhachtacha chun an sainordú seo a sheachadadh. San iomlán, tacaíonn foireann SBCI le 39 iasachtóir ar aghaidh faoi láthair a chlúdaíonn riachtanais mhaoinithe FBManna ó ghnólachtaí micreachaipitlithe agus meánchaipitlithe.

## AN BORD

Tháinig Bord SBCI le chéile deich n-uaire, agus reáchtáladh 11 chruinniú de Choiste an Bhoird i rith na bliana. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do thiomantas láidir mo chomh-Stiúrthóirí reatha agus iar-Stiúrthóirí de chuid SBCI le linn 2023.

Stiúraigh Barbara Cotter an Bord le scil agus gairmiúlacht iontach ón am a ceapadh ina Cathaoirleach in 2019 í go dtí gur éirigh sí as i mí Feabhra 2024. D'éirigh le Barbara an Bord a threorú trí thréimhse inar leathnaíodh SBCI go mór ó thaobh líon agus castacht na scéimeanna agus na n-iasachtóirí ar aghaidh a bhfuil SBCI ag plé leo anois, agus is cailliúint mhór a cuid díograis.

> "Leanfaimid de bheith tiomanta do réitigh insroichte maoinithe agus smaoinimh chun cinn a chur ar fáil a chumasaíonn gnólachtaí a bheith rathúil i dtírdhreach gnó atá ag athrú de shíor."

## SÚIL CHUN CINN

Is dúshlánach fós iad na cúinsí gnó do go leor gnólachtaí in Éirinn. Is ríthábhachtach gan an tábhacht a bhaineann le tacaíocht airgeadais agus neamhairgeadais do ghnólachtaí a mheas faoina luach. Mar Chathaoirleach, tuigim go rí-mhaith riachtanas an mhargaidh atá ann don SBCI agus táimid fós réidh le gníomhú chun tacú le rochtain ar airgeadas do ghnólachtaí Éireannacha, áit a bhfuil bearnaí sa mhargadh creidmheasa.

Don bhliain 2024 agus ina dhiaidh sin, táimid fós dóchasach faoi thodhchaí gnólachtaí in Éirinn. De réir mar a thagann an geilleagar domhanda chuige féin arís agus cúinsí an mhargaidh á gcobhsú, is dócha go dtiocfaidh méadú ar na deiseanna fáis agus forleathnaithe. Leanfaidh SBCI ar aghaidh ag cur ár n-oibríochtaí in oiriúint chun tacú le riachtanais airgeadais ghnólachtaí in Éirinn.

Mar fhocal scoir, ba léiriú í 2023 ar ár n-athléimneacht, ár dtiomantas agus ár gcumas dul i ngleic le cúinsí dúshlánacha an mhargaidh. Thar ceann Bhord agus fhoireann SBCI, gabhaimid buíochas lenár gcomhpháirtithe luachmhara iasachtaithe ar aghaidh, lenár gcomhghleacaithe sna ranna rialtais a mbímid ag obair go dlúth leo, agus lenár gcomhpháirtithe tionscail as a dtacaíocht leanúnach.

Thar ceann an Bhoird, ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil leis an Aire Airgeadais Michael McGrath TD, agus lena chomhghleacaithe sa Roinn Airgeadais as a gcomhoibriú leanúnach agus a dtacaíocht do SBCI. Cabhraíonn a n-ionchur agus a dtreoir lena chinntiú go bhfuil ár sainordú á chur i bhfeidhm againn agus go dtacaímid le seachadadh tosaíochtaí beartais náisiúnta.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil chomh maith lenár bPríomhfheidhmeannach June Butler agus lenár bhfoireann go léir in SBCI. Is féidir le gach aon duine a oibríonn in SBCI a bheith bródúil as an tacaíocht a thugaimid do ghnólachtaí in Éirinn, gnólachtaí atá i gcroílár phobail agus gheilleagar na hÉireann.

**Patrick Delaney**
*Cathaoirleach*



“I rith na bliana, thacaigh SBCI le 3,913 gnólacht, trí iasachtaí €356m a chur ar fáil faoi scéimeanna ráthaíochta comhroinnte riosca agus trí mhaoiniú ar chostas íseal.”

# ATHBHREITHNIÚ AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNACH

**Bhí dúshláin roimh an ngeilleagar domhanda agus geilleagar na hÉireann araon in 2023. Tagann ról SBCI chun cinn in amanna mar sin. Cuirimid deiseanna ar fáil do ghnólachtaí Éireannacha infheistíocht agus fás a dhéanamh, rud a chruthaíonn gníomhaíocht eacnamaíoch bhreise ar fud na hÉireann, trí airgeadas ar chostas íseal a sholáthar trí sholáthraithe airgeadais seanbhunaithe agus nuabhunaithe. Oibrímid ar bhealach solúbtha, rud a chiallaíonn go ndéantar ár ról maidir le tacú le rochtain ar airgeadas a oiriúnú do na cúinsí eacnamaíocha atá i réim, agus táimid réidh le pé rud atá ag teastáil a dhéanamh le linn an timthrialla eacnamaíoch.**

Agus rátaí boilscithe ag ardú, ag scroicheadh na buaice i dtreo dheireadh na bliana, chomh maith le rátaí úis ag ardú, thainig an-athrú ar chúinsí eacnamaíocha do go leor gnólachtaí le linn 2023. Bhí dúshláin roimh iasachtóirí chomh maith agus iad ag oiriúnú a bpraghsanna iasachta mar fhreagra ar mhéadú leanúnach ar rátaí úis tagartha an Bhainc Cheannais Eorpaigh (BCE). Mar thoradh ar na méaduithe ar rátaí úis ag BCE, ag tosú i mí an Mheithimh 2022, bhí buaicráta tagartha BCE ag 4.5% faoi Mheán Fómhair 2023, an leibhéal is airde ó seoladh an euro. Bhí tionchar ag na hathruithe seo, a tugadh isteach chun dul i ngleic le leibhéil arda boilscithe ar fud an AE, ar shreafaí airgid agus ar inghlacthacht infheistíochta ghnólachtaí na hÉireann.

## FORBHREATHNÚ AR FHEIDHMÍOCHT

Ba léir fós an ábharthacht agus an riachtanas a bhaineann le hiasachtú gnó arna thacú ag an Stát le linn 2023 nuair a seoladh an UCGS agus an GSLS in Eanáir agus Meán Fómhair 2023, faoi seach. Bhí an maoiniú a chuirtear ar fáil trí na scéimeanna seo ina chabhair do ghnólachtaí in Éirinn chun oiriúnú, nuáil agus fás a dhéanamh trí thimpeallacht eacnamaíoch luaineach.

Cuireann an Scéim Iasachta um Éifeachtúlacht Fuinnimh (EELS), an UCGS, agus an GSLS, maoiniú iasachta spriocdhírithe ar fáil trí chomhcheangal de ráthaíochtaí Stáit agus ráthaíochtaí Eorpacha.

Seoladh an Scéim Iasachta um Éifeachtúlacht Fuinnimh isteach sa mhargadh i mí Iúil 2022 agus cuireadh in oiriúint é do ghnóthais a bhí ag infheistiú i dtrealamh atá tíosach ar fhuinneamh chun a gcuid billí fuinnimh a laghdú. Dúnadh an Scéim Iasachta um Éifeachtúlacht Fuinnimh d'iarratais nua ar an 31 Nollaig 2023.

Ó seoladh é i mí Eanáir 2023, tá an UCGS is fiú €1.2bn é á oibriú ag SBCI thar ceann na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.Léiríonn glacadh leanúnach na scéime éifeachtacht na tacaíochta seo chun gnólachtaí a chumasú chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin, lena n-áirítear costais mhéadaithe a tharla mar gheall ar an gcogadh san Úcráin.

Seoladh an GSLS, comharba ar an Scéim Iasachta d'Fhás sa Todhchaí (FGLS), ar an margadh i Meán Fómhair 2023. Tacaíonn an GSLS go sonrach le gnólachtaí atá ag iarraidh infheistíocht a dhéanamh i mbearta inbhuanaitheachta aeráide agus comhshaoil. Maoineoidh íosmhéid 30% den scéim seo infheistíocht in inbhuanaitheacht comhshaoil, ag soláthar lascaine breise ar an ráta úis ar na hiasachtaí sin, agus maoineoidh an chuid eile gnólachtaí a dhéanann infheistíocht i bhfás a ngnó amach anseo.

Bhain an EELS agus an GSLS araon tairbhe as ráthaíochtaí ar leith arna gcur ar fáil ag an gCiste Eorpach Infheistíochta. Tá SBCI buíoch as an tacaíocht leanúnach a fhaightear ó Ghrúpa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta agus ón gCoimisiún Eorpach maidir le frithráthaíochtaí a thairiscint chun tacú lenár scéimeanna.

Lean foireann SBCI ag forbairt caidrimh lenár n-iasachtóirí ar aghaidh. Soláthraímid leachtacht ar chostas íseal isteach sa mhargadh airgeadais do FBManna faoi láthair trínár gcomhpháirtithe iasachta neamhbhainc ónar féidir le gnólachtaí rochtain a fháil ar mhaoiniú ar chostas níos ísle nach mbeadh ar fáil dóibh murach sin.

Léiríonn torthaí airgeadais SBCI do 2023 caillteanas oibriúcháin €1.826 milliún, i gcomparáid le caillteanas €2.356m sa bhliain roimhe sin. Is é an méadú ar rátaí úis atá ina chúis leis an aistriú go brabúsacht. I measc fachtóirí breise a raibh tionchar acu ar leibhéil ioncaim, bhí táillí a fuarthas ó Ranna Rialtais le haghaidh scéimeanna atá á mbainistiú.

> “Is iad ár bhfostaithe is bonn le fiúntas SBCI. Mar atá amhlaidh i gcás a lán eagraíochtaí eile, tá sé ina thosaíocht fós againn daoine tréitheacha a mhealladh agus a choinneáil.”

## ÁR gCUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA

Tá dul chun cinn maith déanta againn go dtí seo maidir le tionchar margaidh a sheachadadh trínár gcláir iasachtaithe.

Áiríodh lenár bpróiseas athbhreithnithe straitéisigh 2023 athbhreithniú margaidh agus anailís ar an gcomhshaol seachtrach, mar aon le rannpháirtíocht lenár bpríomhpháirtithe leasmhara agus gnólachtaí Éireannacha. Tríd an athbhreithniú seo, táimid tar éis ár bhfís maidir le tacú le forbairt eacnamaíoch in Éirinn a athdhearbhú trí rochtain mhéadaithe ar airgeadas a spreagadh agus ár misean chun tacú le fás, rathúnas, agus an t-aistriú chuig inbhuanaitheacht trí iomaíocht a thiomáint, nuálaíocht a chumasú, agus rochtain ar airgeadas i margadh creidmheasa na hÉireann a fheabhsú.

Is é fócas ár straitéise ESG an tionchar dearfach comhshaoil agus sóisialta atá againn ar an bpláinéid agus ar ár bpáirtithe leasmhara a uasmhéadú, lena n-áirítear ár gcustaiméirí, ár bhfostaithe, agus na pobail ina n-oibrímid. Is cuid lárnach dár straitéis fhadtéarmach mar eagraíocht é ár straitéis ESG a chomhtháthú lenár gcinnteoireacht, ar léiríodh i rith 2023 nuair a seoladh an GSLS a sholáthraíonn iasachtaí ar chostas íseal chun tacú le FBManna infheistíocht a dhéanamh san aistriú chuig an eagraíocht fás ísealcharbóin atá inbhuanaithe go heacnamaíoch.

## ÁR bhFOIREANN

Is iad ár bhfostaithe is bonn le fiúntas SBCI. Mar atá amhlaidh i gcás a lán eagraíochtaí eile, tá sé ina thosaíocht fós againn daoine tréitheacha a mhealladh agus a choinneáil. Trínár bhfócas ar fhorbairt gairme, sláinte agus folláine, éagsúlacht, cuimsiú agus rannpháirtíocht fostaithe, cinnteoimid go mbeidh SBCI fós ina áit iontach oibre.

## AG FÉACHAINT AR AN AM ATÁ LE TEACHT

Agus muid ag féachaint ar aghaidh chuig 2024, leanfaidh SBCI de tháirgí a thairiscint ar an margadh a thugann aghaidh ar na príomhdhúshláin atá roimh ghnólachtaí Éireannacha, amhail tionchair eacnamaíocha an chogaidh san Úcráin agus an gá atá le tuilleadh gníomhaíochta ar son na haeráide agus an t-aistriú chuig geilleagar glanastaíochtaí carbóin nialasacha.

Go luath in 2024, chuir SBCI iasachtóirí ar aghaidh nua leis an UCGS agus leis an GSLS araon, ag cur leis na roghanna atá ar fáil d'iasachtaithe faoin dá scéim.

Leanfaimid orainn ag forbairt caidrimh agus ag dul i dteagmháil le comhpháirtithe ionchasacha iasachta amach anseo chun a chinntiú go mbeidh éagsúlacht níos fearr ó thaobh roghanna maoinithe iomaíocha ar fáil do FBManna. Áireofar leis na roghanna sin iasachtaí téarma, fruilcheannach, léasú sócmhainní, airgeadas sonraisc, agus airgeadas glas.

Sheol SBCI an Scéim Iasachta um Uasghrádú Fuinnimh Tí go luath in 2024. Tá an scéim seo dírithe ar úinéirí tí atá ag iarraidh éifeachtúlacht fuinnimh a réadmhaoine a fheabhsú. D'oibríomar go dlúth leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann, in éineacht le páirtithe leasmhara eile lena n-áirítear Grúpa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta, chun an táirge seo a thabhairt chuig an margadh.

Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil leis an Aire Airgeadais agus lena fhoireann sa Roinn Airgeadais as a rannpháirtíocht agus a dtacaíocht le bliain anuas. Tá a gcomhoibriú agus a dtreoir fíorluachmhar dúinn agus cabhraíonn siad linn ár bpríomhthosaíochtaí a sheachadadh ar bhonn leanúnach.

Is mór agam cruthaitheacht, tiomantas agus comhoibriú leanúnach fhoireann SBCI agus an Bhoird maidir le seachadadh dár Scairshealbhóir, don Aire Airgeadais, don Roinn Airgeadais, dár ngrúpa níos leithne de pháirtithe leasmhara agus, ar an rud is tábhachtaí, do na gnólachtaí agus na pobail ar fud na hÉireann a bhfuilimid anseo chun tacú leo.

**June Butler**
*Chief Executive Officer*





# MAR A OIBRÍMID

**Bunaithe in 2014 mar institiúid náisiúnta na hÉireann um chur chun cinn, baineann SBCI leas as maoiniú Náisiúnta agus Eorpach agus as tacaíochtaí eile chun creidmheas ar chostas íseal agus níos fadtéarmaí a chur ar fáil do FBManna Éireannacha.**

Is é ár straitéis tacú le forbairt agus cothabháil margaidh éifeachtaigh chun creidmheas a sholáthar do FBManna in Éirinn, agus ag an am céanna ár gcumas freagartha a choimeád maidir le freagairt d'asáitiú margaidh agus riachtanais seachadta beartais an rialtais.

Cuirimid deiseanna ar fáil do ghnólachtaí Éireannacha infheistíocht agus fás a dhéanamh, rud a chruthaíonn gníomhaíocht den phost eacnamaíoch bhreise ar fud na hÉireann, trí airgeadas ar chostas íseal a sholáthar trí sholáthraithe airgeadais seanbhunaithe agus nuabhunaithe.

San iomlán, bíonn ár dtacaíochtaí creidmheasa FBM ar fáil trí chomhpháirtíochtaí le 39 comhpháirtí maoinithe.

Déanann foireann SBCI na tacaíochtaí airgeadais seo a dhearadh agus a sheachadadh i gcomhpháirtíocht le ranna Rialtais, an Banc Eorpach Infheistíochta, an Ciste Eorpach Infheistíochta, agus ár gcomhpháirtithe iasachta ar aghaidh.







European Investment Bank
#BelieveInSmall
Rialtas na hÉireann
Government of Ireland
SBCI
Anseo chun gnó a fhorbairt
Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann
Here to build business
Strategic Banking Corporation of Ireland
COMHAR CREIDMHEASA
SOLÁTHRAÍ AIRGEADAIS

# ÁR STRAITÉIS

**In 2023 rinne SBCI athbhreithniú bliantúil ar ár bPlean Straitéiseach 2020-2025. Áiríodh leis an athbhreithniú seo anailís ar an timpeallacht eacnamaíoch reatha agus ar mhargadh iasachtaithe na hÉireann agus lorgaíodh tuairimí ár bpríomhpháirtithe leasmhara.**



Dheimhnigh an t-athbhreithniú go bhfuil ár gcolúln agus ár gcuspóirí straitéiseacha fós ábhartha. Thugamar tosaíocht do tháirgí agus tionscnaimh shonracha a sheachadadh in 2024, mar fhreagra ar aiseolas ó gheallsealbhóirí, tosaíochtaí beartais rialtais, agus riachtanais infheistíochta FBManna.

## ÁR bhFÍS

Tacú le forbairt gheilleagrach in Éirinn trí rochtain mhéadaithe ar mhaoiniú a spreagadh.

## ÁR MISEAN

Tacú le fás, rathúnas, agus an t-aistriú chuig inbhuanaitheacht, trí iomaíochas a spreagadh, nuálaíocht a chumasú, agus rochtain ar mhaoiniú a fheabhsú i margadh creidmheasa na hÉireann.

## ÁR dTÉAMAÍ TIONCHAIR

- Rochtain ar mhaoiniú a mhéadú
- Inbhuanaitheacht a chur chun cinn
- FBManna a chumasú le fás agus forbairt

## ÁR gCUMASÓIRÍ

- Leas a bhaint as digitiú agus sonraí
- Branda, léargais agus caidrimh a chothú
- Tacú lenár ndaoine ionas go ndéanfaidh siad difríocht
- Airgead na gCáiníocóirí a Bhainistiú go hÉifeachtach
- Bainistíocht riosca láidir agus éifeachtach

## ÁR bPRÍOMHRÉIMSÍ FÓCAIS

Aithníonn SBCI bearnaí maoinithe i margadh creidmheasa na hÉireann, agus oibrímid go dlúth lenár bpríomhpháirtithe leasmhara agus lenár gcomhpháirtithe gnó chun píblíne de réitigh nuálacha a fhorbairt chun na bearnaí sin a líonadh, ag cabhrú le gnólachtaí Éireannacha rochtain a fháil ar an airgeadas a theastaíonn uathu chun infheistíocht a dhéanamh ann agus a gcuid gnó a fhás.

Cuirimid inbhuanaitheacht agus Plean an Rialtais um Ghníomhú ar son na hAeráide chun cinn trí infheistíochtaí glasa a mhaoiniú agus trí chabhrú le gnólachtaí aistriú go glan-nialas, ionas gur féidir leo a bheith rathúil i dtodhchaí ghlas.

Cinntímid gur féidir le gnólachtaí Éireannacha teacht ar na tacaíochtaí a chuirtear i bhfeidhm ag leibhéal Náisiúnta agus AE agus leanaimid ag cur le líon na n-iasachtóirí ar aghaidh a dháileann ár réitigh, chun iomaíocht a mhéadú i margadh na hÉireann.

Sheol SBCI dhá tháirge nua in 2023:

- Seoladh Scéim Ráthaíochta Creidmheasa na hÚcráine i mí Eanáir 2023.
- Seoladh an Scéim Iasachta Fáis agus Inbhuanaitheachta i Meán Fómhair 2023.

# SCÉAL GNÓ



**Ainm na Cuideachta:**
Weatherglaze Systems Ltd

**Earnáil:** Earnáil na Tógála

**Suíomh:** Loch Garman

**Cuspóir:** Infheistíocht i Nuáil Próisis

**Eolas faoin nGnó:** Is gnó teaghlaigh é Weatherglaze ar leis an teaghlach Dempsey é ó bhí 1987 ann, agus ina bhfuil thart ar 70 duine fostaithe. Tá stair fhada rathúil acu maidir le fuinneoga agus doirse PVCu, slándáil tí agus fuinneoga coigilte fuinnimh a sholáthar le beagnach 40 bliain anuas.

"Tá riachtanas airgeadais síoraí ann i gcónaí. Tá an méid is mó airgid is féidir a fháil ag teastáil uainn is dócha. Ba mhaith linn an gnólacht a mhéadú tuilleadh agus tuilleadh cistí a Fháil, más féidir. Tagann sé go léir le chéile trí airgeadas."

## AG FÉACHAINT CHUN CINN - ÁR bhFÓCAS DO 2024

Agus muid ag druidim le 2024 is é ár bpríomh-shainordú fós ná tacaíocht a sholáthar do ghnóthaí Éireannacha áit a bhfuil bearnaí maoinithe, rochtain a fháil ar an airgeadas atá ar fáil trí fhoinsí AE agus Rialtais, agus iomaíocht a mhéadú i margadh na hÉireann trínár gcuid táirgí a dháileadh trí raon méadaitheach de tháirgí ar- iasachtóirí. Leanfaimid orainn ag tabhairt tacaíochta maoinithe do na nithe seo a leanas:

- Gnólachtaí a ndeachaigh an cogadh i bhfeidhm orthu san Úcráin trí fheidhmiú leanúnach a bhaint as an UCGS.
- Gnólachtaí atá ag iarraidh infheistíocht a dhéanamh i nuálaíocht chun fás gnó agus buntáiste iomaíoch a thiomáint trí fheidhmiú leanúnach a bhaint as an GSLS.

Go luath in 2024, sheolamar an Scéim Iasachta um Uasghrádú Fuinnimh Tí chun tacú le húinéirí tí ar mian leo éifeachtúlacht fuinnimh a dtithe a fheabhsú.

Leanfaimid ag dearadh, ag forbairt agus ag seoladh táirgí nua atá ag teacht le beartais agus tosaíochtaí an rialtais, agus a dhúnann bearnaí aitheanta sa mhargadh creidmheasa.

Freagróimid go tapa d'imeachtaí margaidh gan choinne a d'fhéadfadh teacht chun cinn agus muid ag leanúint ar aghaidh ag seachadadh bearta beartais an rialtais.



Tagann 13 Chomhar Creidmheasa isteach i Scéim Ráthaíochta Creidmheasa na hÚcráine. Tá Airí Stáit ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta; an Roinn Airgeadais; an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara; Príomhfheidhmeannach SCBI agus Ceannaire Iasachta SBCI i láthair leis.

# TUAR COMHSHAOIL, SÓISIALTA AGUS RIALACHAIS (ESG)

**Chuir SBCI ár gcéad straitéis ESG i bhfeidhm in 2023. Tá an straitéis ESG atá againn dírithe ar an tionchar dearfach is fearr is féidir a imirt, i dtaobh gnéithe comhshaoil agus gnéithe sóisialta, ar an bpláinéid agus ar ár bpáirtithe leasmhara, lena n-áirítear ár gcustaiméirí, ár bhfostaithe, agus na pobail ina n-oibrímid.**

## ÁR gCOLÚIN ESG

### Comhshaol

- Tionchar ár n-oibríochtaí féin
- Tionchar ár ngníomhaíochtaí maoinithe

### Cuimsiú sóisialta

- Tionchar ar fhostaithe
- Tionchar ar chustaiméirí
- Tionchar ar phobail

### Rialachas

- Éagsúlacht agus struchtúr láidir Boird
- Tomhas agus tuairisciú trédhearcach
- Bainistíocht riosca chomhtháite

Is cuid lárnach den straitéis fhadtéarmach atá againn mar eagraíocht é tosca ESG a chomhtháthú sa chinnteoireacht a dhéanaimid.



## DUL CHUN CINN GO DTÍ SEO

### Comhshaol

#### *Gníomhaíochtaí Iasachta*

- Tacaíonn SBCI le Plean Gníomhaíochta an Rialtais ar son na hAeráide trí thacaíochtaí maoinithe an AE agus an Rialtais a ghiaráil agus trí scéimeanna iasachta a chruthú chun infheistíocht FBManna san aistriú glas a éascú.
- Soláthraíonn an GSLS, ar fiú €500m é agus a seoladh in 2023, iasachtaí ar chostas íseal chun tacú le hinfheistíocht ghnó san aistriú glas i dtreo fás ísealcharbóin atá inbhuanaithe ó thaobh an gheilleagair de.
- Tacaíonn an Scéim Iasachta Uasghrádaithe Fuinnimh Tí ar fiú €500m é agus a seoladh go luath in 2024 é le húinéirí tí agus le tiarnaí talún beaga ar mian leo infheistíocht a dhéanamh in éifeachtúlacht fuinnimh a réadmhaoine cónaithe.

#### *Sainordú na hEarnála Poiblí um Ghníomhú ar son na hAeráide*

Oibríonn SBCI go dlúth le GBCN chun dualgais chomhlachtaí earnála poiblí a chomhlíonadh faoi Shainordú na hEarnála Poiblí um Ghníomhú ar son na hAeráide, atá leagtha amach i bPlean an Rialtais um Ghníomhú ar son na hAeráide do 2023. De réir an tsainordaithe seo, chuir GBCN agus a chleamhnaithe Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide isteach i R3 2023. Tá an Treochlár seo foilsithe ar shuíomh gréasáin GBCN: https://www.ntma.ie/about-the- ntma/sustainability-and-climate-action

Tá sonraí sa Sainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide agus i dTuarascáil Bhliantúil GBCN maidir leis na nithe seo a leanas:

- Astaíochtaí GCT – oibleagáidí, spriocanna, agus bealach chuig glan-nialas;
- cur i bhfeidhm an tsainordaithe;
- tuairisc maidir le gníomhaíochtaí inbhuanaitheachta; agus
- I gcomhréir le Ciorclán 1/2020: Nósanna imeachta chun na hastaíochtaí a bhaineann le taisteal oifigiúil aeir a fhritháireamh.

Leagtar amach thíos roinnt gníomhartha a luaitear sa treochlár:

**1/3**

**d'fhostaithe ag siúil nó ag rothaíocht chun na hoibre**

#### *Ár nDaoine - Rannpháirtíocht agus Oiliúint*

Tá tacaíocht fhoirmiúil oideachais agus oiliúna inbhuanaitheachta á cur ar fáil d'fhostaithe SBCI mar chuid de Chlár Foghlama agus Forbartha GBCN go ginearálta.

#### *Ár Slí Oibre*

Is ball cleamhnaithe é SCBI de Ghrúpa Inbhuanaitheachta GBCN, a dhéanann maoirseacht ar Straitéis Ghníomhaíochta Aeráide GBCN agus a éascaíonn comhoibriú tras-aonaid ar ghníomhaíochtaí a bhaineann leis an aeráid, lena n-áirítear Plean Oibre Gníomhaíochta Aeráide na hEarnála Poiblí a sheachadadh.

Tá ionadaíocht ag SBCI ar an bhFoireann Ghlas atá faoi stiúir fhostaithe GBCN agus a thacaíonn le haidhm GBCN a bheith ina cheannaire aitheanta i gcleachtais inbhuanaithe san ionad oibre in Éirinn agus a chabhraíonn le hiompraíochtaí nua atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil a neadú i measc na bhfostaithe go léir. Aithníonn SBCI an méid is féidir léi a dhéanamh trí laghdú a dhéanamh ar ár lorg carbóin eagraíochtúil agus trí thacú lenár bhfostaithe stíl mhaireachtála ísealcharbóin a ghlacadh trí raon tionscnamh inbhuanaitheachta.

### *Ár gcuid Foirgneamh agus Feithiclí*

Feidhmíonn SBCI ó Dhuga an Státchiste, Cé an Phoirt Thuaidh, Baile Átha Cliath 1, ag áitiú 3.37% den achar urláir iomlán. Tá caighdeáin rátála fuinnimh LEED 2009 Platanam agus BER A3 bainte amach ag an bhfoirgneamh. I dTuarascáil Éifeachtúlachta Fuinnimh GBCN, sonraítear úsáid fuinnimh san fhoirgneamh agus foilsítear í le Treochlár GBCN um Ghníomhú ar son na hAeráide.

Tá go leor gnéithe inbhuanaithe ag an bhfoirgneamh lena n-áirítear córas feidhmíochta agus optamaithe córais tógála, a chumasaíonn deiseanna coigilte fuinnimh a aithint agus a chur i bhfeidhm, bailiú báistí le haghaidh úsáid uisce liath, soilsiú LED agus solas an lae agus braiteoirí láithreachta chun éifeachtúlachtaí soilsithe a bhainistiú.

Téann aon trian de na fostaithe chun na hoibre ar rothar nó de shiúl na gcos. Dearadh Duga an Státchiste mar fhoirgneamh atá oiriúnach do rothair agus tá níos mó ná 300 spás rothar ann. Glacann SBCI páirt i Scéim Rothaíochta chun na hOibre GBCN a chumasaíonn agus a spreagann fostaithe rothaíocht chun na hoibre agus abhaile uaithi. Tá pointí luchtaithe ann le haghaidh rothair agus scútair leictreacha, chomh maith le stáisiún cothabhála rothar.

### *Úsáid Acmhainní*

Tá roinnt beart déanta ag SBCI cheana féin chun digitiú próisis pháipéarbhunaithe a bhaint amach agus a chur i bhfeidhm go rathúil le bunú Mhol SBCI agus samhail oibre hibrideach rathúil:

- Tugadh ríomhairí glúine nua lena mbaineann saolré ceallraí níos faide don fhoireann ar fad.
- Tá Microsoft Teams tugtha isteach chun mol digiteach a chruthú le haghaidh obair foirne le cumas comhrá, comhoibriú, comhúdarú doiciméad, comhroinnt scáileáin, físchomhdháil agus closchomhdháil a dhéanamh.

Tacaíonn na tionscnaimh nua seo le samhail oibre hibrideach SBCI, éascaíonn siad oibriú cliste sa bhaile agus san oifig agus laghdaítear an gá le priontáil a dhéanamh.

### *Priontáil*

Déanann SBCI monatóireacht ar staitisticí priontála agus leanann laghdú suntasach ar an méid atá á phriontáil. Úsáideann SBCI páipéar athchúrsáilte agus neamhthuartha.

### *Soláthar Poiblí Glas*

Tá critéir ghlasa le haghaidh roghnúcháin agus dámhachtana á dtabhairt isteach ar bhonn céimnithe de réir an Phlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide, agus úsáidtear an treoir foilsithe um Sholáthar Poiblí Glas nuair is cuí.



## Cuimsiú sóisialta

### *Cuimsiú & Éagsúlacht*

- Aithníonn SBCI go bhfuil ionad oibre ilchineálach agus cuimsitheach mar bhunús le haghaidh nuálaíochta, smaointeoireacht chruthaitheach agus cinnteoireachta; príomhfhachtóirí chun gnó rathúil a mhúnlú.
- Táimid tiomanta do chuimsiú agus éagsúlacht a chothú san ionad oibre, le leibhéil arda muiníne agus trédhearcachta ina mbraitheann daoine muintearas.
- Tá tuiscint níos doimhne ar dhúshláin shochaíocha, agus riachtanais eagraíochtúla agus fostaithe á bhforbairt trí pháirt a ghlacadh i gcomhpháirtíochtaí seachtracha comhoibríocha ar nós Club Éireann 30% agus an Fóram Gnó um Míchumas, agus trí aiseolas agus suirbhéanna fostaithe.
- Leanaimid de bheith ag díriú ar chuimsiú, éagsúlacht agus folláine a leabú laistigh dár straitéisí chun eagraíocht a thógáil a ionadaíonn an tsochaí agus ina bhfuil braistint láidir muintearas ag gach duine.



Próifíl inscne SBCI amhail an 31 Nollaig 2022:

| | Mná | Fir | Sprioc an Rialtais i leith gachinscne Sprioc* |
|---|---|---|---|
| **Bord** | 56% | 44% | 40% |
| **An Fhoireann Ardbhain-istíochta ta** | 60% | 40% | N/A |
| **Fostaithe Uile** | 48% | 52% | N/A |

** Is sprioc an Rialtais é ionadaíocht 40% ar a laghad de gach inscne a bhaint amach i mballraíocht na mBord Stáit, de réir an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit.*

## Rialachas

Mar Chomhlacht Stáit faoi lánúinéireacht, tá sé mar aidhm againn a chinntiú go leanaimid, go gcuirtear chun cinn agus go dtacaímid le cleachtais dhearfacha rialachais.

Táimid tiomanta do na caighdeáin is airde rialachais chorparáidigh a choinneáil ar aon dul leis an gcleachtas is fearr agus leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016). Tá tuilleadh eolais faoi conas é sin a dhéanamh leagtha amach inár ráiteas faoi rialachas corparáideach ar leathanach 32.

# SCÉAL GNÓ

**Ainm na Cuideachta:**
Think Projects Managed Ltd.

**Earnáil:** Trádáil Mhórdhíola & Mhiondíola

**Suíomh:** Baile Átha Cliath

**Cuspóir:** Caipiteal Oibre

**Eolas faoin nGnó:** Bunaíodh Think Projects Managed Limited i mí Dheireadh Fómhair 2017 agus baineann sé go sonrach le bainistíocht tionscadail priontála do ghnólachtaí, ag clúdach raon leathan ábhar agus méideanna priontála.

"D'athraigh saoráid SBCI an saol ar fad dúinn agus lig sé dúinn ár ngnó a mhéadú níos mó ná a raibh súil leis."

# ÁR bhFOIREANN

## RÉAMHRÁ

**Is iad ár ndaoine atá i gcroílár ár ngnó. Is bunús na heagraíochta iad. Agus iad comhoibríoch, fuinniúil agus nuálach, tá siad ríthábhachtach do sheachadadh ár straitéise.**

Tá sé ina thosaíocht i gcónaí againn tallann a mhealladh agus a choinneáil. Tríd an mbéim a chuirimid ar fhorbairt gairme, ar shláinte agus ar fholláine, ar éagsúlacht, ar chuimsiú agus ar rannpháirtíocht fostaithe, cinntímid go mbeidh SBCI i gcónaí ina áit iontach le hoibriú ann.

Bunaíodh ár gCoiste Rannpháirtíochta Fostaithe in 2021 agus cuireann sé fóram ar fáil do bhaill foirne le bheith páirteach i bhforbairt tionscnamh.

Tá ceithre phríomhréimse fócais ag an gCoiste:

- Folláine
- Foghlaim & Forbairt
- Rannpháirtíocht Sóisialta
- Obair dheonach

Seo a leanas cuid de na príomhthionscnaimh a chomhordaigh an grúpa seo le linn 2023:

- An Chéad Lá Inbhuanaitheachta d'Fhostaithe
- Comhordú ar imeachtaí tiomsaithe airgid
- Clár nochtadh Boird
- Clár meantóireachta
- Gníomhaíochtaí um neartú na foirniúlachta
- Seisiún Foghlama agus Forbartha a chomhordú




Comóradh 20 Bliain de Dhámhachtainí Gnó Beag Chumann na nGnólachtaí Beaga (SFA).



Oiliúint um neartú na foirniúlachta

## OBAIR DHEONACH SBCI

In 2023, thug baill d'fhoireann SBCI i gcomhar le GBCN, faoi Thuras Rothaíochta Carthanachta, ag tiomsú €17,000 don Together Academy, cumann carthanachta a bunaíodh chun tacú le daoine fásta óga a bhfuil Siondróm Down orthu fostaíocht a fháil sa tsochaí.

## LÁ INBHUANAITHE SBCI

Reáchtáladh ár gcéad Lá Inbhuanaitheachta d'Fhostaithe, dírithe ar fheasacht na bhfostaithe a chothú ar thionchar an athraithe aeráide ar an gcomhshaol agus gníomh pearsanta a spreagadh. Thug an fhoireann cuairt ar Ionad Dramhaíola go Fuinneamh Bhaile Átha Cliath, áit a bhfacamar mar a dhéileálann siad go hinbhuanaithe le dramhaíl nach féidir a úsáid nó a athchúrsáil, agus í a thiontú go fuinneamh in-athnuaite.

## GRÚPAÍ ACMHAINNÍ FOSTAITHE (ERGS)

Aithníonn SBCI an tábhacht a bhaineann le ERGanna agus spreagann sé fostaithe a dtuairimí a chur in iúl trí rannpháirtíocht sna grúpaí seo.

Tá baill foirne ag glacadh páirte i 12 ghrúpa fostaithe GBCN dírithe ar ábhair éagsúla lena n-áirítear:

- Foireann Feasachta Idirnáisiúnta agus Ilchultúrtha
- LADTA+ GBCN
- Foireann Nuálaíochta GBCN Connect
- Cúrsaí Inscne
- Thrive GBCN
- Foireann Glas
- Cuimsiú agus Éagsúlacht
- Mo Chuid Folláine
- Spóirt & Cúrsaí Sóisialta GBCN
- Cór GBCN
- Foireann Abhcóideachta Míchumais
- Coistí tras-Ranna agus Grúpaí Gníomhaireachta

## BEALAÍ OIBRE NÍOS FEARR

Ag teacht le Plean Gníomhaíochta Aeráide na hEarnála Poiblí, leanaimid ag forbairt ár mbealaí oibre, ag baint úsáide as samhail oibre hibrideach arna thacú ag digitiú ár bpróisis ghnó, arna chumasú ag an teicneolaíocht, agus tacaithe ag ár gCairt Foirne. Tá solúbthacht, Spiorad Foirne, Cumarsáid agus Teicneolaíocht mar bhunchlocha na Cairte.

## DUL CHUN CINN AGUS FORBAIRT GAIRME

Forbraíonn SBCI Plean Foghlama agus Forbartha foirmiúil gach bliain chun tacú le forbairt phearsanta ár ndaoine agus chun cabhrú le forbairt a dhéanamh ar scileanna nua a theastaíonn ón ngnó. Ghlac ár ndaoine páirt i raon leathan oiliúna forbartha in 2023.




Thuras Rothaíochta Carthanachta GBCN 2023

# ATHBHREITHNIÚ GNÓ

## SCÉIMEANNA RÁTHAÍOCHTA IASACHTA

I rith 2023, lean iarmhairtí eacnamaíocha an chogaidh san Úcráin le tionchar a imirt ar ghnólachtaí Éireannacha, trí phraghsanna arda fuinnimh agus dúshláin leanúnacha sa slabhra soláthair, agus iad ag déileáil freisin le rátaí úis a d'ardaigh de réir mar a leasaigh iasachtóirí a bpraghsanna iasachta mar fhreagra ar mhéaduithe iolracha i rátaí tagartha an Bhainc Ceannais Eorpaigh. Bhí tacaíocht stáit i bhfoirm scéimeanna iasachta ráthaíochta ríthábhachtach do ghnólachtaí Éireannacha chun cabhrú leo dul trí thionchair na dtreochtaí maicreacnamaíocha seo.

Trí chláir iasachta ar chostas íseal a sholáthar, mar an UCGS, d'oibrigh SCBI chun a chinntiú go bhféadfadh gnólachtaí rochtain a fháil ar an airgeadas a bhí de dhíth orthu chun fás, rathúnas agus aistriú go hinbhuanaitheacht. Leathnaíomar ár raon de scéimeanna ráthaíochta roinnte riosca do bhainc, do sholáthraithe airgeadais neamhbhainc agus do chomhair chreidmheasa a sholáthraíonn iasachtaí ar chostas íseal do ghnólachtaí Éireannacha.

Síneann sainordú náisiúnta na hÉireann chun astuithe carbóin a laghdú chuig gach gnóthas, agus táimid ag obair lena chinntiú gur féidir le gnólachtaí rochtain a fháil ar mhaoiniú le haghaidh infheistíochtaí ar féidir leo a gcostais agus a n-astaíochtaí carbóin a laghdú. Thacaigh seoladh an GSLS i Meán Fómhair 2023 leis an ngeilleagar agus é ag iarraidh an sprioc seo a bhaint amach. Tacaíonn cineál fadtéarmach na scéime, le hiasachtaí suas le 10 mbliana, le gnólachtaí a dhéanann infheistíochtaí fadtéarmacha a thacaíonn le fás a bhfiontar chomh maith.

## SCÉIM RÁTHAÍOCHTA CREIDMHEASA NA hÚCRÁINE

Ó seoladh é i mí Eanáir 2023, tá an UCGS is fiú €1.2bn é á oibriú ag SBCI thar ceann na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, agus na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara.

I rith 2023, cuireadh 2,054 tarraingt anuas iasachta dar luach €183m iad ar fáil do FBManna faoin UCGS. Léiríonn glacadh leanúnach na scéime éifeachtacht na tacaíochta seo chun gnólachtaí a chumasú chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin, lena n-áirítear costais mhéadaithe a tharla mar gheall ar an gcogadh san Úcráin. Thug líon na n-iasachtóirí ar aghaidh rannpháirteacha (bainc, soláthraithe airgeadais neamhbhainc agus comhair chreidmheasa) níos mó rogha d'iasachtaithe freisin.

Beidh an UCGS ar fáil ar an margadh go dtí an 31 Nollaig 2024.

### Príomhghnéithe

- Ar fáil do FBManna incháilithe, d'fheirmeoirí, d'iascairí, agus do FBManna agus le Cuideachtaí Meánchaipitlithe Beaga
- Iasachtaí ó €10,000 suas go €1m
- Téarma idir 3 mhí agus 6 bliana
- Iasachtaí neamhurraithe suas le €250,000
- Ráta athraitheach úis

### Is féidir leas a bhaint as iasachtaí le haghaidh

- Caipiteal Oibre
- Infheistíochtaí

## SCÉIM IASACHTA FÁIS AGUS INBHUANAITHEACHTA

Seoladh GSLS chuig an margadh in R3 2023.

Táthar ag súil gur rogha maoinithe an-éifeachtach é an GSLS le haghaidh ghnóthaí na hÉireann, trí rogha cistithe fhadtéarmach ar phraghas iomaíoch a thabhairt do ghnólachtaí na hÉireann.

Tacaíonn an GSLS go sonrach le gnólachtaí atá ag iarraidh infheistíocht a dhéanamh i mbearta inbhuanaitheachta comhshaoil atá deartha chun a bhfeidhmíocht a fheabhsú trí lascaine bhreise a sholáthar ar an ráta úis a thairgtear d'iasachtaithe. Maoineoidh íosmhéid 30% den scéim infheistíocht in inbhuanaitheacht chomhshaoil agus is féidir le FBManna a infheistíonn i bhfás a ngnó an chuid eile a úsáid.

Beidh an GSLS ar fáil ar an margadh go dtí an 30 Meitheamh 2026.

### Príomhghnéithe

- Ar fáil do FBManna incháilithe, d'fheirmeoirí, d'iascairí, agus do FBManna agus le Cuideachtaí Meánchaipitlithe Beaga
- Iasachtaí ó €25,000 suas go €3m
- Téarma idir 7 agus 10 mbliana
- Iasachtaí neamhurraithe suas le €500,000
- Ráta athraitheach úis
- Is féidir iasachtaí a úsáid le haghaidh infheistíochtaí fadtéarmacha

## AN SCÉIM IASACHTA UM ÉIFEACHTÚLACHT FUINNIMH

I mí Iúil 2022, d'fhorbair agus sheol SBCI an scéim EELS ar fiú €150m í chun cabhrú le gnólachtaí Éireannacha infheistíocht a dhéanamh i dtrealamh atá tíosach ar fhuinneamh chun a gcuid billí fuinnimh a laghdú.

Chuir an scéim airgeadas fadtéarmach ar fáil ar chostas íseal, ag rátaí úis laghdaithe, le haisíocaíochtaí suas le 10 mbliana. Lena sholúbthacht aisíocaíochta agus a infhaighteacht thar raon táirgí airgeadais éagsúla, ba é an comhoiriúnú is fearr do riachtanais mhaoinithe an ghnó.

Dúnadh an EELS ar an 31 Nollaig 2023.

### Príomhghnéithe

- Ar fáil do FBManna incháilithe, d'fheirmeoirí, d'iascairí, agus do FBManna agus le Cuideachtaí Meánchaipitlithe Beaga
- Iasachtaí ó €10,000 suas go €150,000
- Téarma idir 1 bhliain agus 10 mbliana
- Ráta athraitheach úis
- D'fhéadfaí iasachtaí a úsáid chun éifeachtúlacht fuinnimh an fhiontair a uasghrádú

## ROCHTAIN AR MHAOINIÚ A MHÉADÚ

I rith 2023, thacaíomar le €356m i gcistiú do 3,913 FBM trínár dtacaíochtaí comhroinnte riosca agus leachtachta. Seachadadh é seo trínár gcomhpháirtithe iasachta ar aghaidh lena n-áirítear bainc, iasachtóirí neamhbhainc, agus comhair chreidmheasa.

San UCGS, bhí 16 iasachtóir ar aghaidh ag SBCI rannpháirteach lena n-áirítear AIB, Banc na hÉireann, Capitalflow agus 13 Chomhar Creidmheasa. I measc na 13 comhar creidmheasa (a bhfuil 64 brainse acu go léir le chéile) atá rannpháirteach sa scéim tá: Comhar Creidmheasa Access, Comhar Creidmheasa Altura, Comhar Creidmheasa Caipital, Comhar Creidmheasa Cara, Comhar Creidmheasa Connect, Comhar Creidmheasa Plus, Comhar Creidmheasa First Choice, Comhar Creidmheasa Lios Tuathail, Comhar Creidmheasa Naomh Breandán, Comhar Creidmheasa Premier, Comhar Creidmheasa Savvi, Comhar Creidmheasa Naomh Cainneach, agus Comhar Creidmheasa Synergy.

Go luath in 2024, chuaigh an t-iasachtóir neamhbhainc Linked Finance isteach sa scéim freisin, agus táthar ag súil go nglacfaidh iasachtóirí ar aghaidh neamhbhainc breise isteach níos déanaí sa bhliain.

Sheol AIB, Banc na hÉireann agus Finance Ireland a rannpháirteachas sa scéim GSLS ar fiú €500m í ag céimeanna éagsúla le linn an dara leath de 2023, agus táthar ag súil go rachaidh iasachtóirí ar aghaidh breise isteach sa scéim in 2024.

I mí Lúnasa 2023, d'aisíoc Finance Ireland a shaoráid iasachta €55m ó SBCI. Chuir SBCI os cionn €200m i saoráidí leachtachta ar fáil do Finance Ireland ó 2016, rud a chuidigh le tacaíocht a thabhairt do bhreis is 4,000 gnólacht, lena n-áirítear trádálaithe aonair agus feirmeoirí.

Dúnadh an glao oscailte ar léirithe spéise don Scéim Iasachta um Uasghrádú Fuinnimh Tí €500m ar an 30 Samhain 2023, le raon leathan iasachtóirí ar aghaidh ag lorg leithdháiltí. Leanfaimid orainn ag forbairt caidrimh agus ag dul i dteagmháil le comhpháirtithe ionchasacha iasachta amach anseo chun a chinntiú go éagsúlacht níos fearr ó thaobh roghanna maoinithe iomaíocha ar fáil do FBManna. Áireofar leis na roghanna sin iasachtaí téarma, fruilcheannach agus léasú sócmhainní, airgeadas sonraisc agus airgeadas glas.

## SCÉAL GNÓ



**Ainm na Cuideachta:** Seán Ó Súilleabháin

**Earnáil:** Talmhaíocht, Foraoiseacht & Iascaireacht

**Suíomh:** Corcaigh

**Purpose:** Investment in Business Expansion

**Eolas faoin nGnó:** Reáchtálann Sean Ó Suilleabháin feirm dhéiríochta a mhuintire i mBéal Átha an Ghaorthaidh (Iarthar Chorcaí), áit a gcrúnn sé 50 bó ar bhruach na Laoi.

"Mholfainn maoiniú SBCI do gach aon ghnólacht, d'fheirmeoirí go háirithe, toisc gur próiseas an-éasca é.Tá sé níos éasca do ghnólacht beag déileáil le heagraíocht a bhfuil leas na ngnólachtaí sin ina croí istigh."

# SCÉAL GNÓ



**Ainm na Cuideachta:** Cork Dental Care

**Earnáil:** Seirbhísí Sláinte

**Suíomh:** Corcaigh

**Cuspóir:**
Infheistíocht i bhFairsingiú Gnó agus Foirne Nua a Fhostú

**Eolas faoin nGnó:**
D'oscail an Dr Grania O'Connell Cork Dental Care in 2009 le cabhair óna fear céile, John. Bhí maoiniú á lorg acu chun a ngnó a leathnú, foireann bhreise a fhostú agus trealamh nua a cheannach.

"Rinne an maoiniú difríocht mhór dár ngnó. Tá trí lialann againn anois, seomra mór steiriliúcháin agus tá trealamh an-teicniúil ar fad againn."

## AG COTHÚ ÁR dTODHCHAÍ

Leanann SBCI le tacaíocht airgeadais a sholáthar do ghnólachtaí Éireannacha trí é a dhéanamh níos fusa dóibh teacht ar an airgead a theastaíonn uathu chun fanacht iomaíoch, aistriú go samhail ghnó níos inbhuanaithe agus ar deireadh thiar, gníomhaíocht eacnamaíoch a chothú in Éirinn.

Leanfaimid ar aghaidh ag cabhrú le gnólachtaí Éireannacha fás agus dul chun cinn a dhéanamh trí chaipiteal oibre gearrthéarmach a sholáthar chun tacú le costais foirne nó airgeadas fadtéarmach chun infheistíocht a éascú a fhágfaidh go mbeidh gnó ann don todhchaí.

Leanfaimid ar aghaidh ag obair go dlúth le Grúpa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta chun a chinntiú gur féidir linn freagairt go tapa do dhúshláin mhargaidh a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar rochtain ar mhaoiniú do ghnólachtaí, chomh maith le dul i ngleic go réamhghníomhach le teipeanna sa mhargadh creidmheasa FBManna.

## COMHOIBRIÚ

Trí chomhpháirtíochtaí a chothú le ranna rialtais, institiúidí airgeadais, eagraíochtaí pobail agus cumainn tionscail, d'oibrigh SBCI chun tacaíochtaí airgeadais a sholáthar do ghnólachtaí Éireannacha. Trí rannpháirtíocht ghníomhach agus comhroinnt eolais, d'éascaíomar forbairt táirgí airgeadais nuálacha, atá deartha chun aghaidh a thabhairt ar shainriachtanais ghnólachtaí na hÉireann.




GSLS á sheoladh ag Banc na hÉireann

## Rannpháirtíocht Náisiúnta

Mar chuid de ghníomhaíochtaí chur chun cinn SBCI, rinneadh freastal ar raon imeachtaí agus seimineáir ghréasáin a bhí dírithe ar FBManna i rith na bliana.

I measc na mbuaicphointí, bhí:

- Imeachtaí Gnó Níos Fearr de chuid na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta ar fud na tíre
- Sárthaispeántas Gnólachtaí Nuathionscanta de chuid Fhiontraíocht Éireann
- An Cruinniú Mullaigh Digiteach i bPáirc an Chrócaigh
- Gradaim Ghnó Digiteach de chuid Better Ireland
- An Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta
- Seimineár ar líne dar teideal 'The Place for Risk-Sharing Instruments in the Irish Finance Market' a óstáil d'Institiúid Baincéirí na hÉireann

Thug na himeachtaí seo deis dúinn dul i dteagmháil le gnólachtaí agus bualadh le comhlachtaí ionadaíocha agus páirtithe leasmhara chun leanúint ar aghaidh ag cur leis an leibhéal feasachta ar SBCI agus faisnéis a sholáthar ar conas is féidir le gnólachtaí Éireannacha leas a bhaint as tacaíocht maoinithe SBCI.

Is baill sinn de roinnt comhlachtaí ionadaíocha de chuid Bainc agus Institiúidí Náisiúnta um Chur Chun Cinn san Eoraip (NPBIanna), lena n-áirítear:

- ELTIA (Cumann Eorpach na nInfheisteoirí Fadtéarmacha), ar a bhfuil Príomhoifigeach Feidhmiúcháin SBCI ina Leas-Uachtarán
- AECM (Cumann Eorpach na nInstitiúidí Ráthaíochta)
- NEFI (Líonra Institiúidí Airgeadais Eorpacha do FBManna)

Mar bhaill de na grúpaí ionadaíocha seo, oibrímid chun a bheith ar an eolas faoi fhorbairtí AE a théann i bhfeidhm ar ghnólachtaí Éireannacha, nó a chuireann deiseanna agus réitigh ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí margaidh aitheanta. Déanann SBCI monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach ar fhorbairtí sa mhargadh sa bhaile agus san Eoraip le cinntiú gur féidir le SBCI na tacaíochtaí is ábhartha agus is féidir a thairiscint do ghnóthaí Éireannacha.

I mí na Bealtaine 2023, d'óstáil SBCI Seisiún Oiliúna Oibriúcháin AECM inár n-oifigí i nDuga an Státchiste. Dhírigh an cheardlann ar an gcaoi a bhfuil an earnáil faoi ráthaíocht agus na Bainc agus na hInstitiúidí Náisiúnta um Chur Chun Cinn (NPBIanna) ar fud na hEorpa ag cabhrú le gnólachtaí aghaidh a thabhairt ar an aistriú go samhail ghnó níos inbhuanaithe. Chuireamar fáilte roimh 32 rannpháirtí ó 15 thír san Eoraip.

# RIALACHAS AGUS FAISNÉIS CHORPARÁIDEACH

## RIALACHAS

**Bunaíodh SBCI de bhun an Achta um Chorparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann, 2014 ("Acht SBCI 2014") agus ionchorpraíodh é faoi Acht na gCuideachtaí 1963 go 2013 i mí Mheán Fómhair 2014, agus tiontaíodh ina Chuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe é faoi Acht na gCuideachtaí, 2014 i mí Iúil 2016 chun creidmheas ar chostas íseal a chur ar fáil do FBManna Éireannacha agus iomaíocht, agus nuálaíocht á spreagadh i margadh airgeadais na hÉireann ag an am céanna. Tá an Bord cuntasach don Aire Airgeadais ("an tAire"), an t-aon scairshealbhóir amháin atá ag SBCI. Tá an Bord freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus déanann sé an tasc sin trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus cinntí straitéiseacha a ghlacadh maidir leis na príomhcheisteanna gnó go léir.**

Comhlíonann SBCI an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) ("an Cód")feidhmíonn sé creat láidir rialachais chorparáidigh a thagann leis an dea-chleachtas agus a oireann don eagraíocht, agus faigheann sé tacaíocht ón mBord Stiúrthóirí agus ó Choistí an Bhoird ina leith sin. Cuirtear ár gcaighdeáin rialachais chorparáidigh i bhfeidhm trí shraith chuimsitheach creataí, beartas, agus nósanna imeachta, agus fócas láidir ar an gcultúr agus ar na luachanna a bhfuiltear ag súil leo mar thaca acu.

De réir an Chóid mar a bhaineann sé le comhlachtaí Stáit Tráchtála, soláthraíonn an tAire Airgeadais comhaontú maoirseachta i scríbhinn i bhfoirm Litir Ionchais Scairshealbhóra ina shainmhínítear téarmaí chaidrimh an Aire le SBCI, chomh maith le hionchais an Aire i leith SBCI.

Soláthraíonn an Bord ceannaireacht don eagraíocht, ag leagan síos aidhmeanna straitéiseacha agus inghlacthacht riosca chun tacú leis an straitéis. Tá an Bord freagrach as pleananna straitéiseacha, infheistíocht chaipitiúil agus pleananna airgeadais SBCI a cheadú, lena n-áirítear breithniú ar straitéis Chomhshaoil, Shóisialta agus Rialachais.

Tá an Fhoireann Ardbhainistíochta, atá faoi mhaoirseacht an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin ("POF"), freagrach as straitéis chomhaontaithe an Bhoird a chur i bhfeidhm agus as bainistiú laethúil oibríochtaí SBCI agus ag an am céanna cothú a dhéanamh ar chaidrimh chomhoibríocha le geallsealbhóirí, comhpháirtithe iasachtaithe agus ranna Rialtais.

Baintear maoirseacht an Bhoird amach trí nuashonruithe rialta ón bhFoireann Ardbhainistíochta maidir le cur i bhfeidhm straitéisí, acmhainní agus acmhainn bainistíochta na heagraíochta, chomh maith lena chinntiú go n-oibríonn creat láidir riosca agus rialaithe thar na trí líne chosanta.

> "hírigh an Bord ar a rialachas, a chuspóirí agus a rioscaí do ghnó na heagraíochta i rith na bliana."

Bhí an Bord fós dírithe ar a rialachas, a chuspóirí agus a rioscaí do ghnó na heagraíochta i rith na bliana. Rinne an Bord athbhreithniú agus faomhadh ar na príomh-mhíreanna seo a leanas le linn na tréimhse faoi athbhreithniú:

- **Tairiscint Ráta Seasta Úis** - d'fhaomh an Bord tairiscint airgeadais iasachta ar ráta seasta d'iasachtóirí ar aghaidh.
- **Scéim Iasachta um Uasghrádú Fuinnimh Tí** - tar éis an scéim a fhaomhadh i R4 2022, cheadaigh an Bord athbhreithnithe ar an scéim, lena n-áirítear méadú ar uasmhéid na hiasachta atá ar fáil maidir le gach réadmhaoin chónaithe ó €50,000 go €75,000.
- **Scéim Iasachta Fáis agus Inbhuanaitheachta** – tar éis cheadú na scéime in 2022 chun tacú le FBManna agus le Cuideachtaí Meánchaipitlithe Beaga, lena n-áirítear táirgeoirí príomhúla, d'fhaomh an Bord leithdháiltí do chúigear iasachtóirí ar aghaidh arbh fhiú €500m san iomlán iad.
- **Leachtacht** - Cheadaigh an Bord €67.1m d'áiseanna leachtachta d'iasachtóirí ar aghaidh nua agus reatha.

Rinne an Bord athbhreithniú agus faomhadh freisin ar phríomhbheartais chun tacú le beartas próisis inmheánach rialachais agus riosca SBCI, lena n-áirítear an Beartas agus Creat Bainistíochta Riosca, agus an Ráiteas um Inghlacthacht Riosca.

## STIÚRTHÓIRÍ
## PATRICK DELANEY



**Róil**
Cathaoirleach an Bhoird Stiúrthóirí Comhalta den Choiste Luach Saothair

**Dáta an cheapacháin** 1 Eanáir 2024
**Téarma** 5 Bliana
**Náisiúntacht** Éireannach

**Scileanna, Saineolas & Taithí**
Is iar-Stiúrthóir Feidhmiúcháin é Patrick Delaney ar IBEC (Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann), le freagracht as Earnálacha agus Réigiúin Gnó IBEC.

Roimh an gceapachán sin, bhí sé ina Stiúrthóir ar Chumann na nGnólachtaí Beaga (SFA).

**Cáilíochtaí**
Is céimí de chuid an Fhorais Riaracháin é Patrick.

**Príomhcheapacháin sheachtracha**
Is iar-Chathaoirleach é Patrick ar SOLAS, an tÚdarás Breisoideachais agus Oiliúna.

Chaith sé tréimhse ar an gComhairle Náisiúnta Iomaíochais, (NCC), ar Bhord Pinsean na hÉireann, ar Eagraíocht Sheirbhísí Íocaíochta na hÉireann (IPSO) agus ar an nGrúpa Ardleibhéil ar Dhéantúsaíocht, agus tuilleadh eile nach iad.

Bhí sé ina bhall den fhoireann chaibidlíochta tosaigh ar Chomhaontuithe Náisiúnta Pá i ndiaidh a chéile agus rinne sé ionadaíocht freisin ar ghnó na hÉireann ar go leor comhairlí agus coistí idirnáisiúnta agus AE.

## JUNE BUTLER



**Róil**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Comhalta Boird ex officio
Comhalta den Choiste Creidmheasa

**Dáta ceapacháin:** 1 Meán Fómhair 2021
**Téarma** Beidh deireadh lena téarma nuair a éireoidh sí as bheith ina Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
**Náisiúntacht** Éireannach

**Scileanna, Saineolas & Taithí**
Tá taithí breis is 20 bliain ag June san earnáil seirbhísí airgeadais. Sular ceapadh í mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin SBCI, chaith sí tréimhse ina Ceannasaí Baincéireachta agus Earnálacha FBM i mBanc na hÉireann, áit a raibh sí freagrach as an treo straitéiseach a cheapadh agus a spreagadh don ghnó, lena n-áirítear ceanglais maoinithe agus cistithe FBManna Éireannacha a chomhlíonadh.

**Cáilíochtaí**
Tá céim Dlí ag June ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, agus dioplómaí sa Chuntasaíocht agus Cánachas agus Cistíocht Chorparáideach agus Bainistíocht Riosca ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

Is comhalta í de Chuntasóirí Cairte Éireann agus Stiúrthóir Bainc Deimhnithe. Is comhalta í de Chuntasóirí Cairte Éireann agus Stiúrthóir Bainc Deimhnithe.

**Príomhcheapacháin sheachtracha**
Tá June ina comhalta de Bhord Bainistíochta Chomhlachas Infheisteoirí Fadtéarmacha na hEorpa agus bhí sí ina comhalta seachtrach de Choiste Iniúchóireachta agus Bainistíochta Riosca COBÁC go dtí 2023.

## MARGUERITE MCMAHON



**Róil**
Comhalta Boird
Cathaoirleach ar an gCoiste Luach Saothair Comhalta den Choiste Luach Creidmheasanna

**Dáta an cheapacháin** 17 Iúil 2020
**Téarma** 5 Bliana
**Náisiúntacht** Éireannach

**Scileanna, Saineolas & Taithí**
Is feidhmeannach oilte í Marguerite a bhfuil saineolas aici ar mhaoiniú inbhuanaithe fadtéarmach. Saineolaí is ea í ar mhaoiniú tionscadail agus FBManna, ag baint leas as teicnící éagsúla lena n-áirítear urrúsú agus ráthaíochtaí punainne. D'oibrigh sí leis an mBanc Eorpach Infheistíochta ar feadh os cionn 30 bliain, ar mhargaí na Spáinne agus na hIodáile den chuid is mó. Bhí róil éagsúla aici ansin, as ar eascair 10 mbliana mar Cheannasaí na Rannóige Banc agus Corparáidí le haghaidh na hIodáile, Mhálta, na Cróite agus na Slóivéine.

Sula ndeachaigh sí ag obair leis an mBanc Eorpach Infheistíochta bhí Marguerite ina hAnailísí Creidmheasa i Londain le banc de chuid SAM agus banc Spáinneach. Is stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin í faoi láthair agus tá an-díograis aici i leith saincheisteanna Nuálaíochta agus Aeráide.

**Cáilíochtaí**
Tá Céim Bhaitsiléara sna hEalaíona ag Marguerite ó Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, MBA ó ESADE, Barcelona, Máistreacht san Eolaíocht – Cuntasaíocht agus Airgeadas ón London School of Economics agus dioplómaí éagsúla sa Rialachas Corparáideach.

**Príomhcheapacháin sheachtracha**
Bhí sí ina stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin ar SME Wholesale Finance (London) Limited idir 2019 agus 2023.

## RICHARD PELLY



**Róil**
Comhalta Boird
Cathaoirleach den Choiste Creidmheasa

**Dáta athcheapacháin** 12 Márta 2020
**Téarma** 5 Bliana
**Náisiúntacht** Briotanach

**Scileanna, Saineolas & Taithí**
Tá punann ról neamhfheidhmiúcháin agus ról comhairleach ag Richard Pelly. Bhíodh sé ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar an gCiste Eorpach Infheistíochta. Roimhe sin bhí sé ina chomhalta d'fhoireann bainistíochta GE Capital European agus ina Stiúrthóir Bainistíochta le Lloyds TSB.

**Cáilíochtaí**
Is céimí de chuid Ollscoil Durham é Richard agus is comhalta d'Institiúid na mBaincéirí é.

## EILIS QUINLAN



**Róil**
Comhalta Boird
Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca

**Dáta athcheapacháin** 12 Márta 2020
**Téarma** 5 Bliana
**Náisiúntacht** Éireannach

**Scileanna, Saineolas & Taithí**
Tá Eilis Quinlan ina príomhpháirtí in Quinlan & Co. Accountants.

**Cáilíochtaí**
Is Comhalta den ACCA agus Stiúrthóir Cairte í Eilis. Is céimí í de chuid Coláiste Uí Ghríofa, Baile Átha Cliath.

**Príomhcheapacháin sheachtracha**
Tá Eilís ina Stiúrthóir ar Chumann Fiontar Beag agus Meánmhéide na hÉireann agus roimhe seo bhí sí ina Cathaoirleach ar an gCumann sin. Ó 2011 i leith, tá Eilis ina ionadaí ar Éirinn ar Fhóram Domhanda Chumann na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte do FBManna.

Déanann sí ionadaíocht freisin ar an ACCA ar FEE, Cónaidhm na gCuntasóirí Eorpacha sa Bhruiséil.

## IAN BLACK



**Róil**
Comhalta Boird
Comhalta den Choiste Creidmheasa

**Dáta an cheapacháin** 04 Iúil 2022
**Téarma** 5 Bliana
**Náisiúntacht** Éireannach

**Scileanna, Saineolas & Taithí**
Thosaigh Ian le GBCN in 2013 mar an Stiúrthóir Airgeadais, Teicneolaíochta agus Riosca. Sular thosaigh sé le GBCN, bhí sé ina Stiúrthóir Feidhmiúcháin (Príomhoifigeach Airgeadais/ Príomhoifigeach Oibriúcháin) le KBC Bank Ireland agus é freagrach as Airgeadas, Oibríochtaí & TF, agus Bainistíocht Sócmhainní agus Dliteanas Cisteáin. Tá sé ag obair i dtionscal na seirbhísí airgeadais ó 1988.

**Cáilíochtaí**
Is Cuntasóir Cairte é, agus tá sé ina 'chomhalta de Chumann Cisteoirí Corparáideacha na Ríochta Aontaithe agus d'Institiúid Cánach na hÉireann, agus tá MBA aige ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

## DEIRDRE DONAGHY



**Róil**
Comhalta Boird
Comhalta den Choiste Creidmheasa

**Dáta an cheapacháin** 12 Bealtaine 2023
**Téarma** 5 Bliana
**Náisiúntacht** Éireannach

**Scileanna, Saineolas & Taithí**
Tá Deirdre Donaghy ina Ceann ar Bheartas Cánach Gnó sa Roinn Airgeadais. Tá sí freagrach as comhairle a thabhairt maidir le beartas cánach corparáide na hÉireann agus as athruithe a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear cánachas ar sheirbhísí airgeadais.Sula ndeachaigh sé isteach sa Roinn Airgeadais in 2012, d'oibrigh Deirdre le breis agus 10 mbliana i gcleachtas cánach.

**Cáilíochtaí**
Comhairleoir Cánach Cairte AITI agus Dioplóma i gCánachas Seirbhísí Airgeadais (Institiúid Cánach na hÉireann), Máistir Eolaíochta i mBeartas Eacnamaíoch (Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath), agus Dioplóma i Seirbhísí Airgeadais (An Institiúid Baincéireachta / COBÁC).

## ELAINE HANLY



**Róil**
Comhalta Boird
Comhalta an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca

**Dáta an cheapacháin** 01 Márta 2024
**Téarma** 5 Bliana
**Náisiúntacht** Éireannach

**Scileanna, Saineolas & Taithí**
Bhí Elaine ina Comhpháirtí Sinsearach agus ina Ceann Baincéireachta & Airgeadais le William Fry, Solicitors. Tá an-taithí aici mar stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin neamhspleách tar éis di oibriú le cuideachtaí éagsúla a oibríonn laistigh de na hearnálacha baincéireachta, árachais, infheistíochta agus neamhbhrabúis.

**Cáilíochtaí**
Is céimí í Elaine de chuid an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (BCL), Ollscoil Cambridge (Airgeadas Inbhuanaithe) agus Scoil Ghnó Harvard (Stiúrthóir Corparáideach).

**Príomhcheapacháin Sheachtracha**
Is Iontaobhaí Boird í Elaine ar ENT UK, chomh maith le Stiúrthóir ar Gresham House Investment ICAV agus Dartra Saving Life Assurance dac.

## DECLAN MURRAY



**Róil**
Comhalta Boird
Comhalta den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca
Comhalta den Choiste Luach Saothair

**Dáta an cheapacháin** 01 Eanáir 2024
**Téarma** 5 Bliana
**Náisiúntacht** Éireannach

**Scileanna, Saineolas & Taithí**
Is feidhmeannach sinsearach bainistíochta riosca é Declan sa tionscal seirbhísí airgeadais. Chaith sé breis agus 35 bliain ag obair le Grúpa Bhanc na hÉireann, áit a raibh sé ina Cheannaire Bainistíochta Riosca Fiontair, Príomhoifigeach Creidmheasa, agus Príomhoifigeach Riosca Eatramhach.

**Cáilíochtaí**
Is céimí de chuid an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath é Declan.

## FREAGRACHTAÍ AN BHOIRD

Leagtar amach feidhmeanna SBCI in alt 8 d'Acht SBCI 2014. Tá sceideal foirmiúil ann de nithe atá le forchoimeád lena gcinneadh ag an mBord, lena n-áirítear faomhadh aon chuid díobh seo a leanas:

- Tuarascálacha Bliantúla agus Ráitis Airgeadais
- Beartas um Bainistíocht Riosca
- Straitéisí gnó
- Buiséid bhliantúla agus pleananna corparáideacha
- Saoráidí maoinithe a fháil agus/nó a dheonú
- Glacadh tograí creidmheasa agus comhroinnte riosca
- Ceapachán agus téarmaí agus coinníollacha an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin (tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Airgeadais agus Príomhfheidhmeannach GBCN)
- Beartas luach saothair foriomlán

Ceanglaítear ar SBCI le hAcht na gCuideachtaí, 2014 (arna leasú) ráitis airgeadais a ullmhú i leith a oibríochtaí le haghaidh gach bliana airgeadais. Ullmhaítear na ráitis airgeadais de réir FRS 102, is é sin, an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn ("creat tuairiscithe airgeadais ábhartha") agus de réir Acht na gCuideachtaí, 2014.

> "Comhlíonann SBCI an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016), feidhmíonn sé creat rialachais chorparáidigh a thagann leis an dea- chleachtas agus a oireann don eagraíocht, agus faigheann sé tacaíocht ón mBord Stiúrthóirí agus ó Choistí an Bhoird ina leith sin."

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, éilítear ar Bhord SBCI:

- Beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta,
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus ciallmhar,
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, ach amháin i gcás nach cuí sin, agus
- A lua ar ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasaíochta infheidhme, na caighdeáin sin a shainaithint, agus an tionchar a bhí ag aon imeacht ábhartha ó na caighdeáin sin agus an chúis leis an imeacht ábhartha a lua.

Tá an Bord freagrach as a chinntiú go gcoimeádann SBCI, nó go socraíonn sé go gcoimeádtar, taifid imleora chuntasaíochta a mhíníonn agus a thaifeadann i gceart idirbhearta SBCI, a chuireann ar a chumas gur féidir ag am ar bith sócmhainní, dliteanais, staid airgeadais agus brabús nó caillteanas SBCI a chinneadh le cruinneas réasúnta, a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na Ráitis Airgeadais agus Tuarascáil na Stiúrthóirí ceanglais Acht na gCuideachtaí, 2014 agus a chuireann ar a chumas na ráitis airgeadais a iniúchadh.

Tá an Bord freagrach as buiséad ioncaim agus caiteachais agus straitéis chorparáideach SBCI a fhaomhadh. Déanann an Bord athbhreithniú ar réamhaisnéisí i gcoinne buiséid agus spriocanna i rith na bliana agus déantar athbhreithniú ar thorthaí ag deireadh na bliana. Tá an Bord freagrach freisin as sócmhainní SBCI a chosaint agus dá bhrí sin tá oibleagáid air céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Tá an Bord sásta go dtugann ráitis airgeadais SBCI léargas fírinneach cóir ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais SBCI amhail an 31 Nollaig 2021 agus ar bhrabús agus ar chaillteanas SBCI don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2021, agus go gcomhlíonann siad ar gach slí eile cheanglais Acht na gCuideachtaí, 2014.

## Struchtúr an Bhoird

Foráiltear i mBunreacht SBCI go mbeidh beirt Stiúrthóirí ar a laghad agus naonúr Stiúrthóirí ar a mhéad ar an mBord, agus Príomhoifigeach Feidhmiúcháin SBCI ar dhuine acu mar chomhalta ex-officio den Bhord. Cheap an tAire na chéad stiúrthóirí ar fhoirmiú agus corprú SBCI. Caithfidh an tAire Stiúrthóirí ina dhiaidh sin a ainmniú, agus ceapfaidh an Bord iad, agus ní fhéadfaidh an Bord ach Stiúrthóirí a ainmníonn an tAire a cheapadh. Ceapann an tAire Cathaoirleach SBCI freisin. Ní rachaidh téarma oifige Stiúrthóra thar chúig bliana. Tá sonraí na Stiúrthóirí reatha agus a dtréimhsí ceapacháin leagtha amach ar leathanaigh 33 - 37.

Déanann an Bord meastóireacht bhliantúil ar a fheidhmíocht féin agus ar fheidhmíocht a Choistí. In 2022, 2020, 2019, 2017 agus 2016 rinneadh an mheastóireacht feidhmíochta sin trí fhéinmheasúnú. In 2021 agus 2018, rinneadh meastóireacht feidhmíochta an Bhoird go seachtrach de réir na gceanglas atá leagtha amach sa Chód agus déanfaidh soláthraí seirbhíse seachtrach an chéad mheastóireacht feidhmíochta eile de chuid an Bhoird agus na gCoistí le linn 2024.

Bhunaigh an Bord trí choiste chun cabhrú leis a fhreagrachtaí a chomhlíonadh, agus tá téarmaí tagartha foirmiúla ag gach ceann díobh:

- Coiste Iniúchóireachta agus Riosca
- An Coiste Creidmheasa
- An Coiste Luach Saothair

Tá tuilleadh faisnéise faoi Choistí an Bhoird i dTuarascálacha na gCoistí ar leathanaigh 45 - 48.

Faigheann an Bord tacaíocht maidir lena fheidhmeanna ó Rúnaí Cuideachta SBCI a chomhordaíonn oibríochtaí Choistí éagsúla an Bhoird chomh maith.

# SCÉAL GNÓ




**Ainm na Cuideachta:**
Grass Technology Ltd.

**Earnáil:** Talmhaíocht (Tionscal Déiríochta)

**Suíomh:** An Bhuiríos (Co. Cheatharlach)

**Cuspóir:**
Infheistíocht sa Teicneolaíocht Nua

**Eolas faoin nGnó:**
Is gnólacht é Grass Technology atá lonnaithe i gCo. Cheatharlach agus arna bhunú ag Jim Barron, innealtóir tionsclaíoch agus feirmeoir. Bhunaigh sé a chuideachta féin atá ina dhíoltóir is fearr anois san Eoraip ar stoc nach mbíonn ar féarach ar chor ar bith.

"Molaim do ghnó ar bith labhairt leo. Tabhair deis dóibh a chruthú gur féidir éirí leat. Táimid tar éis fás go mór agus tá todhchaí iontach i ndán dúinn."

## Sceideal Freastail, Táillí, agus Costas

Tugtar sceideal freastail ag na cruinnithe Boird agus Coiste le haghaidh 2023 thíos, agus áirítear sonraí na dtáillí agus na speansas a fuair gach comhalta mar chomhalta Boird nó Coiste.

Ní bhfuair June Butler (POF CBSI), Eoin Dorgan (go dtí an 3 Bealtaine 2023) ná Deirdre Donaghy (ó 12 Bealtaine 2023) (an bheirt acu mar ionadaithe na Roinne Airgeadais ar an mBord), agus Ian Black (GBCN) aon luach saothair ina leith a mballraíochta ar an mBord.

| | Bord | Coiste Iniúchóireachta agus Rioscalniúchóireachta agus Riosca | An Coiste Creidmheasa | An Coiste Luach Saothair | Táillí € 2023 | Speansais € 2023 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Líon Cruinnithe** | 10 | 6 | 3 | 2 | | |
| June Butler | 10 | | 3 | | - | - |
| Barbara Cotter | 10 | | | 2 | €31,500 | - |
| Eoin Dorgan | 3/4(p) | | 1/1(p) | | - | - |
| Tom McAleese | 10 | 6 | | | €15,750 | - |
| AJ Noonan | 10 | 6 | | 2 | €15,750 | - |
| Deirdre Donaghy | 6/6(p) | | 2/2(p) | | - | - |
| Richard Pelly | 9/10(p) | | 2/3(p) | | €15,750 | €410 |
| Eilis Quinlan | 9/10(p) | 6 | | | €15,750 | - |
| Marguerite McMahon | 10 | | 3 | 2 | €15,750 | - |
| Ian Black | 9/10(p) | | 3 | | - | - |

*Tagraíonn (p) do líon na gcruinnithe a bhféadfaí freastal orthu de bharr na ndátaí ceapacháin*

## Athruithe ar an bPríomhphearsanra

Le linn 2023, d'éirigh Eoin Dorgan, AJ Noonan agus Tom McAleese as a róil ar an mBord agus ceapadh Deirdre Donaghy chuig an mBord.

In 2024 ceapadh Patrick Delaney, Declan Murray agus Elaine Hanly chuig an mBord agus d'éirigh Barbara Cotter as a ról ar an mBord. Ghlac Patrick Delaney lena ról mar Chathaoirleach an Bhoird tar éis do Barbara Cotter éirí as.

## Luach Saothair

Foráiltear le hAcht SBCI 2014 go sannfaidh GBCN an oiread sin dá fhoireann do SBCI, ó am go chéile, a bheith riachtanach chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh.

Dá bhrí sin, is fostaithe de chuid GBCN iad na comhaltaí foirne ar fad a shanntar do SBCI.

Tá samhail luacha saothair GBCN bunaithe ar chonarthaí fostaíochta rúnda, a rinneadh a idirbheartú ceann ar cheann, le luach saothair iomaíoch atá ailínithe leis an margadh. Sa ghnáthphacáiste luacha saothair, cuimsítear tuarastal ar bhonn seasta, teidlíocht phinsin agus soláthar do phá lánroghnach a bhaineann le feidhmíocht.

Tá íocaíochtaí lánroghnacha a bhaineann le feidhmíocht ceaptha luach saothair a thabhairt d'fheidhmíocht eisceachtúil agus aird ar fheidhmíocht an fhostaí féin, feidhmíocht réimse freagrachta an fhostaí, agus feidhmíocht fhoriomlán SBCI.

Déantar íocaíochtaí a bhaineann le feidhmíocht de réir na bparaiméadar a fhaomhann an Bord ar mholadh an Choiste Luach Saothair. Bíonn méid foriomlán na n-íocaíochtaí a bhaineann le feidhmíocht a dhéantar i leith bliain ar bith faoi réir fhaomhadh an Bhoird freisin. D'íoc SBCI íocaíochtaí €151.4k a bhaineann le feidhmíocht le haghaidh 2023.

## EMiondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaithe

Cuirtear sochair ghearrthéarmacha fostaithe arbh fhiú níos mó ná €50,000 iad in 2023 i gcatagóirí de réir na mbandaí seo a leanas.

| Raon | Líon Fostaithe |
|---|---|
| €50,001 to €75,000 | 5 |
| €75,001 to €100,000 | 12 |
| €100,001 to €125,000 | 6 |
| €125,001 to €150,000 | 1 |
| €150,001 to €175,000 | 1 |
| €175,001 to €200,000 | 3 |
| €200,001 to €225,000 | 0 |
| €225,001 to €250,000 | 0 |
| €250,001 to €275,000 | 0 |
| €275,001 to €300,000 | 0 |
| €300,001 to €325,000 | 1 |
| **Iomlán** | **29** |

*Nóta: Chun críocha an nochta seo, áirítear le sochair ghearrthéarmacha fostaithe a tugadh i rith 2023 tuarastal, sochair inchánach eile a íocadh le fostaithe (lena n-áirítear íocaíochtaí a bhaineann le feidhmíocht), agus íocaíochtaí eile a rinneadh thar ceann fostaithe, ach gan ÁSPC an fhostóra san áireamh.*

## Nochtadh a Éilítear faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an bord freagrach as deimhin a dhéanamh de gur chomhlíon SBCI ceanglais an Chóid arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Lúnasa 2016. Éilítear an nochtadh seo a leanas de réir an Chóid.

### *Costais Sainchomhairleoireachta*

Áirítear leis na costais sainchomhairleoireachta costas comhairle seachtraí don lucht bainistíochta agus ní áirítear leo feidhmeanna seachfhoinsithe na gnáthoibre.

| | 2023 €000 | 2022 €000 |
|---|---|---|
| Comhairle dlí | 598 | 445 |
| Comhairle airgeadais | 707 | 631 |
| Caidreamh poiblí/margaíocht | 543 | 313 |
| Acmhainní Daonna | 0 | 17 |
| Eile | 7 | 60 |
| **Costais sainchomhairleoireachta iomlán** | **1,855** | **1,466** |
| Costais sainchomhairleoireachta caipitlithe | 0 | 0 |
| Costais sainchomhairleoireachta a muirearaíodh ar an Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach | 1,855 | 1,466 |
| **Costais sainchomhairleoireachta iomlán** | **1,855** | **1,466** |

I rith na bliana,
**thacaigh SBCI le**
**3,913**
**gnólacht**

### *Costais Dlí agus Socruithe*

B'ionann an caiteachas a tabhaíodh in 2023 maidir le costais dlí agus socruithe agus €Nialas (2022 €nialas).

### *Caiteachas Taistil agus Cothabhála*

Déantar catagóiriú ar chaiteachas taistil agus cothabhála mar seo a leanas:

| | 2023 €000 | 2022 €000 |
|---|---|---|
| **Intíre** | | |
| Bord | 0 | 0 |
| Fostaithe | 11 | 5 |
| **Idirnáisiúnta** | | |
| Bord | 1 | 3 |
| Fostaithe | 13 | 11 |
| **Iomlán** | **25** | **19** |

### *Caiteachas Fáilteachais*

Áirítear leis an Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach €18.8k i leith caiteachas fáilteachais foirne in 2023 (2022 €8.0k).

## Ráiteas maidir le Comhlíonadh

Chomhlíon SBCI an Cód, faoi réir líon teoranta athruithe a comhaontaíodh leis an Roinn Airgeadais mar a achoimrítear thíos:

### *Nithe atá Forchoimeádta lena gCinneadh ag an mBord*

Leagtar amach sa Chód sceideal foirmiúil ann de nithe atá le forchoimeád lena gcinneadh ag an mBord go sonrach. Seachas "leasuithe suntasacha ar shochair phinsin an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin agus na foirne" atá ina ábhar do Bhord GBCN (toisc gur fostaithe de chuid GBCN iad na comhaltaí foirne uile a shanntar do SBCI agus go bhfuil siad ina mbaill de scéim aoisliúntais GBCN), áirítear na míreanna seo a leanas i Sceideal na Nithe Forchoimeádta a leagtar amach sa Chód.

Tá roinnt difríochtaí san fhoclaíocht i míreanna ar éadáil agus diúscairt shuntasach sócmhainní agus infheistíochtaí móra agus tionscadal caipitil chun cineál gnó SBCI a léiriú (saoráidí maoinithe a fháil agus a dheonú).

### *Neamhchomhlíonadh Oibleagáidí Reachtúla*

I bhfianaise an raon leathan oibleagáidí reachtúla ábhartha a bhfuil SBCI faoina réir, tugann SBCI, mar chleachtas leanúnach, aghaidh ar an gceanglas a leagtar amach sa Chód go bhfuil oibleagáid ar an gCathaoirleach teagmhais neamhchomhlíonta i gcás aon oibleagáidí reachtúla a tabhairt ar aird an Aire, trí chásanna ábhartha neamhchomhlíonta amháin a chur in iúl don Aire.

# SCÉAL GNÓ




**Ainm na Cuideachta:** Applied Concepts Ltd

**Earnáil:** Seirbhísí Meicniúla

**Suíomh:** Biorra (Co. Uíbh Fhailí)

**Cuspóir:** Infheistíocht i Nuálaíocht agus T&F

**Eolas faoin nGnó:** Bhunaigh Mark Clendenin Applied Concepts, gnó a bhaineann go sonrach le meaisíní scráb-blosctha a dhearadh agus a dhéanamh, in 2010 i mBiorra. Oibríonn 12 fostaí sa chuideachta agus tá siad freagrach as taighde a dhéanamh ar a gcuid táirgí go léir, chomh maith le hiad a dhearadh agus a dhéanamh. A bhuí leis an maoiniú a fuarthas ó SBCI, bhí siad in ann a ndíolachán a mhéadú agus rochtain fhabhrach ar roghanna airgeadais a thairiscint dá gcustaiméirí.

"D'úsáideamar airgeadas chun cuid dár dtrealamh caipitiúil a mhaoiniú. Chun leanúint ar aghaidh agus éirí go maith i gcúrsaí gnó an lae inniu, ní mór duit a bheith nuálach i gcónaí agus díriú ar Thaighde agus Forbairt."

# SCÉAL GNÓ




**Ainm na Cuideachta:** Allpro Services

**Earnáil:** Seirbhísí Áiseanna

**Suíomh:** Gaillimh

**Cuspóir:** Infheistíocht i Seirbhísí Nua agus Méadú Gnó

**Eolas faoin nGnó:** Bhunaigh Conor Nolan agus Alan Connolly Allpro Services in 2002. Thosaigh an gnólacht mar ghnólacht glantacháin agus cuireann sé seirbhísí saoráidí ar fáil anois. Ar mhaithe leis an ngnó a mhéadú, bhí gá le tuilleadh bainisteoirí a cheapadh agus tuilleadh flít agus seirbhísí CRM a chur leis. Leis an maoiniú breise seo, tá sé beartaithe ag Allpro a ghnó a fhás 15-20% ar fud na tíre.

"Tá sé tábhachtach go leanann SBCI ar aghaidh ag maoiniú cuideachtaí FBM, is easportálaithe nó friothálaigh iad go cuideachtaí móra ilnáisiúnta a bhfuil téarmaí creidmheasa breis agus 60 lá acu an chuid is mó de FBManna na hÉireann; mar sin, chun cuidiú le maoiniú agus le reáchtáil laethúil na cuideachta, tá cuideachtaí ar nós SBCI ina gcuid ríthábhachtach den saol laethúil laistigh de FBManna."

### *Caidreamh leis an Oireachtas, leis an Aire agus leis an Máthair-roinn*

Maidir leis na forálacha sin de Chuid 8 den Chód a phléann le héadáil nó diúscairt sócmhainní, breithmheas infheistíochta caipitil, bunú nó éadáil fochuideachtaí, rannpháirtíocht i gcomhfhiontair agus éadáil scaireanna, níl feidhm acu maidir le gníomhaíochtaí gnó SBCI mar a leagtar amach in Acht SBCI 2014 agus i mBunreacht SBCI. Leagtar amach gníomhaíochtaí sonracha i mBunreacht SBCI a bhfuil toiliú aireachta ag teastáil ina leith.

### *An Cód Caiteachais Phoiblí*

Is dóigh go mbeidh an Cód Caiteachais Phoiblí teoranta maidir lena bhaint le SBCI toisc gurb iad a phríomhghníomhaíochtaí cistiú a fhoinsiú, agus maoiniú fadtéarmach, ar chostas íseal a sholáthar d'iasachtóirí ar aghaidh lena dháileadh trí chreidmheas a sholáthar d'iasachtaithe agus saoráidí comhroinnte riosca a leathnú. Má bhíonn, agus nuair a bheidh, SBCI ag plé le tionscadail chaipitil nó cláir nua caiteachais reatha, comhlíonfaidh sé forálacha ábhartha na dTreoirlínte Bonneagair, a tháinig in ionad an Chóid Chaiteachais Phoiblí ar an 21 Nollaig 2023.



### *Luach Saothair agus Aoisliúntas*

Foráiltear le hAcht SBCI 2014 go sannfaidh GBCN an oiread sin dá fhoireann do SBCI de réir mar a chinneann SBCI, ó am go chéile, a bheith riachtanach chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh. Dá bhrí sin, is fostaithe de chuid GBCN iad na comhaltaí foirne ar fad a shanntar do SBCI.

Faomhann Príomhfheidhmeannach GBCN, a dhéanann ionadaíocht ar GBCN mar fhostóir, cúrsaí luach saothair maidir le fostaithe GBCN a shanntar do SBCI de réir critéar agus socruithe maoirseachta a chomhaontaítear le SBCI. Maidir leis na critéir sin agus na socruithe maoirseachta, tá Coiste Luacha Saothair bunaithe ag Bord SBCI agus tá beartas foirmiúil luach saothair curtha i bhfeidhm aige. Agus forálacha an Chóid maidir le luach saothair á gcomhlíonadh aige, ghlac SBCI na forálacha a bhaineann le comhlachtaí Stáit tráchtála, a cuireadh in oiriúint i bhfianaise a struchtúir rialachais agus tuairiscithe agus a shamhail luach saothair.

## ACHT NA dTEANGACHA OIFIGIÚLA 2003 AGUS ACHT NA dTEANGACHA OIFIGIÚLA (LEASÚ) 2021

De réir Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021, foilsítear an Tuarascáil Bhliantúil seo ag an am céanna i ngach ceann de na teangacha oifigiúla. Tá dualgais ar SBCI de bhun Alt 10 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021 tabhairt faoi ghníomhaíochtaí íosta áirithe fógraíochta i nGaeilge agus sonraí faoina leithéid de ghníomhaíochtaí a thuairisciú don Choimisinéir Teanga.

Chomhlíon SBCI an dualgas seo trí 5% den chaiteachas fógraíochta foriomlán a chaitheamh ar chainéal Gaeilge agus 42% den fhógraíocht ar fad a cuireadh ar fáil le linn 2023 a chur ar fáil i nGaeilge, agus tuairiscíodh na sonraí de réir riachtanas.

## TUARASCÁLACHA NA gCOISTÍ

### Tuarascáil an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca

Is é ról an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca cabhrú leis an mBord lena maoirseacht ar:

- cáilíocht agus sláine na ráiteas airgeadais; athbhreithniú agus monatóireacht ar éifeachtacht na gcóras rialaithe inmheánaigh; an próiseas iniúchóireachta inmheánaí agus an fheidhm chomhlíonta. an t-athbhreithniú ar aschuir ó iniúchóir seachtrach SBCI, an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste;
- creat bainistíochta riosca SBCI lena n-áirítear goile riosca a leagan síos; monatóireacht ar chloí le rialachas riosca agus a chinntiú go ndéantar rioscaí a shainaithint, a mheasúnú, a bhainistiú, agus a thuairisciú i gceart.

Bíonn triúr comhaltaí neamhfheidhmiúcháin ar an gCoiste a cheapann an Bord. Is iad comhaltaí an Choiste faoi láthair:

- Eilis Quinlan (Cathaoirleach agus Comhalta Boird)
- Declan Murray (Comhalta Boird)
- Elaine Hanly (Comhalta Boird)

Tháinig an Coiste le chéile 6 huaire le linn 2023.

D'éirigh AJ Noonan agus Tom McAleese as an gCoiste nuair a chuaigh siad ar scor ón mBord ar an 31 Nollaig 2023. Ceapadh Eilis Quinlan ina Cathaoirleach ar an gCoiste ar an 1 Eanáir 2024. Ceapadh Declan Murray mar chomhalta den Choiste ar an 1 Eanáir 2024 agus ceapadh Elaine Hanly ina comhalta den Choiste ar an 1 Márta 2024.

### Tuairisciú Airgeadais

D'athbhreithnigh an Coiste na dréachtráitis airgeadais agus mhol sé iad don Bhord. Dhírigh an t-athbhreithniú ar na modhanna cuntasaíochta, ar cheanglais ábhartha Acht na gCuideachtaí, 2014 agus ar shoiléire agus iomláine na nochtuithe de réir na gcaighdeán cuntasaíochta is infheidhme, i dteannta fhorálacha ábhartha an Chóid.

Rinne an Coiste athbhreithniú chomh maith ar Fhreagrachtaí an Bhoird, agus ar ráitis ar Bhainistíocht Riosca agus Rialú Inmheánach lena gcur san áireamh i dTuarascáil Bhliantúil SBCI.

## Rialú Inmheánach

Rinne an Coiste athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh. Rinne sé athbhreithniú freisin ar an Ráiteas ar Rialú Inmheánach le cur san áireamh i Ráitis Airgeadais 2023 agus mhol sé don Bhord é. Bhí an t-athbhreithniú bunaithe ar thuarascáil ón lucht bainistíochta maidir leis na dearbhuithe a bhí sa Ráiteas ar Rialú Inmheánach agus Clár Oibre mionsonraithe an Choiste, lena n-áirítear iniúchóireacht inmheánach agus tuarascálacha riosca rialta.

## Iniúchadh Inmheánach

Fuair an Coiste tuairiscí rialta ón iniúchóir inmheánach. Rinne sé athbhreithnithe iniúchóireachta inmheánaí aonair a cuireadh i gcrích faoi phlean iniúchóireachta inmheánaí rioscabhunaithe 2023 agus rinne sé monatóireacht ar chur i bhfeidhm mholtaí na hiniúchóireachta. D'fhaomh sé plean iniúchóireachta inmheánaí 2024 agus d'fhaomh sé an Chairt Iniúchóireachta Inmheánaí lena húsáid in SBCI. Rinne an Coiste athbhreithniú ar éifeachtacht an iniúchóra inmheánaigh. Buaileann an Coiste le Ceannasaí Iniúchóireachta Inmheánaí GBCN gan an lucht bainistíochta i láthair uair sa bhliain ar a laghad.

## Iniúchóireacht Sheachtrach

Is é an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchóir seachtrach SBCI. Rinne an Coiste athbhreithniú ar an bplean iniúchóireachta seachtraí, na príomhréimsí fócais agus téarmaí rannpháirtíochta na hiniúchóireachta. Rinne sé monatóireacht freisin ar fhreagairtí an lucht bainistíochta ar thorthaí an iniúchóra sheachtraigh a d'eascair as an iniúchóireacht ar Ráitis Airgeadais 2022. Buaileann an Coiste go príobháideach leis an iniúchóir seachtrach gan an lucht bainistíochta uair sa bhliain ar a laghad.

## Riosca

Rinne an Coiste athbhreithniú agus d'fhaomh nuashonruithe ar roinnt beartas riosca ar leith, agus mhol sé nuashonruithe don Bhord, mar a fhoráiltear dó faoin mBeartas agus Creat Bainistíochta Riosca. D'fhaomh sé an Plean Bainistíochta Riosca do 2024 freisin agus rinne sé monatóireacht ar an dul chun cinn le hais phlean 2023. Fuair sé tuairiscí rialta ar rioscaí SBCI agus na rialuithe atá i bhfeidhm chun rioscaí a mhaolú. Buaileann an Coiste le Ceannasaí Riosca agus Rialachais SBCI gan an lucht bainistíochta i láthair uair sa bhliain ar a laghad.

## Comhlíonadh agus Nochtadh Cosanta

Rinne an Coiste athbhreithniú ar leordhóthanacht agus slándáil shocruithe SBCI dá fhoireann agus dá chonraitheoirí chun ábhar imní a tharraingt anuas agus d'fhaomh sé nuashonruithe ar an mBeartas um Nochtadh Cosanta.

Rinne an Coiste athbhreithniú freisin ar an mBeartas Cosanta Sonraí agus ar an Ráiteas Príobháideachais, agus d'fhaomh sé iad, agus mhol sé an Measúnú Riosca Gnó agus an Beartas i gCoinne Sciúradh Airgid don Bhord. Fuair sé an tuarascáil bhliantúil ón Oifigeach Cosanta Sonraí agus Comhlíonta agus rinne sé athbhreithniú ar na seirbhísí a dhéanann Comhlíonadh GBCN.

## Athbhreithnithe ar Iasachtóirí ar Aghaidh

Fuair an Coiste tuairiscí rialta ón soláthraí seirbhíse seachtrach PWC maidir le hAthbhreithnithe ar Iasachtóirí ar Aghaidh. Rinne sé athbhreithniú ar na príomhthorthaí ó thoradh Athbhreithnithe Aonair na nIasachtóirí ar Aghaidh a cuireadh i gcrích faoin bplean agus rinne sé monatóireacht ar chur i bhfeidhm mholtaí PWC.

### Eile

Rinne an Coiste athbhreithniú ar a théarmaí tagartha agus mhol sé leasuithe don Bhord. Thug sé faoi athbhreithniú freisin ar a éifeachtacht féin agus thuairiscigh sé don Bhord faoin athbhreithniú sin. Faomhadh tosaíochtaí an Choiste i leith 2021 mar chuid dá Chlár Oibre.

### Tuarascáil an Choiste Creidmheasa

Is é ról an Choiste Creidmheasa cabhrú leis an mBord athbhreithniú agus faomhadh a dhéanamh ar chinntí creidmheasa, agus maoirseacht agus monatóireacht a dhéanamh ar riosca creidmheasa.

Is ceithre comhaltaí Boird neamhfheidhmiúcháin a bhíonn ar an gCoiste, chomh maith le Príomhoifigeach Feidhmiúcháin SBCI.

Is iad comhaltaí an Choiste faoi láthair:

- Richard Pelly (An Cathaoirleach agus Comhalta Boird)
- Deirdre Donaghy (Comhalta Boird)
- Marguerite McMahon (Comhalta Boird)
- June Butler (An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus Comhalta Boird ex officio)
- Ian Black (Comhalta Boird)

D'éirigh Eoin Dorgan as a ról ar an gCoiste ar an 3 Bealtaine 2023 agus ceapadh Deirdre Donaghy mar chomhalta den Choiste ón 12 Bealtaine 2023 ar aghaidh.

Tháinig an Coiste Creidmheasa le chéile thrí huaire in 2023. Ba é an phríomhghníomhaíocht a bhí aige ná athbhreithniú a dhéanamh ar thograí creidmheasa mionsonraithe ón lucht bainistíochta. Rinne sé athbhreithniú ar na hathbhreithnithe creidmheasa bliantúla ar iasachtóirí ar aghaidh a rinne an lucht bainistíochta. Rinne an Coiste athbhreithniú ar a théarmaí tagartha agus mhol sé leasuithe don Bhord. Thug sé faoi athbhreithniú freisin ar a éifeachtacht féin agus thuairiscigh sé don Bhord faoin athbhreithniú sin.

# SCÉAL GNÓ



**Ainm na Cuideachta:** Promec

**Earnáil:** Seirbhísí Meicniúla

**Suíomh:** Luimneach

**Cuspóir:** Caipiteal Oibre agus Méadú Gnó

**Eolas faoin nGnó:** Bunaíodh Promec in 2014 mar ghnó seirbhísí meicniúla. I gcaitheamh na mblianta, tá an gnólacht tar éis fás ó 3 fhostaí go breis agus 60 fostaí agus éagsúlú a dhéanamh ar a gcuid seirbhísí chun uasghrádú in-athnuaite agus fuinnimh ar scálaí tráchtála agus cónaithe a áireamh.

> "Mholfainn maoiniú SBCI do ghnólachtaí eile. I ndáiríre, chuir an maoiniú borradh mór fúinne agus thug sé deis dúinn féachaint amach romhainn."



## Tuarascáil an Choiste Luacha Saothair

Cabhraíonn an Coiste Luach Saothair leis an mBord maidir le cúrsaí luach saothair i leith fhostaithe GBCN a shanntar do SBCI de réir na gcritéar agus na socruithe maoirseachta a comhaontaíodh le GBCN.

Tá an Bord freagrach as Beartas Luach Saothair foriomlán SBCI agus bíonn a chuid freagrachtaí á dtreorú ag comhairle agus moltaí an Choiste Luach Saothair.

Bíonn triúr comhaltaí neamhfheidhmiúcháin ar an gCoiste a cheapann an Bord. Is iad comhaltaí an Choiste faoi láthair:

- Marguerite McMahon (Cathaoirleach agus Comhalta Boird)
- Declan Murray (Comhalta Boird)
- Patrick Delaney (Comhalta Boird)

D'éirigh AJ Noonan as a ról ar an gCoiste ar an 31 Nollaig 2023 agus ceapadh Marguerite McMahon ina Cathaoirleach ón 1 Eanáir 2024 ar aghaidh. Ceapadh Declan Murray ina chomhalta den Choiste ón 1 Eanáir 2024. D'éirigh Barbara Cotter as a ról ar an gCoiste ar an 29 Feabhra 2024, agus ceapadh Patrick Delaney ina chomhalta den Choiste ón 1 Márta 2024 ar aghaidh.

Tháinig an Coiste le chéile faoi dhó in 2023. Rinne sé athbhreithniú agus moladh ar mhéid iomlán na n-íocaíochtaí a bhaineann le feidhmíocht le haghaidh 2023.

Rinne an Coiste athbhreithniú ar a théarmaí tagartha agus mhol sé mionoibreacha leasuithe don Bhord. Thug sé faoi athbhreithniú freisin ar a éifeachtacht féin agus thuairiscigh sé don Bhord faoin athbhreithniú sin.

# BAINISTÍOCHT RIOSCA AGUS RIALÚ INMHEÁNACH

**Príomhchuspóir de chuid SBCI is ea airgead na gcáiníocóirí a bhainistiú go héifeachtach laistigh de chreat láidir bainistíochta riosca. Tá ár gcreat bainistíochta riosca deartha chun ailíniú le méid, scála agus castacht SBCI. Is éard atá sa chreat ná bailiúchán uirlisí, próisis agus modheolaíochtaí a thacaíonn le SBCI maidir leis na rioscaí atá os a chomhair a shainaithint, a mheasúnú, a mhonatóireacht agus a rialú agus cuspóirí straitéiseacha á seachadadh. Tacaíonn an creat lenár ngníomhaíochtaí gnó agus le seachadadh ár straitéise trí na bealaí a dhéanaimid riosca a mhaolú agus a bhainistiú a leagan amach.**

Tá sé mar aidhm ag SBCI riosca a bhainistiú ar bhealach eolach agus réamhghníomhach, de réir a Bheartais agus a Chreata Bainistíochta Riosca agus a Ráitis Inghlacthachta Riosca, ionas go mbeidh leibhéal an riosca a nglactar leis ag teacht lena bhunghníomhaíocht ghnó, agus go dtuigeann agus go bhfuil SBCI in ann tionchar aon riosca a d'fhéadfadh teacht chun cinn a bhainistiú nó a iompar. Cloíonn SBCI le forálacha bainistíochta riosca an Chóid.

> Spreagann SBCI cultúr láidir feasachta riosca agus trédhearcachta trí rialachas láidir riosca, cuntasacht shoiléir agus oiliúint.

Spreagann SBCI cultúr láidir feasachta riosca agus trédhearcachta trí rialachas láidir riosca, cuntasacht shoiléir agus oiliúint.  Tá beartais ina gcuid lárnach de bhainistíocht riosca laistigh de SBCI. Tá beartais, creataí agus nósanna imeachta ar fud na heagraíochta i bhfeidhm againn a chlúdaíonn na príomhchodanna dár ngnó. Tugann siad breac-chuntas ar an gcaoi a bhfuil sé beartaithe againn feidhmiú, ag cur ceanglais rialála nó dlíthiúla agus dea-chleachtas an tionscail san áireamh. Déanann na coistí cuí polasaithe a cheadú agus a chur in iúl don fhoireann. Tá comhghleacaithe faoi réir chód iompair GBCN agus dearbhuithe bliantúla comhlíonta freisin.

Tá Clár Rioscaí i bhfeidhm lena sonraítear na rioscaí buntábhachtacha roimh SBCI, agus rinneadh iad a mheasúnú agus a ghrádú de réir a shuntasaí is bhíonn siad. Rinneadh athbhreithniú cuimsitheach ar an gClár Riosca in 2023, lena n-áirítear athbhreithniú ón mbun aníos ar rioscaí agus rialuithe uile SBCI. Má aithnítear rioscaí, cuirtear rialuithe i bhfeidhm chun an rioscaí sin a bhainistiú agus a mhaolú. Rinne foireann riosca SBCI tástáil dara líne neamhspleách ar shampla rialuithe in 2023.

Déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca agus an Bord athbhreithniú leathbhliantúil ar a laghad uair amháin gach bliain airgeadais ar an gclár riosca, lena n-áirítear rioscaí arda agus rioscaí atá ag teacht chun cinn.

## RIALACHAS AGUS MAOIRSEACHT RIOSCA

### An Bord Stiúrthóirí

Tá Bord SBCI tiomanta do chultúr ionracais, ardchaighdeáin eitice agus feasacht láidir ar riosca a chur chun cinn. Tá an Bord freagrach as an inghlacthacht riosca a leagan síos agus as maoirsiú agus stiúradh na gníomhaíochta bainistíochta riosca ar fud SBCI. Shainordaigh an Bord go ndéanfaí bainistíocht riosca a chomhtháthú agus a leabú in atmaisféar agus i gcultúr SBCI agus glacadh leis sin ar fud SBCI. Táthar ag súil leis go gcuirfidh gach duine d'fhoireann SBCI le cultúr fónta riosca agus go gcuirfidh siad chun cinn é, go gcothóidh siad timpeallacht láidir rialaithe inmheánaigh agus go n-éascóidh siad d'fheidhmiú chreat bainistíochta riosca SBCI.

### Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Is é ról an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ná cabhrú leis an mBord maidir leis an méid seo a leanas:

- Rialachas fónta riosca a chothú ar fud oibríochtaí SBCI
- A chinntiú go bhfuil próisis i bhfeidhm lena dhearbhú don Bhord go bhfuil rioscaí á n-aithint, á dtuairisciú, á measúnú, á mbainistiú agus á rialú go cuí
- Cultúr feasachta riosca a chur chun cinn in SBCI, trí chumarsáid agus oiliúint

Tionóladh **10 gCruinniú Boird** in **2023**

## TRÍ LÍNE CHOSANTA

Cuireann SBCI samhail thionscalchaighdeánach trí líne chosanta na seirbhísí airgeadais i bhfeidhm lena chinntiú go ndéantar riosca a bhainistiú agus a rialú go cuí, go bhfuil an dara agus an tríú líne cosanta neamhspleách, agus go seachnaítear nó go mbainistítear aon choinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh a bheith ann.

**An Chéad Líne Chosanta**
Foireann SBCI agus an Ardbhainistíocht

**An Dara Líne Chosanta**
Feidhm riosca SBCI

**An Tríú Líne Chosanta**
Feidhm Iniúchóireachta Inmheánaí

### An Chéad Líne Chosanta

Laistigh den tsamhail sin, is iad foireann SBCI agus an ardbhainistíocht (an chéad líne chosanta) a thabhaíonn na rioscaí agus a bhíonn ina n-úinéir orthu agus é mar aidhm acu na cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach agus fanacht laistigh d'inghlacthacht riosca an Bhoird Tá príomhfhreagracht ar cheannairí feidhmeanna as feidhmíocht, oibriú, comhlíonadh agus rialú éifeachtach rioscaí a bhaineann lena réimse gnó.

### An Dara Líne Chosanta

Soláthraíonn feidhm Riosca SBCI agus feidhmeanna rialaithe eile (an dara líne cosanta) maoirseacht neamhspleách agus dúshlán oibiachtúil don chéad líne chosanta, lena n-áirítear éifeachtacht na bhfeidhmeanna maidir le riosca a bhainistiú agus na rialuithe maolaithe a bhaineann leo. Ina theannta sin, forbraíonn siad beartais agus nósanna imeachta a bhaineann le bainistíocht riosca, chomh maith le monatóireacht a dhéanamh ar an gcaoi a gcloítear le teorainneacha nochta, agus tuairisciú ar riosca don Bhord agus do choistí ábhartha.

### An Tríú Líne Chosanta

Feidhmíonn an fheidhm Iniúchóireachta Inmheánaí mar chuid den tríú líne chosanta trí dhearbhú neamhspleách, riosca-bhunaithe a sholáthar do na príomhpháirtithe leasmhara maidir le chomh fónta agus atá córas bainistíochta riosca SBCI, a rialachas agus a dhearadh, agus éifeachtacht oibríochta na timpeallachta rialaithe inmheánaigh.

## INIÚCHÓIREACHT

De réir na gceanglas reachtúil, déanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh ar SBCI. Bainistíonn feidhm Iniúchóireachta Inmheánaí GBCN próiseas iniúchóireachta inmheánaí SBCI agus ceapadh gnólacht seachtrach, KPMG faoi láthair, chun obair iniúchóireachta inmheánaí agus thuairisciú do Cheann Iniúchóireachta Inmheánaí GBCN.

# SCÉAL GNÓ



**Ainm na Cuideachta:** Watermans (L.I) Ltd.

**Earnáil:** Déantúsaíocht

**Suíomh:** Corcaigh

**Cuspóir:** Infheistíocht i Nuáil Próisis

**Eolas faoin nGnó:** Tá baint ag an teaghlach Waterman le cúrsaí clódóireachta ó 1908 i leith. Tar éis trí ghlúin a bheith ann, tá an gnó seo atá lonnaithe san Oileán Beag (Corcaigh) fós faoi úinéireacht an teaghlaigh seo.

> "Thug Scéim Ráthaíochta Creidmheasa na hÚcráine deis dúinn ár ngnó a leathnú trí amhábhair agus innealra nua a cheannach. Is ionad ilfhreastail anois sinn le haghaidh pacáistiú inbhuanaithe."

## PRÍOMHRIOSCAÍ

Bíonn SBCI neamhchosanta ar réimse leathan rioscaí a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar a fheidhmíocht airgeadais agus oibríochta. Leis an mbeartas agus creat bainistíochta riosca, bunaítear na próisis chun riosca a shainaithint, a mheasúnú, a thuairisciú agus a mhaolú.

Ina theannta sin, coimeádann SBCI Clár Riosca cuimsitheach ina sainaithnítear na rioscaí ar fad atá os comhair SBCI.

Déantar athbhreithniú mionsonraithe ar an gClár Riosca go leathbhliantúil agus eagraítear ceardlanna bliantúla ar fud an ghnó ag a nglactar cur chuige ón mbonn aníos chun na príomhrioscaí atá i gceist i gcás SBCI a shainaithint. Cuireann feidhm Riosca SBCI tástáil dearbhaithe láidir i gcrích ar na rialuithe a liostaítear sa chlár riosca uair sa bhliain ar a laghad.

Coinníonn SBCI eolaire riosca chun ár bpríomhrioscaí, mar a shonraítear thíos, a rangú.

| Risk | Description Of The Risk | Risk Mitigation Measure |
|---|---|---|
| Riosca Gnó & Straitéiseach | An riosca a bhaineann le mainneachtain cuspóir straitéiseach SBCI a bhaint amach mar gheall ar chúinsí inmheánacha nó seachtracha' as a n-eascródh dochar don chlú agus/nó díobháil do chustaiméirí. | Maolaítear an riosca sin trí rannpháirtíocht ghníomhach le grúpaí páirtithe leasmhara, éagsúlacht i dtáirgí SBCI lena chinntiú go dtugtar aghaidh ar riachtanais iasachtóirí ar aghaidh agus FBManna. Déanann an fhoireann shinsearach agus comhaltaí an Bhoird athbhreithniú rialta ar phríomhrioscaí SBCI agus ar dhul chun cinn i gcoinne ár bplean straitéiseach. |
| Riosca Creidmheasa & Comhdhlúthachta | An riosca go loicfidh contrapháirtí ar a oibleagáidí agus go mainneoidh sé a fhiach a aisíoc go hiomlán, agus go mbeidh caillteanais ar SBCI dá bharr. Tá an riosca creidmheasa dírithe ar líon beag contrapháirtithe agus mar thoradh air sin, tá SBCI oscailte do riosca comhdhlúthachta freisin. | I measc na mbeart maolaithe atá i bhfeidhm maidir leis an riosca sin tá dícheall cuí roimh aon chinntí iasachta, monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach ar shaoráidí iasachtaithe ar aghaidh, chomh maith le hathbhreithniú rialta ar chomhlíonadh na gcúnant agus na ngealltanas faoi seach. I measc na mbeart eile tá tuairisciú ráithiúil ina ndéantar monatóireacht ar na leibhéil riosca fhoriomlána sa phunann, lena n-áirítear anailís ar na príomhtháscairí riosca a mhionsonraítear sa Ráiteas Inghlacthachta Riosca agus measúnú ar riosca creidmheasa a dhéanann an Coiste Creidmheasa agus an Bord. |
| Riosca Oibriúcháin | An riosca a bhaineann le próisis inmheánacha (earráid dhaonna ina measc) nó córais neamhleora agus/nó neamhéifeachtacha nó eachtraí seachtracha as a n-eascródh caillteanais oibriúcháin agus/nó díobháil do chustaiméirí. | Maolaítear an riosca sin trí thacaíocht oibríochta agus seirbhísí leanúnachas gnó a sholáthraíonn GBCN, dá bhforáiltear faoi Acht SBCI, agus trí chloí leis na beartais agus na nósanna imeachta ábhartha. Tá córais agus próisis nua faoi réir athbhreithniú cuimsitheach agus fhaomhadh an údaráis chuí agus úsáidtear modheolaíocht láidir bainistíochta tionscadal chun tionscadail nua a bhainistiú. |
| Riosca Comhlíonta | An riosca a bhaineann le mainneachtain na ceanglais reachtúla agus rialála ábhartha ar fad a chomhlíonadh, as a n-eascródh smachtbhannaí rialála agus/nó dochar don chlú. | Maolaítear an riosca sin trí chomhairle dhlí agus chomhlíonta inmheánach agus sheachtrach a fhostú, chun a chinntiú go gcomhlíontar dlíthe agus rialacháin ábhartha, agus trí chloí le beartais agus nósanna imeachta ábhartha. |
| Riosca Leachtachta agus Cistithe | An riosca a bhaineann le héagumas SBCI a shócmhainní a chistiú agus a oibleagáidí íocaíochta conartha a íoc de réir mar a bhíonn siad dlite, gan caillteanais neamhghlactha a thabhú, agus ag coinneáil ag an am céanna bonn cistithe éagsúlaithe, seasmhach agus cost-éifeachtach. | Maolaítear an riosca seo trí athbhreithnithe rialta ar ár staid mhaoinithe agus ar riachtanais mhaoinithe amach anseo. Déantar maoiniú úis inathraithe a mheaitseáil le hiasachtaí athraitheacha a eisítear. Ina theannta sin, leagtar amach spriocanna leachtachta i mbeartais ábhartha agus déantar monatóireacht agus tuairisciú ar chomhlíonadh. |

"Tá Bord SBCI tiomanta do chultúr ionracais, ardchaighdeáin eitice agus feasacht láidir ar riosca a chur chun cinn."

# UARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ & RÁITIS AIRGEADAIS CHORPARÁID BAINCÉIREACHTA STRAITÉISEACH NA hÉIREANN

**DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2023**

# CLÁR ÁBHAIR


| | |
|---|---|
| Eolas faoin gCuideachta agus Eolas Eile | 57 |
| Tuarascáil na Stiúrthóirí | 58 |
| Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí | 63 |
| Ráiteas ar Rialú Inmheánach | 64 |
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 68 |
| Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach | 71 |
| Ráiteas ar an Staid Airgeadais | 72 |
| Ráiteas ar Athruithe ar Chothromas | 74 |
| Ráiteas ar Shreabhadh Airgid | 75 |
| Nótaí a Ghabhann leis na Ráitis Airgeadais | 77 |

# EOLAS FAOIN gCUIDEACHTA AGUS EOLAS EILE

## STIÚRTHÓIRÍ

Barbara Cotter
*(a d'éirigh as an 29 Feabhra 2024)*

June Butler

Ian Black

Deirdre Donaghy
*(a ceapadh an 12 Bealtaine 2023)*

Eoin Dorgan
*(a d'éirigh as an 31 Nollaig 2023)*

Tom McAleese
*(resigned 31 December 2023)*

Marguerite McMahon

AJ Noonan
*(a d'éirigh as an 31 Nollaig 2023)*

Richard Pelly

Eilis Quinlan

Patrick Delaney
*(a ceapadh an 1 Eanáir 2024)*

Declan Murray
*(a ceapadh an 1 Eanáir 2024)*

Elaine Hanly
*(a ceapadh an 1 Márta 2024)*

## RÚNAÍ NA CUIDEACHTA

Desmond O'Connor

## OIFIG CHLÁRAITHE

Treasury Dock
North Wall Quay
Dublin 1
D01 A9T8

## BAINCÉIRÍ

### Citibank

1 Cé an Phoirt Thuaidh
Baile Átha Cliath 1
D01 T8Y1

### Banc Ceannais na hÉireann

Sráid Wapping Nua
Cé an Phoirt Thuaidh
Baile Átha Cliath 1
D01 F7X3

### Danske Bank

3 Plás Mháistir an Chuain
An Lárionad Seirbhísí
Airgeadais Idirnáisiúnta
Baile Átha Cliath 1
D01 K8F1

## AUDITOR

An tArd-Reachtaire Cuntas agus
Ciste 3A Sráid an Mhéara Uachtarach
BÁC 1
D01 PF72

# TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ

**Cuireann Stiúrthóirí Chorparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann (“an Chuideachta” nó “SBCI”) a dtuarascáil agus ráitis airgeadais iniúchta i láthair maidir leis an mbliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2022 (“an Bhliain Airgeadais”).**

## PRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHTAÍ

Bunaíodh an Chuideachta de bhun an Achta um Chorparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann, 2014 (“Acht SBCI 2014”) agus ionchorpraíodh é faoi Achtanna na gCuideachta 1963 go 2013 ar an 12 Meán Fómhair 2014, agus tiontaíodh ina chuideachta gníomhaíochta ainmnithe é faoi Acht na gCuideachtaí, 2014 ar an 28 Iúil 2016. Baineann an Chuideachta leas as foinsí cistithe Éireannacha agus idirnáisiúnta chun tacú le soláthar creidmheasa d’fhiontair in Éirinn agus tomhaltóirí mar chuid den Scéim um Uasghrádú Fuinnimh Tí (“HEULS”) a seoladh go luath in 2024 Déantar é sin trí tháirgí leachtacht agus comhroinnte riosca a sholáthar d’iasachtóirí ar aghaidh tríú páirtí. Is gá do na hiasachtóirí ar aghaidh sin na ráta úis agus téarmaí creidmheasa níos tairbhiúla a chur ar aghaidh chuig fiontair in Éirinn ansin.

Díríodh príomhghníomhaíochtaí SBCI i rith na bliana airgeadais ar leachtacht agus scéimeanna breise comhroinnte riosca a sholáthar chun creidmheas a sholáthar d’iasachtaithe i bhfiontair bheaga agus mheánmhéide (“FBManna”) agus iasachtaithe i gCuideachtaí Meánchaipitlithe Beaga* in Éirinn chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le tionchar na coinbhleachta san Úcráin agus chun tacú le hinfheistíocht i bhfás agus inbhuanaitheacht a ngnólachtaí. I gcaitheamh na bliana, chuir SBCI roinnt tionscnamh i bhfeidhm chun é a dhéanamh níos fusa do ghnólachtaí Éireannacha teacht ar an airgeadas a bhí ag teastáil uathu dá ngnó.

Áiríodh ar ghníomhaíochtaí táirgí nua seachadadh na Scéime Iasachta Fáis agus Inbhuanaithe (“GSLS”) i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, agus an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. Seoladh Scéim Ráthaíochta Creidmheasa na hÚcráine (“UCGS”), atá á feidhmiú ag SBCI thar ceann an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta in 2023 freisin, agus fuair breis agus 5,400 gnólacht cóid incháilitheachta don scéim faoi dheireadh na bliana. Ina theannta sin, lean SBCI de bheith ag bainistiú tarraingtí anuas faoin Scéim Iasachta Tionchair Brexit, an Scéim Iasachta um Fhás sa Todhchaí agus an Scéim Iasachta um Éifeachtúlacht Fuinnimh, agus lean SBCI le forbairt HEULS a chur chun cinn agus táthar ag súil go seolfar é go luath in 2024 chun tacú le hiasachtaithe in Éirinn a dteastaíonn maoiniú uathu chun uasghrádú éifeachtúlachta fuinnimh ar a gcuid maoine a mhaoiniú.

** Tagraíonn Cuideachtaí Meánchaipitlithe Beaga d’fhiontair ina bhfuil suas le 499 fostaí agus nach rangaítear mar FBM.*

## ATHBHREITHNIÚ GNÓ

Tugtar breac-chuntas i Ráiteas an Chathaoirligh agus in Athbhreithniú an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin sa Tuarascáil Bhliantúil ar fhorbairt agus ar fheidhmíocht SBCI i rith na bliana airgeadais agus ar theagmhais shuntasacha a tharla sa tréimhse sin. Tá tuilleadh faisnéise faoi straitéis agus samhail ghnó SBCI sa chuid ar Straitéis den Tuarascáil Bhliantúil agus tá athbhreithniú cuimsitheach ar oibríochtaí SBCI sa mhír faoi Athbhreithniú Gnó.

I rith na bliana airgeadais, dhírigh SBCI ar a thrí líne ghnó a fhorbairt, is iad sin iasachtú, comhroinnt riosca agus soláthar seirbhísí. Lean SBCI ag déanamh dul chun cinn ar a ghnó iasachtaithe trí chreidmheas breise a réamhíoc le hiasachtóirí ar aghaidh agus rinneadh forbairt agus dáileadh ar tháirgí nua comhroinnte riosca. Lean an Chuideachta ag reáchtáil na Scéime Ráthaíochta Creidmheasa ("CGS") agus CCGS freisin thar ceann an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. I rith na bliana airgeadais, léiríonn siad seo a leanas na príomhthorthaí feidhmíochta:

- Seoladh an UCGS ar fiú €1,200.0m é chuig an margadh i mí Eanáir 2023. Faoi dheireadh na bliana, bhí 16 iasachtóir ar aghaidh ag glacadh páirte sa scéim seo lena n-áirítear AIB, Banc na hÉireann, Capitalflow agus 13 Chomhar Chreidmheasa. Tá trí iasachtóir ar aghaidh breise sceidealaithe le dul isteach sa scéim in 2024. San iomlán, tharraing breis agus 2,320 gnó €219.0m d'iasachtaí nua tríd an scéim seo in 2023.
- Seoladh an Scéim Iasachta Fáis agus Inbhuanaitheachta ar fiú €500.0m í chuig an margadh freisin i Meán Fómhair 2023 agus faoi dheireadh na bliana, ba iad AIB, Banc na hÉireann agus Airgeadas Éireann na hiasachtóirí ar aghaidh a bhí rannpháirteach. Táthar ag súil go dtiocfaidh PTSB agus Close Brothers isteach sa scéim in 2024. San iomlán, rinne breis agus 45 gnólacht €10.0m d'iasachtaí nua tríd an scéim seo in 2023.
- Dúnadh an Scéim Iasachta um Éifeachtúlacht Fuinnimh, a seoladh ar an margadh ar dtús in 2022, d'iarratais nua ar an 31 Nollaig 2023, tar éis €10.0m de mhaoiniú a sholáthar do 156 gnólacht.
- Ar fud gach táirge iasachta arna dtacú ag SBCI, thug ár n-iasachtóirí ar aghaidh €356.0m d'iasachtaí ar chostas níos ísle do GBManna agus do Chuideachtaí Meánchaipitlithe Beaga isteach sa mhargadh.
- Cheadaigh SBCI €67.1m d'áiseanna leachtachta dá hiasachtóirí ar aghaidh chun iasachtaí ar chostas íseal a sholáthar do FBManna agus do Chuideachtaí Meánchaipitlithe Beaga.
- Tharraing iasachtóirí ar aghaidh €31.8m de shaoráidí leachtachta in 2023 agus rinne iasachtóirí ar aghaidh €104.8m d'aisíocaíochtaí príomhshuime iasachta le SBCI. D'aisíoc iasachtóir ar aghaidh amháin saoráid iasachta €55.0m ó SBCI i rith na bliana.

## ÉAGSÚLACHT AGUS IONCHUIMSIÚ

Is mian le SBCI éagsúlacht a custaiméirí agus an gheilleagair ina bhfeidhmíonn sí a léiriú trína chinntiú go bhfuil an lucht saothair laistigh de SBCI ionadaíoch ar gach ball den tsochaí. Ag teacht le beartas comhionannais ionad oibre SBCI, tá SBCI tiomanta do dhaoine a mhealladh agus a fhorbairt ó raon leathan cúlraí agus a chinntiú go bhfuil comhdheiseanna laistigh de SBCI do chách, gan aon chineál idirdhealaithe.

Agus é ag earcú do gach ról laistigh de SBCI, féachann sé le poist a chur chun cinn ar bhealach a shroichfidh an raon iarrthóirí is leithne agus na linnte tallainne is éagsúla. Coinníonn SBCI maitrís scileanna maidir le Bord SBCI (an "Bord") chun leibhéal na taithí ábhartha i bpríomhréimsí, lena n-áirítear éagsúlacht agus cuimsiú, a shainaithint. Amhail an 31 Nollaig 2023, bhí an Bord comhdhéanta de chúigear ban (56%) agus de cheathrar fear (44%), agus bhí 23 bean (52%) agus 21 fear (48%) ar fhoireann ginearálta SBCI.

## PRIONSABAIL INBHUANAITHE

Tá SBCI tiomanta d'inbhuanaitheacht a chur chun cinn ar fud an ghnó, agus leis na FBManna agus na Cuideachtaí Meánchaipitlithe Beaga a bhfreastalaíonn sé orthu. Tá sé ina chuid lárnach de ghníomhaíochtaí gairmiúla SBCI imní faoin gcomhshaol agus clár oibre inbhuanaitheachta níos leithne a chur chun cinn agus an eagraíocht a bhainistiú. Tá sé mar aidhm ag SBCI dea-chleachtas inbhuanaitheachta a leanúint agus a chur chun cinn, chun tionchair chomhshaoil ár ngníomhaíochtaí go léir a laghdú agus cabhrú lena chliaint agus lena chomhpháirtithe an rud céanna a dhéanamh.

Agus an tábhacht a bhaineann le forbairt inbhuanaithe á haithint agus le haistriú i dtreo geilleagar ísealcharbóin, thug SBCI tosaíocht do thionscnaimh a thacaíonn le hinbhuanaitheacht comhshaoil in 2023. Rinne SBCI sainchláir chistiúcháin a fhorbairt agus a thairiscint, lena n-áirítear an Scéim Iasachta um Fhás agus Inbhuanaitheacht agus an Scéim Iasachta um Éifeachtúlacht Fuinnimh le dreasachtaí do FBManna agus Cuideachtaí Meánchaipitlithe Beaga atá páirteach go gníomhach le cleachtais inbhuanaithe agus teicneolaíochtaí glana. Tacóidh na tionscnaimh sin le hastaíochtaí carbóin a laghdú, le tionscadail fuinnimh in-athnuaite a chur chun cinn, agus le cleachtais ghnó ghlasa a chur chun cinn ar fud na dtionscal éagsúil in Éirinn Ina theannta sin, lean SBCI ar aghaidh in 2023 le forbairt HEULS a seoladh in 2024 a chur chun cinn chun tacú le hiasachtaí fadtéarmacha d'iasachtaithe a dteastaíonn maoiniú uathu chun uasghrádú éifeachtúlachta fuinnimh ar a réadmhaoin a mhaoiniú.

## PRÍOMHRIOSCAÍ AGUS NEAMHCHINNTEACHTAÍ

D'fhéadfadh tionchar a bheith ag príomhrioscaí agus neamhchinnteachtaí ar ár gcumas ár gcuspóirí straitéiseacha a sheachadadh. Breithníonn SBCI rioscaí a eascraíonn as tionchar suaitheadh an mhargaidh sheachtraigh, imeachtaí geopholaitiúla nó rioscaí atá ag teacht chun cinn a d'fhéadfadh tionchar ábhartha a imirt ar ár dtorthaí airgeadais nó oibriúcháin nó ar chlú SBCI.

Leagtar amach anseo thíos na príomhrioscaí agus neamhchinnteachtaí atá roimh SBCI:

### Riosca Gnó agus Straitéiseach

Is éard atá i riosca gnó agus straitéiseach ná an riosca a bhaineann le mainneachtain cuspóirí agus spriocanna comhaontaithe straitéiseach SBCI a bhaint amach, mar gheall ar chúinsí inmheánacha nó seachtracha, rud as a n-eascródh dochar don chlú agus/nó díobháil do chustaiméirí. Riosca den sórt sin a bheadh i gceist mura ndéanfadh SBCI a tháirgí a struchtúrú go cuí agus straitéis seachadta oiriúnach a chur i bhfeidhm go tráthúil, rud ba chúis le drochthorthaí do ghnólachtaí.

### Riosca Creidmheasa agus Comhdhlúthachta

Tá SBCI neamhchosanta ar an riosca go mainneoidh contrapháirtí a oibleagáidí agus go mainneoidh sé a fhiach a aisíoc go hiomlán, agus go mbeidh caillteanais do SBCI dá bharr. Bíonn SBCI neamhchosanta ar riosca creidmheasa (i) mar gheall ar a iasachtaí d'iasachtóirí ar aghaidh agus (ii) maidir lena scéimeanna comhroinnte riosca, mar gheall ar iasachtaí a thugtar d'iasachtaithe deiridh atá ráthaithe ag SBCI. Tá cáilíocht chreidmheas SBCI láidir i gcónaí i gcomhthéacs rátaí arda boilscithe agus úis in 2023. Ar aon dul le IAS39, níl aon mhuirear lagaithe molta do 2023.

### Riosca Oibriúcháin

De réir mar a fhásann SBCI agus go bhféachann sí le tacaíochtaí margaidh breise a sheachadadh tá sé nochta do riosca oibriúcháin méadaithe mar thoradh ar phróisis inmheánacha fo-optamaÍ nó teipthe, fachtóirí daonna, córais, nó teagmhais sheachtracha as a dtagann caillteanais oibriúcháin agus/nó dochar do chustaiméirí. Déanann SBCI monatóireacht rialta ar a nochtadh do riosca oibriúcháin agus cuireann sí oiliúint leanúnach ar fáil don fhoireann chun an riosca seo a laghdú.

### Riosca Comhlíonta

Tá gníomhaíochtaí SBCI faoi réir rialacha Státchabhrach an AE agus rialacháin eile. Tá an baol ann go dteipfidh ar SBCI na rialacha agus na rialacháin sin a chomhlíonadh, rud a fhágann go ndéanfar dochar do cháil nó dochar airgeadais do SBCI.

### Riosca Leachtachta agus Cistithe

Bíonn SBCI ag brath ar ranna Rialtais agus ar Ghrúpa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta chun a scéimeanna leachtachta agus roinnte riosca a mhaoiniú. Déanann SBCI a chuid línte maoinithe a bhainistiú lena chinntiú go bhfuil maoiniú maith aici le bonn maoinithe costéifeachtach. Fanann staideanna maoinithe agus leachtachta SBCI faoi athbhreithniú rialta.

## BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS

Tá SBCI neamhchosanta ar rioscaí creidmheasa, margaidh, leachtachta, caipitil agus comhdhlúthachta i rith a ghnáthghnó. Tá tuilleadh sonraí maidir le beartas na Cuideachta agus an chaoi a mbainistítear na rioscaí sin i Nóta 15 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

## STIÚRTHÓIRÍ

Is iad seo a leanas na daoine a bhí ina Stiúrthóirí ar an gCuideachta ag am ar bith i rith na bliana airgeadais:

Barbara Cotter *(d'éirigh as 29 Feabhra 2024)*

June Butler

Ian Black

Deirdre Donaghy *(ceaptha 12 Bealtaine 2023)*

Eoin Dorgan *(d'éirigh as an 3 Bealtaine 2023)*

Tom McAleese *(d'éirigh as ar an 31 Nollaig 2023)*

Marguerite McMahon

AJ Noonan *(d'éirigh as an 31 Nollaig 2023)*

Richard Pelly

Eilis Quinlan

## LEASANNA STIÚRTHÓIRÍ

Ní raibh aon leas tairbhiúil ag na Stiúrthóirí sa Chuideachta i rith na bliana airgeadais ná amhail deireadh na bliana airgeadais (féach ar Nóta 28). Is leis an Aire Airgeadais amháin scairchaipiteal eisithe na Cuideachta (féach ar Nóta 23).

## TAIFID CHUNTASAÍOCHTA IMLEORA

Cinntíonn na Stiúrthóirí go gcomhlíontar oibleagáidí na Cuideachta maidir le taifid chuntasaíochta a choinneáil mar a éilítear faoi ailt 281 go 285 d'Acht na gCuideachtaí, 2014, bhaint as pearsanra cuntasaíochta cáilithe agus córais agus nósanna imeachta cuí, mar a leagtar amach sa Ráiteas ar Rialú Inmheánach. Coinnítear na taifid chuntasaíochta in oifig chláraithe na Cuideachta ag Duga an Státchiste, Cé an Bhalla Thuaidh, Baile Átha Cliath 1, D01 A9T8.

## TORTHAÍ AGUS DÍBHINNÍ

Leagtar amach na torthaí don bhliain airgeadais agus staid gnóthaí na Cuideachta sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach agus sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais faoi seach. Forálann Acht SBCI 2014, inter alia, go ndéanfar, a mhéid is féidir, agus i gcomhréir le baint amach a chuid fheidhmeanna reachtúla faoi alt 8 den Acht SBCI 2014, féachfaidh SBCI le toradh airgeadais dearfach a bhaint amach don Stát. Tá an cuspóir seo fós faoi athbhreithniú rialta ag Bord SBCI agus ag foireann ardbhainistíochta SBCI.

Níor íoc an Chuideachta aon díbhinní i rith na bliana airgeadais lena scairshealbhóir aonair, an tAire Airgeadais, agus níl sé i gceist aige aon díbhinn a íoc le haghaidh na bliana airgeadais seo.

## TEAGMHAIS I nDIAIDH NA TRÉIMHSE TUAIRISCITHE

Féach ar Nóta 29 de na ráitis airgeadais.

## INIÚCHÓIR

Is é an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchóir na Cuideachta de bhua alt 19 d'Acht SBCI 2014. Go bhfios do na Stiúrthóirí ar fad, níl aon fhaisnéis ábhartha iniúchta ann nach bhfuil ar eolas ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste de bhun alt 330(1)(a) d'Acht na gCuideachtaí, 2014. Thug gach Stiúrthóir faoi na bearta go léir ar cheart dóibh a ghlacadh mar stiúrthóir chun é/í féin a chur ar an eolas faoi aon fhaisnéis ábhartha iniúchóireachta agus lena dheimhniú go bhfuil iniúchóir reachtúil na Cuideachta an ar an eolas faoin bhfaisnéis sin.

Faofa agus údaraithe lena n-eisiúint ag an mbord stiúrthóirí agus sínithe thar a cheann:



**June Butler**

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann



**Patrick Delaney**

Cathaoirleach
Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann

7 Meitheamh 2024

# RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ NA STIÚRTHÓIRÍ

Ceanglaíonn dlí na gcuideachtaí ar na Stiúrthóirí ráitis airgeadais na Cuideachta a ullmhú do gach bliain airgeadais. Chinn na Stiúrthóirí na ráitis airgeadais a ullmhú de réir FRS 102, is é sin, an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn ("creat tuairiscithe airgeadais ábhartha") agus de réir Acht na gCuideachtaí, 2014.

Faoi dhlí na gcuideachtaí, ní féidir leis na Stiúrthóirí na ráitis airgeadais a fhaomhadh seachas má tá siad sásta go dtugann siad léargas fírinneach cóir ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais na Cuideachta ag deireadh na bliana airgeadais agus ar bhrabús nó ar chaillteanas na Cuideachta don bhliain airgeadais, agus go gcomhlíonann siad ar gach slí eile Acht na gCuideachtaí, 2014.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú acu, ceanglaítear ar na Stiúrthóirí:

- beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta.
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus ciallmhar.
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, ach amháin i gcás nach cuí sin.
- a lua ar ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasaíochta infheidhme, na caighdeáin sin a shainaithint, agus an tionchar a bhí ag aon imeacht ábhartha ó na caighdeáin sin agus an chúis leis an imeacht ábhartha a lua.

TTá na Stiúrthóirí freagrach as a chinntiú go gcoimeádann an Chuideachta, nó go socraíonn sí go gcoimeádtar, taifid imleora chuntasaíochta a mhíníonn agus a thaifeadann i gceart idirbhearta na Cuideachta, a chuireann ar a chumas gur féidir ag am ar bith sócmhainní, dliteanais, staid airgeadais agus brabús nó caillteanas na Cuideachta a chinneadh le cruinneas réasúnta, a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais agus tuarascáil na Stiúrthóirí ceanglais Acht na gCuideachtaí, 2014 agus a chuireann ar a chumas na ráitis airgeadais a iniúchadh.

Tá na Stiúrthóirí freagrach freisin as sócmhainní na Cuideachta a chosaint agus dá bhrí sin tá dualgas orthu céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Tá na Stiúrthóirí freagrach as cothabháil agus as iontaofacht na faisnéise airgeadais agus eile a bhíonn ar shuíomh gréasáin na Cuideachta (www.sbci.gov.ie). D'fhéadfadh go bhfuil reachtaíocht in Éirinn a rialaíonn ullmhú agus scaipeadh ráitis airgeadais éagsúil ó reachtaíocht i ndlínsí eile.

---

Faofa agus údaraithe lena n-eisiúint ag an mbord stiúrthóirí agus sínithe thar a cheann:

**June Butler**

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann

**Patrick Delaney**

Cathaoirleach
Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann

7 Meitheamh 2024

# RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH

## SCOPE OF RESPONSIBILITY

**Thar ceann Bhord Stiúrthóirí SBCI (an "Bord"), aithnímid an fhreagracht atá ar an mBord as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánacha a choinneáil agus a reáchtáil. Áirítear sa fhreagracht seo ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).**

Tá SBCI tiomanta d'ardchaighdeáin rialachais chorparáidigh a chinntiú agus tacaíonn an Bord agus Coistí an Bhoird leis seo.

## CUSPÓIR AN CHÓRAIS RIALAITHE INMHEÁNAIGH

Tá an córas rialaithe inmheánaigh in ainm is riosca a bhainistiú i leith leibhéal infhulaingthe, seachas fáil réidh leis. Mar sin, ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnach agus ní dearbhú iomlán a thabhairt go bhfuil sócmhainní á gcosaint, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath in am tráthúil.

Bhí córas rialaithe inmheánaigh, atá ag teacht leis an treoir arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm i CNOS don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2012 agus suas go dtí an dáta a ceadaíodh na ráitis airgeadais, Tá caiteachas, Seachadadh agus Athchóiriú an PFN i bhfeidhm i SBCI don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023 agus suas go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais.

## AN CUMAS DUL I nGLEIC LE RIOSCA

Tugann an Bord ceannaireacht don eagraíocht, ag leagan síos an treo straitéisigh agus an fonn riosca chun tacú leis an straitéis. Faomhann an Bord Creat Bainistíochta Riosca SBCI ná bailiúchán uirlisí, próiseas agus modheolaíochtaí a thacaíonn le SBCI na rioscaí atá os a chomhair a aithint, a mheasúnú, a mhonatóiriú agus a rialú, agus a cuspóirí straitéiseacha á seachadadh. Tá an Creat Bainistíochta Riosca deartha chun teacht le méid, scála agus castacht SBCI agus bhí sé faoi réir athbhreithniú seachtrach in 2023, mar a mholtar sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit. Léiríonn sé nasc soiléir le straitéis agus plean gnó iomlán SBCI, agus leagann sé amach an bhainistíocht riosca, na cuspóirí, agus ár gcur chuige maidir le cumas bainistíochta riosca SBCI a fhorbairt.

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ag SBCI ar a bhfuil comhaltaí neamhfheidhmiúcháin an Bhoird, ag a bhfuil taithí airgeadais agus/nó iniúchóireachta, agus feidhmíonn duine acu mar Chathaoirleach an Choiste. Tháinig an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca le chéile sé huaire in 2023.

Déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca maoirseacht ar ghníomhaíochtaí iniúchóireachta inmheánaí SBCI, atá bunaithe ar chlár oibre a mhol feidhm iniúchóireachta inmheánaí Ghníomhaireacht Bainistíochta an Státchiste Náisiúnta ("GBCN") agus a d'fhaomh an Coiste. Tugann feidhm iniúchóireachta inmheánaí GBCN faoi ghníomhaíochtaí iniúchóireachta inmheánaí SBCI.

Cuireann GBCN seirbhísí áirithe airgeadais, acmhainní daonna, dlí, iniúchóireachta inmheánaí, riosca, comhlíonta agus soláthair ar fáil do SBCI, dá bhforáiltear faoi alt 10 d'Acht SBCI 2014, agus de réir mar atá comhaontaithe sa Chomhaontú Seirbhíse idir GBCN agus SBCI.

Dá bhrí sin, bíonn SBCI ag brath go mór ar na rialuithe a fheidhmíonn GBCN. Tá córas rialaithe inmheánaigh cuimsitheach forbartha ag GBCN agus déantar aon seirbhísí a chuirtear ar fáil do SBCI faoin gcomhaontú seirbhíse a chur ar fáil de réir chóras rialaithe inmheánaigh GBCN. Tá litir faighte ag SBCI ó GBCN ina ndeimhnítear go raibh córas rialaithe inmheánaigh GBCN i leith na seirbhísí a cuireadh ar fáil do SBCI ag obair go héifeachtach i ndáil leis an mbliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023.

## CREAT UM RIOSCA AGUS RIALÚ

Tá córas bainistíochta rioscaí curtha i bhfeidhm ag SBCI lena sonraítear agus lena thuairiscíonn príomhrioscaí buntábhachtacha agus gníomhartha bainistíochta a dhéantar chun aghaidh a thabhairt orthu agus, oiread agus is féidir, na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sonraítear na rioscaí buntábhachtacha a bhíonn roimh SBCI agus sonraíodh, measadh agus grádaíodh iad sin de réir a shuntasaí is a bhíonn siad. Déantar measúnú ar gach riosca maidir lena n-iarmhairt cháiliúil agus/nó airgeadais ar SBCI. Rinneadh athbhreithniú cuimsitheach ar an gClár Riosca in 2023, lena n-áirítear athbhreithniú ón mbun aníos ar rioscaí agus rialuithe uile SBCI. Má aithnítear rioscaí, cuirtear rialuithe i bhfeidhm chun na rioscaí sin a bhainistiú agus a mhaolú. Rinne foireann riosca SBCI tástáil neamhspleách dara líne ar shampla rialuithe in 2023.

Déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú ar bhonn leathbhliantúil ar a laghad ar an gClár Rioscaí agus déanann an bord athbhreithniú air uair amháin ar a laghad gach bliain airgeadais. Baintear úsáid as toradh na n-athbhreithnithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go mbainistítear rioscaí go sásúil.

Éilítear ar an bhfoireann bainistíochta fianaise a thabhairt go ráithiúil go bhfuil na rialuithe a shonraítear sa Chlár Rioscaí i bhfeidhm agus éifeachtach, chomh fada agus is eol dóibh.

Sa Chlár Rioscaí, (i) tugtar mionsonraí faoi na rialuithe agus gníomhartha a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú agus (ii) sanntar freagracht as na rialuithe agus na gníomhartha sin a reáchtáil ar chomhaltaí SBCI foirne sonracha. Deimhnímid go bhfuil na gnéithe seo a leanas sa timpeallacht rialaithe:

- Nósanna imeachta tuairiscithe le haghaidh na bpríomhphróiseas gnó.
- Córais a chinntíonn slándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide.
- Athbhreithniú agus measúnú rialta ar shócmhainní airgeadais.
- Córas cuimsitheach buiséadaithe le n-áirítear buiséad bliantúil a athbhreithníonn agus a fhaomhann an Bord.
- Athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla a shonraíonn feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamh-mheastachán.
- Disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail.
- Cloí le Tuairisciú a dhéanamh ar 'Éagóiritheoireacht' agus an ' Beartas um Nochtadh 'Cosanta agus an beartas frithchalaoise.

Spreagann SBCI cultúr láidir feasachta riosca agus trédhearcachta trí rialachas láidir riosca, cuntasacht shoiléir agus oiliúint, nuashonruithe rialta inlín agus oiliúint intí beo agus ríomhaire-bhunaithe. Tá beartais ina gcuid lárnach de bhainistiú riosca laistigh de SBCI. Tá sraith beartas, creataí agus nósanna imeachta i bhfeidhm againn ar fud na heagraíochta a chlúdaíonn na codanna móra dár ngnó. Tugann siad breac-chuntas ar an gcaoi a bhfuil sé beartaithe againn feidhmiú, ag cur ceanglais rialála nó dlíthiúla agus dea-chleachtas an tionscail san áireamh. Faomhann na coistí cuí na beartais agus cuirtear in iúl don fhoireann iad. Tá comhghleacaithe faoi réir Chód Iompraíochta GBCN agus dearbhuithe bliantúla um chomhlíonadh chomh maith.

## RIOSCA TRÍÚ PÁIRTÍ

Braitheann SBCI ar sholáthraithe seirbhísí seachfhoinsithe ríthábhachtacha éagsúla, GBCN ina measc, le haghaidh soláthar oibríochta a chuid seirbhísí. Tá beartais agus nósanna imeachta bainistíochta riosca tríú páirtí mionsonraithe i bhfeidhm chun monatóireacht agus rialú a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann leis sin. Ina theannta sin, is trí shamhail iasachtóir ar aghaidh a chuirtear na tacaíochtaí a sholáthraíonn SBCI do FBManna agus do Chuideachtaí Meánchaipitlithe Beaga mar a bhfostaítear iasachtóirí bainc, iasachtóirí neamhbhainc agus comhair chreidmheasa éagsúla chun creidmheas a dháileadh ar FBManna agus ar Chuideachtaí Meánchaipitlithe Beaga.

Tá beartais agus nósanna imeachta foirmiúla i bhfeidhm chun monatóireacht agus rialú a dhéanamh ar aon riosca a bhaineann le soláthar thacaíochtaí SBCI trínár n-iasachtóirí ar aghaidh.

Nochtadh i ráitis airgeadais 2022 gur cuireadh in iúl do SBCI go bhféadfadh go mbeadh líon beag iasachtaí (11) arbh fhiú €1.2m san iomlán iad arna dtacú ag iasachtóir ar aghaidh ar bhonn faisnéise calaoisí airgeadais agus airgeadais a cuireadh i láthair ag iasachtaithe áirithe.

Fuarthas ocht gcinn de na hiasachtaí dar luach €1.0m iad faoin Scéim Ráthaíochta Creidmheasa COVID-19. Tá an t-iasachtóir ar aghaidh faoi dhliteanas €0.2m de na caillteanais agus d'fhéadfadh go mbeadh an t-iarmhéid €0.8m le híoc ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta a bhfuil an scéim seo á hoibriú ag SBCI thar a ceann.

Fuarthas trí cinn de na hiasachtaí dar luach €0.25m iad faoin Scéim Iasachta Brexit agus Scéim Iasachta Caipitil Oibre COVID-19. Bhí an t-iasachtóir ar aghaidh faoi dhliteanas i leith €0.10m de na caillteanais, chlúdaigh ráthaíocht an Chiste Eorpaigh Infheistíochta €0.10m agus tá an t-iarmhéid €0.10m le híoc ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara ar bhonn pro rata dá ranníocaíochtaí faoi seach don BLS/CWCS. Íocadh an clúdach ráthaíochta ar iasachtaí BLS/CWCS leis an iasachtóir ar aghaidh in 2022 agus tá na hiasachtaí CCGS fós faoi athbhreithniú.

Nuair a tugadh fógra faoin gcalaois amhrasta, chuaigh SBCI i dteagmháil leis an iasachtóir ar aghaidh chun an t-ábhar a fhiosrú agus tuairiscíodh an chalaois láithreach do na húdaráis ábhartha agus tá imscrúduithe fós ar siúl.

## MOMONATÓIREACHT AGUS ATHBHREITHNIÚ LEANÚNACH

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe. Cuirtear easnaimh rialuithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don Ardbhainistíocht agus don Bhord, nuair is ábhartha, go tráthúil. Deimhnímid go bhfuil na córais leanúnacha mhonatóireachta seo a leanas i bhfeidhm:

- Sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe lena mbaineann agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar reáchtáil na rialuithe sin agus aon easnamh a shainaithnítear a thuairisciú.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht as bainistiú airgeadais; agus
- Déanann an Ardbhainistíocht agus an bord athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha bliantúla/tréimhsiúla feidhmíochta agus airgeadais a léiríonn feidhmíocht i gcomparáid le buiséid/réamh-mheastacháin.

## SOLÁTHAR

De bhun shamhail ghnó SBCI, tugann GBCN tacaíocht do SBCI maidir le cúrsaí soláthair. Cloíonn SBCI le Beartas Soláthair GBCN (atá foilsithe ar a shuíomh gréasáin) agus lena nósanna imeachta gaolmhara, atá ag teacht le treoirlínte reatha ón Oifig um Sholáthar Rialtais.

I gcúinsí áirithe meastar go bhfuil sé iomchuí eisceachtaí atá údaraithe go cuí ón mBeartas agus na Nósanna Imeachta a cheadú (i.e. gan próiseas tairisceana iomaíoch a reáchtáil) i ndáil le seirbhísí, soláthairtí nó oibreacha lena mbaineann luach atá faoi bhun thairseacha an Aontais Eorpaigh, mar shampla, ar chúiseanna rúndachta, coimhlintí leasa, práinne, chun cearta maoine intleachtúla a chosaint, aon fhoinse soláthair amháin, etc.

I rith na bliana airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2019, d'fhaomh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin eisceacht soláthair dar luach €0.036m (i.e. faoi bhun thairseach an Aontais Eorpaigh le haghaidh conarthaí seirbhíse) chun a chinntiú go bhfostódh SBCI oibritheoir margaidh aitheanta agus creidiúnach chun rátáil chreidmheasa neamhspleách a shannadh do SBCI, agus rinneadh an conradh seirbhíse le haghaidh tréimhse chúig bliana.

Meastar go gcosnóidh an tseirbhís sin thart ar €0.036m in 2024. Le linn na bliana airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2023, d'fhaomh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin eisceacht soláthair arbh fhiú €0.038m é chun gnólacht comhairleach a cheapadh (ón bpainéal comhairleach reatha) chun dícheall cuí iasachtóir ar aghaidh a thabhairt chun críche. Ceadaíodh an eisceacht seo mar gheall ar an spriocdháta an-dian a bhí riachtanach don athbhreithniú.

## ATHBHREITHNIÚ AR ÉIFEACHTÚLACHT

Dearbhaímid go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag SBCI chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta um bainistiú agus rialú rioscaí.

Bíonn monatóireacht agus athbhreithniú SBCI ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh á dtreorú ag obair fheidhm iniúchóireachta GBCN, an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca a mhaoirsíonn an obair, an lucht ardbhainistíochta laistigh de SBCI a bhíonn freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil agus Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Deimhnímid gur thug an Bord faoi athbhreithniú bliantúil ar an gcóras rialaithe inmheánaigh in don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023.

## FADHBANNA RIALAITHE INMHEÁNAIGH

Níor sainaithníodh aon laigí i gcóras an rialaithe inmheánaigh maidir leis an mbliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 a d'éileodh nochtadh sna ráitis airgeadais.

**Patrick Delaney**
Cathaoirleach
Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann

**Eilis Quinlan**
Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca
Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann

7 Meitheamh 2024

# TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE

## TUARASCÁIL LE CUR FAOI BHRÁID THITHE AN OIREACHTAIS

## CORPARÁID BAINCÉIREACHTA STRAITÉISEACH NA hÉIREANN

### Tuairim ar na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Chorparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann (an chuideachta) don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 mar a éilítear faoi fhorálacha an Achta um Chorparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann, 2014. Is éard atá sna cuntais an ráiteas ar ioncam cuimsitheach, an ráiteas ar an staid airgeadais, an ráiteas ar athruithe ar chothromas, an ráiteas ar shreabhadh airgid agus na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta. I mo thuairimse,

- tugann na ráitis airgeadais léargas fírinneach cóir ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais na cuideachta amhail an 31 Nollaig 2023 agus ar a hioncam agus a caiteachas le haghaidh 2023
- ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gceart de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102 – an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann, agus
- ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gceart de réir Acht na gCuideachtaí, 2014.

### Bunús na tuairime

Rinne mé iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna bhfógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tugtar tuairisc ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín don tuarascáil seo. Níl baint ná páirt agam leis an gcuideachta agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur iomchuí an fhianaise iniúchta a fuair mé chun bunús a thabhairt do mo thuairim.

### Tátail maidir le gnóthas leantach

Mar a thuairiscítear san aguisín leis an tuarascáil seo, bainim tátal as ar

- chomh hiomchuí agus atá sé go n-úsáidfeadh na stiúrt-hóirí bonn an ghnóthais leantaigh sa chuntasaíocht, agus
- an bhfuil éiginnteacht ábhartha ann maidir le himeachtaí nó dálaí a d'fhéadfadh amhras suntasach a chruthú i leith chumas na cuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

### Tuairim ar ábhar a ordaítear faoi Acht na gCuideachtaí, 2014

Bunaithe ar an obair a rinneadh le linn na hiniúchóireachta, agus ar an obair sin amháin, tuairiscím go bhfuil an méid seo a leanas fíor, dar liom:

- tá an fhaisnéis a thugtar i dtuarascáil na stiúrthóirí ag teacht leis na ráitis airgeadais, agus
- ullmhaíodh tuarascáil na stiúrthóirí de réir Acht na gCuideachtaí, 2014

Fuair mé an fhaisnéis ar fad agus gach míniú a mheasaim a bheith riachtanach chun críocha m'iniúchta. Is é mo thuairim

go raibh taifid chuntasaíochta na cuideachta leordhóthanach chun go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh go héasca agus i gceart, agus go dtagann na ráitis airgeadais leis na taifid chuntasaíochta.

Ina theannta sin, éilíonn Acht na gCuideachtaí, 2014 orm a thuairisciú mura ndéantar, i mo dtuairim féin, luach saothair agus idirbhearta stiúrthóirí a nochtadh de réir mar a éilíonn ailt 305 go dtí 312 den Acht. Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

### Tuairisc ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar ábhair eile

Chuir na stiúrthóirí faisnéis áirithe eile i láthair i dteannta na ráiteas airgeadais. Cuimsítear ansin an tuarascáil bhliantúil, lena n-áirítear an ráiteas rialachais agus tuarascáil na gcomhaltaí Boird, tuarascáil na stiúrthóirí, an ráiteas ar fhreagrachtaí na stiúrthóirí agus an ráiteas ar rialú inmheánach. Tá cur síos déanta san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar mo chuid freagrachtaí tuairisciú a dhéanamh i leith faisnéise den chineál sin, agus ar ábhair eile a ndéanaim tuairisciú orthu mar eisceacht.

### Saoráid iasachta shínte don iasachtóir ar aghaidh

Nochtar i nóta 15.1 (Riosca creidmheasa) gur aontaigh Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann aisíocaíocht saoráide iasachta €8.5 milliún a bhí dlite ó cheann dá cuid iasachtóirí ar aghaidh a chur siar i Meán Fómhair 2023, chun am breise a thabhairt don iasachtóir ar aghaidh chun an chéad chéim eile dá struchtúr caipitiúil a chur ar bun.  Rinneadh ath-idirbheartaíocht faoi théarmaí na saoráide iasachta leis an iasachtóir ar aghaidh agus d'fhaomh an Bord iad i mí na Nollag 2023. D'aontaigh Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann maoiniú breise €20 milliún a chur ar fáil don iasachtóir ar aghaidh.

Seamus McCarthy

**Seamus McCarthy**

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
13 Meitheamh 2024

## AGUISÍN LEIS AN TUARASCÁIL

### Freagrachtaí na stiúrthóirí

Mar a shonraítear sa ráiteas rialachais agus i dtuarascáil na gcomhaltaí Boird, tá na stiúrthóirí freagrach as

- ullmhú na ráiteas airgeadais i bhfoirm a fhorordaítear faoi Acht na gCuideachtaí, 2014
- a chinntiú go dtugtar léargas fírinneach cóir sna ráitis airgeadais i gcomhréir le FRS102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- breithiúnas a dhéanamh maidir le húsáid bhonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh a bheith iomchuí, agus
- an méid rialaithe Inmheánaigh agus a mheasann siad iomchuí a úsáid chun ráitis airgeadais atá saor ó mhíshonrú ábhartha a ullmhú, bíodh sé sin de bharr calaoise nó earráide

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Éilítear orm faoi alt 19 den Acht um Chorparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann, 2014 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais na cuideachta agus tuairisciú ina leith sin do Thithe an Oireachtais.

Is é mo chuspóir agus an t-iniúchadh ar bun dearbhú réasúnta a fháil an bhfuil na ráitis airgeadais ar an iomlán saor ó mhíráiteas ábhartha de bharr calaoise nó earráide nó nach bhfuil. Is ardleibhéal dearbhaithe é dearbhú réasúnach, ach ní ráthaíocht é go mbraithfidh iniúchadh a reáchtáiltear de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht, go mbraithfidh sé míshonrú ábhartha nuair is ann dó. Féadfaidh sé go dtagann míráitis aníos de dheasca calaoise nó earráide agus meastar go bhfuil siad ábhartha, más rud é, ina n-aonair nó ina gcomh-iomláine, go bhféadfaí a bheith ag súil leis go réasúnach go n-imreoidís tionchar ar chinntí eacnamaíocha arna ndéanamh ag úsáideoirí ar bhonn an chuntais seo.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil i rith an iniúchta. Ar an dóigh sin,

- aithním agus déanaim measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míshonrú ábhartha i leith an chuntais, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide; a dearadh agus cur i gcrích nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrach ar na rioscaí sin; agus fianaise iniúchóireachta a fháil atá leordhóthanach agus oiriúnach chun bonn a chur le mo thuairim. Tá riosca níos airde i gceist gan míshonrú ábhartha a bhrath nuair is de dheasca calaoise atá sé seachas de dheasca earráide, ar an ábhar go bhféadfaidh sé go bhfuil claonpháirteachas, brionnú, neamhghníomh intinneach, mífhaisnéis, nó sárú rialaithe inmheánaigh i gceist leis.
- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach atá cuí don iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh atá oiriúnach sna cúinsí, ach ní d'fhonn tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim meastóireacht ar oiriúnacht na bpolasaithe cuntasaíochta a úsáidtear agus ar réasúntacht na meastachán cuntasaíochta agus na nochtuithe bainteacha.
- Bainim tátal as ar chomh hiomchuí is atá sé bonn an ghnóthais leantaigh a úsáid sa chuntasaíocht agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas, an bhfuil éiginnteacht ábhartha ann maidir le himeachtaí nó dálaí a d'fhéadfadh amhras suntasach a chruthú i leith chumas na cuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.
- Má thagaim ar an tátal gur ann do neamhchinnteacht ábhartha, tá sé de cheangal orm aird a thabhairt i mo thuarascáil ar na nochtuithe gaolmhara sna ráitis airgeadais nó, mura leor na nochtuithe, mo thuairim a mhodhnú.
- Tá mo thátail bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fuair mé suas go dáta na tuarascála. Ach d'fhéadfadh teagmhais nó dálaí amach anseo a chur faoi deara ar an gcuideachta gan leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.
- Déanaim meastóireacht ar chur i láthair, ar struchtúr agus ar ábhar na ráiteas airgeadais trí chéile, na nithe a nochtadh san áireamh, agus cé acu a léiríonn nó nach léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta agus na himeachtaí atá taobh thiar díobh ar bhealach a chuireann i láthair go cóir iad.

Déanaim teagmháil leo siúd a bhfuil freagracht rialachais orthu maidir le, i measc nithe eile, an scóip phleanáilte agus tráthúlacht an iniúchta agus na dtorthaí suntasacha iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

## Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní chlúdaíonn mo thuairim ar an gcuntas an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair leis an gcuntas, agus ní thugaim aon chineál conclúide dearbhaithe ina leith.

I dtaca le m'iniúchadh ar an gcuntas, iarrtar orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh, agus é sin á dhéanamh agam, machnamh a dhéanamh an bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir leis na ráitis airgeadais nó le heolas eile a fhaightear le linn an iniúchta, nó ar bhealach eile an bhfuil an chuma air go bhfuil míráiteas ábhartha tugtha ina leith. Más rud é, bunaithe ar an obair atá curtha i gcrích agam, go bhfuilim den tuairim go raibh míshonrú ábhartha tugtha i leith na faisnéise seo, iarrtar orm an fhíric sin a thuairisciú.

## Tuairisciú ar ábhair eile

Déanaim m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do bhreithnithe speisialta a ghabhann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena n-oibríocht. Tugaim tuairisc má fhaighim go bhfuil nithe ábhartha ann a bhaineann leis an tslí a ndearnadh gnó poiblí.

Féachaim chun fianaise a fháil le linn an iniúchta maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Tugaim tuairisc má tá aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí beartaithe ar aird, nó sa chás nach mbíonn na hidirbhearta ag cloí leis na húdaráis a dhéanann rialú orthu.

# RÁITEAS AR IONCAM CUIMSITHEACH

**Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023**

| | Nóta | 2023 €000 | 2022 €000 |
|---|---|---|---|
| Ioncam úis | 5 | 9,250 | 2,725 |
| Speansas úis | 6 | (4,648) | (639) |
| **Glan-ioncam úis** | | **4,602** | **2,086** |
| Ioncam eile | 7 | 9,003 | 5,375 |
| Costais oibriúcháin | 8 | (11,779) | (9,876) |
| Ioncam táille ráthaíochta | 7 | 4,988 | 3,593 |
| Speansais táille ráthaíochta | 7 | (4,988) | (3,534) |
| **Brabús/(caillteanas) oibriúcháin** | | **1,826** | **(2,356)** |
| **Brabús / (Caillteanas) don bhliain** | | **1,826** | **(2,356)** |
| Gnóthachan réadaithe agus neamhréadaithe ar infheistíochtaí | 12 | 1,794 | - |
| **Ioncam cuimsitheach eile** | | **1,794** | **-** |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain airgeadais** | | **3,620** | **(2,356)** |

Is bunchuid de na ráitis airgeadais iad na nótaí a ghabhann leo.

Faofa agus údaraithe lena n-eisiúint ag an mbord stiúrthóirí agus sínithe thar a cheann:



**June Butler**

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann



**Patrick Delaney**

Cathaoirleach
Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann

7 Meitheamh 2024

# RÁITEAS AR AN STAID AIRGEADAIS

**Amhail an 31 Nollaig 2023**

| | Nóta | 2023 €000 | 2022 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní neamhreatha** | | | |
| Sócmhainní doláimhsithe | 11 | 1,488 | 1,160 |
| Infheistíochtaí | 12 | 6,204 | 4,410 |
| Sócmhainní airgeadais – iasachtaí agus infháltais | 13 | 90,050 | 187,994 |
| | | **97,742** | **193,564** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Sócmhainní airgeadais – iasachtaí agus infháltais | 13 | 58,235 | 32,662 |
| Infháltais eile | 17 | 9,241 | 6,306 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | 14 | 69,047 | 63,723 |
| | | **136,523** | **102,691** |
| **Creidiúnaithe; suimeanna atá dlite laistigh de bhliain amháin** | | | |
| Cistiú agus iasachtaí | 18 | (23,966) | (78,466) |
| Dliteanais eile | 19 | (117,958) | (109,544) |
| | | **(141,924)** | **(188,010)** |
| **Glandliteanais/glansócmhainní reatha** | | **(5,401)** | **(85,319)** |
| **Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha** | | **92,341** | **108,245** |

## Ráiteas ar an Staid Airgeadais - ar lean

| | Nóta | 2023 €000 | 2022 €000 |
|---|---|---|---|
| **Creidiúnaithe; suimeanna atá dlite i ndiaidh bliain amháin** | | | |
| Cistiú agus iasachtaí | 18 | (13,809) | (33,333) |
| **Glansócmhainní** | | **78,532** | **74,912** |
| **Caipiteal agus cúlchistí** | | | |
| Scairchaipiteal glaoite á chur i láthair mar chothromas | 23 | 85,000 | 85,000 |
| Caillteanais choimeádta | | (6,468) | (10,088) |
| **Cothromas iomlán** | | **78,532** | **74,912** |

Is bunchuid de na ráitis airgeadais iad na nótaí a ghabhann leo.

Faofa agus údaraithe lena n-eisiúint ag an mbord stiúrthóirí agus sínithe thar a cheann:

**June Butler**

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann

**Patrick Delaney**

Cathaoirleach
Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann

7 Meitheamh 2024

# RÁITEAS AR ATHRUITHE AR CHOTHROMAS

**Don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2023**

| | Nóta | Scair chaipiteal €000 | Caillteanais choimeádta €000 | Cothromas iomlán €000 |
|---|---|---|---|---|
| **Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2022** | | **85,000** | **(7,732)** | **77,268** |
| Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain | | - | (2,356) | (2,356) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2022** | | **85,000** | **(10,088)** | **74,912** |
| Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain | | - | 3,620 | 3,620 |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2023** | | **85,000** | **(6,468)** | **78,532** |

Faofa agus údaraithe lena n-eisiúint ag an mbord stiúrthóirí agus sínithe thar a cheann:



**June Butler**

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann



**Patrick Delaney**

Cathaoirleach
Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann

7 Meitheamh 2024

# RÁITEAS AR SHREABHADH AIRGID

**Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023**

| | Nóta | 2023 €000 | 2022 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin:** | | | |
| Réamhíocaíochtaí príomhshuime iasachtaí agus infháltas | | (31,800) | (39,000) |
| Aisíocaíochtaí príomhshuime iasachtaí agus infháltas a fuarthas | | 104,750 | 125,250 |
| Fáltais úis | | 8,162 | 2,278 |
| Íocaíochtaí úis | | (2,782) | (385) |
| Costais riaracháin a aisghabhadh | | 4,344 | 1,313 |
| Ioncam eile a fuarthas | | 3,368 | 3,580 |
| Éilimh frithráthaíochta | | 834 | 1,010 |
| Aisghabhálacha frithráthaíochta | | 1,053 | - |
| Íocaíochtaí ráthaíochta na Scéime Talmhaíochta | | (7) | (24) |
| Íocaíochtaí ráthaíochta Scéim Iasachta Brexit | | (621) | (2,551) |
| Íocaíochtaí ráthaíochta Scéim Iasachta Brexit | | - | 19 |
| Íocaíochtaí ráthaíochta na Scéime Iasachta d'Fhás sa Todhchaí | | (2,517) | (343) |
| Íocaíochtaí ráthaíochta Scéim Iasachta Tionchair Brexit | | (607) | - |
| Íocaíochtaí fóirdheontais na Scéime Talmhaíochta | | (4) | (354) |
| Speansais oibriúcháin a íocadh | | (14,006) | (12,513) |
| **Glansreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | **70,167** | **78,280** |
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | | |
| Ceannach sócmhainní doláimhsithe | | (485) | (1,205) |
| **Glanmhéid airgid arna úsáid i ngníomhaíochtaí infheistíochta** | | **(485)** | **(1,205)** |

## Ráiteas ar Shreabhadh Airgid - ar lean

| | Nóta | 2023 €000 | 2022 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe** | | | |
| Iasachtaí cistithe a aisíocadh | | (73,809) | (75,238) |
| Cistiú ón Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara | | 3,847 | 4,250 |
| Cistiú ón Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta | | 5,584 | 14,709 |
| **Glanmhéid airgid a úsáideadh i ngníomhaíochtaí maoinithe** | | **(64,378)** | **(56,279)** |
| **Glanmhéadú ar airgead agus ar choibhéisí airgid** | | **5,304** | **20,796** |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ar an 1 Eanáir** | | **63,723** | **42,927** |
| Airgead tirim a choinnítear thar ceann na Roinne Fiontraíochta, Trádála agus Fostaíochta Réamhíocaíochtaí príomhshuime iasachtaí agus infháltas | | 20 | - |
| **CAirgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ar an 31 Nollaig** | **14** | **69,047** | **63,723** |

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 1. AONÁN TUAIRISCITHE

Is cuideachta atá cláraithe agus sainchónaitheach in Éirinn é SBCI. Bunaíodh an Chuideachta de bhun an Achta um Chorparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann 2014 agus ionchorpraíodh é faoi Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2013 leis an uimhir cláraithe 549539 ar an 12 Meán Fómhair 2014. Baineann an Chuideachta leas as foinsí cistithe náisiúnta agus idirnáisiúnta chun tacú le soláthar creidmheasa d'fhiontair in Éirinn trína iasachtóirí ar aghaidh.

Tiontaíodh an Chuideachta go cuideachta ghníomhaíochta ainmnithe faoi Acht na gCuideachtaí, 2014 ar an 28 Iúil 2016. Is leis an Aire Airgeadais amháin an scairchaipiteal eisithe. Tá oifig chláraithe na Cuideachta ag Duga an Státchiste, Cé an Bhalla Thuaidh, Baile Átha Cliath 1, D01 A9T8.

## 2. RÁITEAS MAIDIR LE COMHLÍONADH

Ullmhaíodh ráitis airgeadais na Cuideachta don bhliain airgeadais dár críoch an 31 Nollaig 2021 de réir FRS 102, an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais atá i bhfeidhm sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann, a eisíonn an Chomhairle um Thuairisciú Airgeadais sa Ríocht Aontaithe lena úsáid i bPoblacht na hÉireann, tar éis cinneadh a dhéanamh rialacha aitheantais agus tomhais IAS 39 Ionstraimí Airgeadais: Aitheantas agus Tomhas a chur i bhfeidhm agus de réir Acht na gCuideachtaí, 2014.

## 3. MEASTACHÁIN AGUS BREITHIÚNAIS CHUNTASAÍOCHTA CHRITICIÚLA

Éilíonn ullmhú na ráiteas airgeadais i gcomhréir le FRS 102 go n-úsáidtear meastacháin agus toimhdí a théann i bhfeidhm ar mhéideanna tuairiscithe na sócmhainní agus na ndliteanas. Déantar meastóireacht leanúnach ar mheastacháin agus breithiúnais agus bíonn siad bunaithe ar roinnt tosca, lena n-áirítear ionchais maidir le teagmhais amach anseo a chreidtear a bheith réasúnta sna cúinsí sin.

Creideann an lucht bainistíochta go bhfuil na toimhdí bunúsacha a úsáidtear cuí agus go léirítear go cothrom an staid airgeadais agus na torthaí airgeadais i ráitis airgeadais na Cuideachta. Cuirtear síos ar réimsí lena mbaineann (i) leibhéal níos airde breithiúnais nó castachta, agus (ii) réimsí ina bhfuil toimhdí agus meastacháin suntasach i gcás na ráiteas airgeadais anseo thíos:

### 3.1. Príomhfhoinsí meastachán agus breithiúnas

Is iad seo a leanas na príomhthoimhdí a bhaineann le teagmhais amach anseo, agus príomhfhoinsí éiginnteachta eile sna meastacháin ag deireadh na tréimhse tuairiscithe a bhféadfadh baol mór a bheith ag baint leo ó thaobh suimeanna glanluacha na sócmhainní agus na ndliteanas sa chéad bhliain airgeadais eile a choigeartú go hábhartha.

### 3.1.1. Measúnú ar bhearnú iasachta

I gcomhréir le ceanglais IAS 39 de réir mar a cheadaíonn FRS 102, déanann an Chuideachta athbhreithniú ar a phunann iasachtaí le haon fhianaise bearnaithe ag dáta an ráitis ar an staid airgeadais a aimsiú. Agus cinneadh á dhéanamh ag SBCI ar cheart caillteanas bearnaithe a thaifeadadh sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach ar an dáta tuairiscithe, úsáideann sé foinsí inmheánacha agus seachtracha faisnéise lena mheas cibé acu an bhfuil aon chomhartha ann go bhféadfadh sócmhainn a bheith bearnaithe (i gcomhréir le IAS 39.59). D'fhéadfaí an méid seo a leanas a áireamh leis na comharthaí sin:

- deacracht shuntasach airgeadais an iasachtaí.
- sárú conartha, ar nós mainneachtain in íocaíochtaí úis nó in íocaíochtaí príomhshuime.
- bronnadh lamháltais ar an iasachtaí ar chúiseanna eacnamaíocha nó dlí a bhaineann le deacrachtaí airg-eadais an iasachtaí nach mbreithneofaímurach sin.
- i gcás inar dócha go mbeadh an t-iasachtaí i bhféimheacht nó go dtabharfaidh sé faoi atheagrú airgeadais eile.

Má tá aon fhianaise oibiachtúil ar bhearnú ann, déanann SBCI ríomh mionsonraithe bearnaithe ar gach iasacht ceann ar cheann chun a chinneadh ar cheart caillteanas bearnaithe a aithint. Déantar méid an chaillteanais bearnaithe a thomhas mar an difríocht idir suim ghlanluacha na hiasachta agus luach reatha na sreafaí airgid measta lascainithe ag bunráta éifeachtach úis na hiasachta i gcomhréir le IAS 39. Déanann foireann ardbhainistíochta SBCI, lena n-áirítear an Ceannasaí Riosca, an Ceannasaí Iasachtaithe, agus an POF, athbhreithniú agus faomhadh ar an measúnú. Féach ar Nóta 13 le haghaidh shuim ghlanluacha na n-iasachtaí.

### 3.1.2. Measúnú ar ráthaíocht airgeadais

Ar gach dáta tuairiscithe, breithníonn SBCI, i leith na ráthaíochtaí airgeadais atá eisithe aige, an dócha go ndéanfar íocaíochtaí faoi gach ráthaíocht le go n-aithneofar dliteanas airgeadais i gcomhréir le FRS 102.21. Chun dóchúlacht íocaíochta faoi chonradh ráthaíochta a mheasúnú, déanann an Chuideachta athbhreithniú ar aon sonraí ábhartha chun méid na n-iasachtaí atá i mbaol mainneachtana agus bheith faoi réir éilimh ó iasachtóir ar aghaidh a mheasúnú.

Aithnítear dliteanas airgeadais d'aon éilimh dhóchúla, is féidir a thomhas go hiontaofa, i dtaifid chuntasaíochta SBCI. Má aithnítear dliteanas airgeadais, agus má tá méid an dliteanais airgeadais níos mó ná an tsuim ghlanluacha, is gá coigeartú a dhéanamh leis an dliteanas airgeadais a léiriú agus an difríocht a aithint sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach. I gcás nach féidir dliteanas airgeadais a thomhas go hiontaofa, nochtar dliteanas teagmhasach sna ráitis airgeadais don tsuim iomlán atá iníoctha faoi chonarthaí ráthaíochta airgeadais SBCI. Féach ar Nótaí 24 agus 25.

### 3.1.3. Saolré úsáideach acmhainne doláimhsithe

Déantar an muirear i leith amúchadh tréimhsiúil a dhíorthú tar éis meastachán a chinneadh ar shaolré ionchais úsáideach sócmhainne. Dá n-athrófaí saolré ionchais sócmhainne, d'athródh an muirear amúchta.

Cinneann an lucht bainistíochta saolré ionchais shócmhainní na Cuideachta agus déanann siad athbhreithniú ar a n-oiriúnacht uair sa bhliain ar a laghad. Tá na saolréanna bunaithe ar thaithí stairiúil ar shócmhainní cosúla chomh maith le hionchais faoi theagmhais amach anseo, a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar a saolré. Féach ar Nóta 11 le haghaidh shuim ghlanluacha na Sócmhainní doláimhsithe.

### 3.1.4. Infheistíochtaí a aithint agus a thomhas

Tomhaistear infheistíochtaí ag luach cóir arb é an scairphraghas iniúchta is déanaí atá ar fáil de na scairshealúchais bhunúsacha.

### 3.2. Breithiúnais chuntasaíochta shuntasacha nuair atá beartais chuntasaíochta á gcur i bhfeidhm

Toisc go mbaineann breithiúnas an lucht bainistíochta le meastachán a dhéanamh ar dhóchúlacht na dteagmhas amach anseo, d'fhéadfadh na torthaí iarbhír a bheith difriúil leis na meastacháin sin, rud a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar mhéideanna tuairiscithe na sócmhainní agus na ndliteanas amach anseo. Seachas na meastacháin (féach ar Nóta 3.1 thuas), níor iarradh ar an gCuideachta aon bhreithiúnais shuntasacha bhreise a dhéanamh nuair a bhí a bheartais chuntasaíochta á gcur i bhfeidhm aige.

## 4. BEARTAIS SHUNTASACHA CHUNTASAÍOCHTA

### 4.1. Bonn an ullmhúcháin

Ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn an ghnóthais leantaigh agus tá an Bord sásta go leanfaidh an Chuideachta mar ghnóthas leantach go ceann i bhfad.

Ina thuairim ar cé acu an bhfuil cuntasaíocht ar bhonn an ghnóthais leantaigh cuí nó nach bhfuil, thug an Bord aird ar fheidhmeanna SBCI mar a leagtar amach in Acht SBCI 2014 agus i mBunreacht SBCI, agus creideann sé go bhfuil sé réasúnta a cheapadh, mar gheall ar chuspóir na reachtaíochta, go ndéanfaidh an Stát bearta cuí chun a chinntiú go mbeidh an Chuideachta in ann a shainordú a chomhlíonadh.

Is iad feidhmeanna na Cuideachta, i measc nithe eile, creidmheas breise a chur ar fáil agus soláthar creidmheasa bhreise a chur chun cinn ar bhealach stuama d'fhiontair nó daoine eile sa Stát, FBManna agus Cuideachtaí Meánchaipitlithe Beaga go háirithe, agus chun maoiniú a chur ar fáil do thionscadail a chuireann forbairt gheilleagrach an Stáit chun cinn. Tá gníomhaíochtaí na Cuideachta faoi réir tosca riosca, lena n-áirítear rioscaí creidmheasa, leachtachta, chomhdhlúthacht an mhargaidh agus caipitil. Rinne an Bord athbhreithniú ar na tosca riosca sin agus ar gach faisnéis ábhartha chun measúnú a dhéanamh ar chumas na Cuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Déanann an Bord agus an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú ar phríomhghnéithe de ghníomhaíochtaí na Cuideachta ar bhonn leanúnach agus déanann siad athbhreithniú, nuair is cuí, ar na toimhdí criticiúla a fheidhmíonn mar bhonn agus taca a straitéisí fadtéarmacha.

Cuirtear na ráitis airgeadais i láthair in euro (€), airgeadra feidhmiúil agus cur i láthair na Cuideachta. Luaitear na figiúirí a léirítear sna ráitis airgeadais ina mílte €, mura sonraítear a mhalairt. Seasann '000' nó 'k' do mhílte agus seasann 'm' do mhilliúin, nuair a úsáidtear iad. Mar a cheadaítear faoi mhír 4 i Sceideal 3 d'Acht na gCuideachtaí, 2014, d'oiriúnaigh na Stiúrthóirí na socruithe, na ceannteidil agus na fo-cheannteidil a éilítear ar bhealach eile le Formáid Cuntais Brabúis agus Caillteanais 1 agus Formáid Ráiteas an Chláir Comhardaithe 1 toisc go n-éilíonn nádúr speisialta ghnó na Cuideachta go ndéanfaí a leithéid d'oiriúnú.

### 4.2. Bonn an tomhais

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn an chostais stairiúil modhnaithe trí infheistíochtaí atá sainithe ag luach cóir trí bhrabús nó caillteanas a áireamh ag luach cóir.

### 4.3. Ioncam agus speansas úis

Aithnítear ioncam agus speansas úis le haghaidh na n-ionstraimí airgeadais ar fad sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach trí úsáid a bhaint as modh an Ráta Éifeachtaigh Úis (RÉÚ).

Is é modh RÉÚ an modh le costas amúchta sócmhainne airgeadais nó dliteanais airgeadais a ríomh agus an t-ioncam úis nó an speansas úis a dháileadh sa tréimhse ábhartha airgeadais. Is é an RÉÚ an ráta lena ndéantar íocaíochtaí nó fáltais airgid thirim amach anseo a lascainiú go beacht thar shaolré ionchais na hionstraime airgeadais go suim ghlanluacha ghlan na sócmhainne airgeadais nó an dliteanais airgeadais. Agus RÉÚ á ríomh ag an gCuideachta, déanann sé sreafaí airgid a mheas, ag cur téarmaí conarthacha uile na hionstraime airgeadais san áireamh. Nuair a dhíscríobhtar sócmhainn airgeadais mar thoradh ar chaillteanas bearnaithe, aithnítear ioncam úis ag úsáid an ráta úis a úsáideadh chun na sreafaí airgid amach anseo a lascainiú chun an caillteanas bearnaithe a thomhas.

Déantar ioncam úis a fhaightear ó iasachtaí a thugtar d'iasachtóirí ar aghaidh a chur i gcuntas mar chuid de ghníomhaíochtaí oibriúcháin sa Ráiteas ar Shreabhadh Airgid mar gur croí-fheidhm de chuid na Cuideachta é iasachtú ar aghaidh.

Cuirtear ioncam úis a fhaightear ó iasachtaí a eisíonn an Chuideachta i gcuntas laistigh de na gníomhaíochtaí oibriúcháin sa Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus rangaítear é mar Ús ar iasachtaí agus infháltais i Nóta 5.

Cuirtear speansas úis a íoctar ar iasachtaí ó mhaoinitheoirí i láthair mar chuid de na gníomhaíochtaí oibriúcháin sa Ráiteas ar Shreabhadh Airgid. Déantar speansas úis a íoctar ar thaiscí airgid thirim agus táirgí bainistíochta airgid thirim a chur i láthair mar chuid de na gníomhaíochtaí oibriúcháin sa Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus rangaítear iad mar speansas úis eile i Nóta 6.

## 4.4. Ioncam eile

Déanann SBCI costais a aisghabháil ón Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (an tAire FTF) agus/nó ón Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara (an tAire TBM), mar (i) oibreoir gach ceann de na Scéimeanna Ráthaíochta Creidmheasa ("CGS"), na Scéime Ráthaíochta Creidmheasa COVID-19 ("CCGS") agus Scéim Ráthaíochta Creidmheasa na hÚcráine ("UCGS") (Nóta 15.9), (ii) de bhun Scéim Iasachta Tacaíochta Sreafa Airgid na Talmhaíochta ("Scéim Talmhaíochta") (Nóta 15.6), (iii) de bhun Scéim Iasachta Brexit agus Scéim Iasachta Caipitil Oibre COVID-19 ("BLS/CWCS")(Nóta 15.7), (iv) de bhun Scéime Iasachta Tionchar Brexit agus Scéim Iasachta COVID-19 ("BILS/CLS") (Nóta 15.8), agus (v) de bhun na Scéime Iasachta d'Fhás Todhchaí ("FGLS") (Nóta 15.10) agus (vi) de bhun na Scéime Iasachta Fáis agus Inbhuanaitheachta ("GSLS") (Nóta 15.11), atá bunaithe go hiomlán ar aisíocaíocht costas arna thabhú ag SBCI.

Déantar cistiú a sholáthraíonn an tAire TBM agus/nó an tAire FTF do SBCI i gcomhar leis na scéimeanna a fhuascailt don Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach de réir mar a thabhaítear costais a bhaineann leis na scéimeanna. Aithnítear an méid i gcomhréir le FRS 102 Cuid 24 Deontais Rialtais.

De bhun comhaontuithe ráthaíochta arna ndeonú ag SBCI do na hiasachtóirí ar aghaidh sin atá rannpháirteach sa Scéim Iasachta um Éifeachtúlacht Fuinnimh ("EELS"), aithníonn SBCI ioncam ó na hiasachtóirí ar aghaidh rannpháirteacha sin i bhfoirm táille ráthaíochta. Gearrtar an táille ráthaíochta chun (i) go gclúdófar go páirteach an riosca creidmheasa agus (ii) go n-aisghabhfar go páirteach na costais arna dtabhú ag SBCI agus na comhaontuithe ráthaíochta á ndeonú faoin EELS (Nóta 15.12). Aithnítear an t-ioncam ó EELS ar bhonn fabhraithe agus cuirtear i láthair é laistigh de ghníomhaíochtaí oibriúcháin sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach. Ríomhtar an táille ráthaíochta do gach iasachtóir ar aghaidh atá rannpháirteach sa scéim bunaithe ar an gcéatadán táille comhaontaithe dá mheán-iarmhéideanna iasachta EELS don ráithe (nó cuid di).

## 4.5. Costais inaisíoctha le GBCN

De réir alt 10 d'Acht SBCI 2014, soláthraíonn GBCN seirbhísí agus córais ghnó agus tacaíochta do SBCI mar foireann a shannadh d'fheidhmeanna SBCI. Aithnítear costais inaisíoctha le GBCN ar bhonn fabhraithe. Aisghabhann GBCN na speansais sin ó SBCI ag a gcostas. Tá tuilleadh faisnéise ar chostais inaisíoctha le GBCN i Nóta 8.2.

## 4.6. Ionstraimí airgeadais

Aithníonn agus tomhaiseann an Chuideachta a shócmhainní airgeadais agus a dhliteanais airgeadais de réir IAS 39 mar a cheadaítear le FRS 102. Cinneann an Chuideachta aicmiú a ionstraimí airgeadais tráth a n-aithnítear iad den chéad uair.

## 4.7. Sócmhainní Airgeadais

### *Iasachtaí agus infháltais*

Is iad na hiasachtaí agus infháltais na sócmhainní airgeadais neamhdhíorthacha lena ngabhann íocaíochtaí seasta nó inchinntithe nach luaitear i margadh gníomhach. Tráth an aitheantais tosaigh,

tomhaistear na hiasachtaí ag luach cóir móide costais incriminteacha idirbhirt dhírigh atá inchurtha go díreach le heisiúint na hiasachta. Tomhaistear ina dhiaidh sin iad ag a gcostas amúchta trí úsáid a bhaint as Modh RÉÚ mar a shonraítear i Nóta 4.3.

### *Infheistíochtaí*

Déantar infheistíochtaí in ionstraimí cothromais neamhluaite a thomhas ag luach cóir, atá bunaithe ar scairphraghas iniúchta is déanaí na n-infheistíochtaí. Roimh 2023 rinneadh infheistíochtaí in ionstraimí cothromais neamhluaite nach bhféadfaí a luach cóir a thomhas go hiontaofa a thomhas ag costas lúide bearnú.

## 4.8. Dliteanais airgeadais

### *Cistiú agus iasachtaí*

Is iad an cistiú agus iasachtaí na hiasachtaí sin a tharraingíonn an Chuideachta anuas óna mhaoinitheoirí chun tacú lena ghníomhaíochtaí iasachtaithe ar aghaidh. Aithníonn an Chuideachta na hiasachtaí sin ina Ráiteas ar an Staid Airgeadais ar an dáta ar tarraingíodh anuas an iasacht. Tomhaistear na hiasachtaí sin ar dtús ag luach cóir, móide costais incriminteacha idirbhirt dhírigh atá inchurtha go díreach le heisiúint an dliteanais airgeadais. Tomhaistear ina dhiaidh sin iad ag a gcostas amúchta trí úsáid a bhaint as Modh RÉÚ mar a shonraítear i Nóta 4.3.

## 4.9. Dí-aithint sócmhainní agus dliteanas airgeadais

Dí-aithnítear sócmhainní airgeadais nuair a thagann deireadh leis na cearta conartha chun na sreafaí airgid a fháil ó na sócmhainní sin, nó nuair a aistrítear na sócmhainní agus nuair a aistrítear go substaintiúil gach riosca agus luach saothair a bhaineann le húinéireacht na sócmhainní freisin. Dí-aithnítear dliteanais airgeadais nuair a fhuasclaítear iad nó nuair a chuirtear ar ceal ar bhealach eile iad.

## 4.10. Bearnú sócmhainní airgeadais

Ag deireadh gach tréimhse airgeadais, déanann an Chuideachta measúnú ar an bhfuil fianaise oibiachtúil ann go bhfuil sócmhainn airgeadais nó grúpa sócmhainní airgeadais, tomhaiste ag a (g)costas amúchta, bearnaithe.

I gcás iasachtaí agus infháltas, déantar méid an chaillteanais bearnaithe a thomhas mar an difríocht idir suim ghlanluacha na sócmhainne agus luach reatha na sreafaí airgid measta amach anseo lascainithe ag bunráta éifeachtach úis na sócmhainne. Aithnítear suim an chaillteanais bearnaithe sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach.

Déantar measúnú oibiachtúil ar na hiasachtaí do gach iasachtóir ar aghaidh i gcomhair fianaise ar bhearnú ag deireadh na tréimhse airgeadais.

Áirítear le fianaise oibiachtúil go bhfuil sócmhainn airgeadais bearnaithe:

- deacracht shuntasach airgeadais an iasachtóra ar aghaidh.
- neamhchomhlíonadh an iasachtóra ar aghaidh i gcás a chúnant agus ghealltanas iasachta faoi seach, agus aon téarmaí agus coinníollacha eile a chuireann SBCI i bhfeidhm.
- sáruithe conarthacha, ar nós mainneachtana nó faillí ar íocaíochtaí úis nó ar aisíocaíochtaí príomhshuime.
- comharthaí go mbeidh an t-iasachtóir ar aghaidh i bhféimheacht nó go dtabharfaidh sé faoi atheagrú airgeadais eile.
- athruithe diúltacha ar stádas an iasachtóra mar gheall ar dhálaí diúltacha geilleagracha go náisiúnta nó go háitiúil nó athruithe diúltacha ar dhálaí tionsclaíochta.

Aithníonn SBCI ioncam úis tar éis bearnú trí úsáid a bhaint as an ráta úis a úsáideadh chun na sreafaí airgid amach anseo a lascainiú nuair a bhí an bearnú sin á thomhas. sreafaí airgid amach anseo chun an lagú sin a thomhas.  Má laghdaíonn an caillteanas bearnaithe mar gheall ar theagmhas a tharlaíonn i ndiaidh aithint an bhearnaithe, i dtréimhse airgeadais ina dhiaidh sin, aisiompaítear an caillteanas bearnaithe a aithníodh roimhe sin go comhréireach. Aithnítear méid an aisiompaithe sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach.

Sa chás nach bhfuil aon dóchúlacht bhreise ann go ngnóthófar luach seilbhe iasachta, nó cuid d'iasacht, díscríobhann SBCI an méid nach bhfuil inghnóthaithe in aghaidh an chaillteanais bearnaithe lena mbaineann (i.e. sa chás seo, ní bhíonn aon mhuirear an Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach). Ní mór do Bhord SBCI (nó Coiste údaraithe ábhartha) díscríobh méideanna iasachta a fhaomhadh. Laghdaíonn aisghabhálacha ina dhiaidh sin ar mhéideanna a díscríobhadh roimhe sin méid an lamháltais do bhearnú iasachta go comhréireach sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach.

## 4.11. Ráthaíochtaí airgeadais

Is conarthaí ráthaíochta airgeadais iad conarthaí a éilíonn ar an gCuideachta íocaíochtaí sonraithe a dhéanamh chun aisíocaíocht a thabhairt don tairbhí as caillteanas a thabhaíonn an tairbhí mar go mainníonn féichiúnaí sonraithe íocaíochtaí a dhéanamh nuair atá siad dlite i gcomhréir le téarmaí oibleagáide fiachais. D'eisigh SBCI ráthaíochtaí d'iasachtóirí ar aghaidh maidir le gach ceann díobh seo a leanas (i)Scéim Iasachta Tacaíochta Sreafa Airgid Talmhaíochta ("Scéim Talmhaíochta") (Nóta 15.6), (ii) an Scéim Iasachta Brexit agus an Scéim Iasachta Caipitil Oibre COVID-19 ("BLS/CWCS") (Nóta 15.7), (iii) Tionchar Brexit agus COVID-19 -19 Scéim Iasachta ("BILS/CLS") (Nóta 15.8), (iv) an Scéim Iasachta um Fhás sa Todhchaí ("FGLS") (Nóta 15.10), (v) an Scéim Iasachta um Éifeachtúlacht Fuinnimh ('EELS') (Nóta 15.12 ) agus (vi) an Scéim Iasachta Fáis agus Inbhuanaitheachta ("GSLS") (Nóta 15.11).

Faoin Scéim Iasachta um Uasghrádú Fuinnimh Tí ("HEULS") (Nóta 15.13), a luaithe a sheoltar í ar an margadh go luath in 2024, eiseoidh SBCI ráthaíochtaí creidmheasa d'iasachtóirí ar aghaidh rannpháirteacha i leith iasachtaí d'iasachtaithe cáilitheacha.

Aithnítear na ráthaíochtaí airgeadais sin ar dtús ag luach cóir ar an dáta a dtugtar an ráthaíocht. I ndiaidh aitheantas a thabhairt den chéad uair, déantar dliteanais na Cuideachta faoi na ráthaíochtaí sin a thomhas ag cibé acu is airde, an méid a aithníodh ar dtús lúide, nuair is cuí, amúchadh carntha agus an meastachán is fearr ar an gcaiteachas a theastaíonn le haon oibleagáid airgeadais a shocrú a thagann chun cinn de bhun na ráthaíochtaí ag deireadh na bliana airgeadais.

Aithnítear an t-ioncam ó Ráthaíochtaí airgeadais ar bhonn fabhraithe agus cuirtear i láthair é laistigh de ghníomhaíochtaí oibriúcháin sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach. Ríomhtar an t-ioncam ráthaíochta airgeadais do gach iasachtóir ar aghaidh atá rannpháirteach i scéim agus tá sé bunaithe ar chéatadán táille ráthaíochta comhaontaithe na n-iarmhéideanna iasachta gan íoc don ráithe (nó cuid di) atá clúdaithe ag an ráthaíocht atá i bhfeidhm.

Aithnítear an t-ioncam ó Ráthaíochtaí airgeadais ar bhonn fabhraithe agus cuirtear i láthair é laistigh de ghníomhaíochtaí oibriúcháin sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach. Ríomhtar an t-ioncam ráthaíochta airgeadais do gach iasachtóir ar aghaidh atá rannpháirteach i scéim agus tá sé bunaithe ar chéatadán táille ráthaíochta comhaontaithe na n-iarmhéideanna iasachta gan íoc don ráithe (nó cuid di) atá clúdaithe ag an ráthaíocht atá i bhfeidhm.

Cinntear an meastachán is fearr ar chaiteachas i gcomhréir le FRS 102.21. Freagraíonn dliteanais ráthaíochta airgeadais don chostas a bhaineann le hoibleagáid a shocrú, arb ionann é agus an caillteanas measta, a mheastar bunaithe ar na tosca agus an fhaisnéis ábhartha ar fad atá ar fáil don Chuideachta ag deireadh na bliana airgeadais. Léirítear dliteanas airgeadas a eascraíonn as conradh ráthaíochta airgeadais mar fhorálacha le haghaidh dliteanas sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais.

Déantar aon mhéadú nó laghdú ar an dliteanas airgeadais a bhaineann le ráthaíochtaí airgeadais, seachas glaonna ráthaíochta a íoc, a aithint sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach. I gcúinsí nuair nach gá dliteanas airgeadais a aithint, nochtar dliteanas teagmhasach sna ráitis airgeadais don mhéid iomlán iníoctha faoi chonarthaí ráthaíochta airgeadais SBCI (Nóta 24).

## 4.12. Frithráthaíochtaí

Sa chás ina meastar go n-aisíocfar an caiteachas fad, nó cuid de, a theastaíonn chun dliteanas ráthaíochta airgeadais a íoc, de bhun comhaontú frithráthaíochta, aithneofar an aisíocaíocht nuair atá sé beagnach cinnte go bhfaighfear an aisíocaíocht sin má shocraíonn an Chuideachta an oibleagáid.

Aithnítear an t-ioncam ó fhrithráthaíochtaí ar bhonn fabhraithe agus cuirtear i láthair é laistigh de ghníomhaíochtaí oibriúcháin sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach. Ríomhtar an costas frithráthaíochta airgeadais ar bhonn scéime iomlán agus tá sé bunaithe ar an gcéatadán táille frithráthaíochta comhaontaithe ar iarmhéideanna iasachta na scéime gan íoc don ráithe (nó cuid di) atá clúdaithe ag an bhfrithráthaíocht atá i bhfeidhm.

Aithníonn an Chuideachta aisíocaíocht mar shócmhainn ar leithligh. Déanann an Chuideachta an muirear caillteanais bearnaithe do dhliteanas na ráthaíochta a ghlanluacháil leis an gcion inghnóthaithe sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach. Sa chás nach n-aithneofaí aisghabháil den chineál sin, nochtfar sócmhainn theagmhasach sna ráitis airgeadais don mhéid iomlán atá inghnóthaithe faoi chonarthaí frithráthaíochta SBCI (Nóta 25). Tá SBCI tar éis tabhairt faoi fhrithráthaíochtaí leis an gCiste Eorpach Infheistíochta de bhun gach ceann díobh seo a leanas: (i) Scéim Iasachta Tacaíochta Sreafa Airgid na Talmhaíochta ("an Scéim Talmhaíochta") (Nóta 15.6), (ii) Scéim Iasachta an Bhreatimeachta agus Scéim Iasachta Caipitil Oibre COVID-19 ("BLS/CWCS") (Nóta 15.7), (iii) Scéim Iasachta Tionchair an Bhreatimeachta ("BILS") (Nóta 15.8), agus (iv) an Scéim Iasachta d'Fhás sa Todhchaí ("FGLS") (Nóta 15.10) (v) an Scéim Iasachta um Éifeachtúlacht Fuinnimh ("EELS") (Nóta 15.12), (vi) an Scéim Iasachta Fáis agus Inbhuanaitheachta ("GSLS") (Nóta 15.11), agus (vii) an Scéim Iasachta um Uasghrádú Fuinnimh Baile ("HEULS") (Nóta 15.13) a bhfuiltear ag súil go seolfar í chuig an margadh é in 2024.

## 4.13. Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim

Is iad airgead agus coibhéisí airgid na hinfheistíochtaí gearrthéarmacha fíorleachtacha atá inmhalartaithe go héasca go suimeanna airgid ar eolas agus atá faoi réir riosca neamhshuntasach athraithe ar an luach.

Léirítear sa Ráiteas ar Shreabhadh Airgid na hathruithe ar airgead agus ar choibhéisí airgid a d'eascair as gníomha íochtaí oibriúcháin, ó ghníomhaíochtaí infheistíochta agus ó ghníomhaíochtaí maoinithe i rith na bliana airgeadais. Tuairiscítear na sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin leis an modh díreach, ina nochtar aicmí móra fáltas comhlán airgid agus íocaíochtaí comhlána.

## 4.14. Sócmhainní doláimhsithe

Tá sócmhainní doláimhsithe comhdhéanta de bhogearraí a fuair an Chuideachta. Tomhaistear iad ag a gcostas lúide amúchadh carntha agus aon chaillteanais bhearn-aithe charntha. Ní dhéantar caipitliú ar chaiteachas ar shócmhainní bogearraí ina dhiaidh sin ach amháin nuair a chuireann sé leis na tairbhí eacnamaíocha a bheidh ann amach anseo atá leabaithe sa tsócmhainn shonrach lena mbaineann sé. Cuirtear gach caiteachas eile leis na costais de réir mar a thabhaítear é.

Amúchtar bogearraí sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach de réir méid chothroim thar a saolré úsáideach mheasta, ón dáta a bhfuil siad ar fáil lena n-úsáid. Is ionann saolré úsáideach mheasta bhogearraí reatha SBCI agus cúig bliana.

Déantar athbhreithniú ar mhodhanna amúchta, saolréanna ionchais agus luachanna iarmharacha ar gach dáta tuairiscithe, agus déantar iad a choigeartú más cuí. Glacann SBCI leis gurb ionann luach iarmharach a shócmhainní doláimhsithe agus nialas ach amháin cásanna seo a leanas:

- tá gealltanas ann ó thríú páirtí an tsócmhainn a cheannach ag deireadh a saolré ionchais; nó
- tá margadh gníomhach ann don tsócmhainn; agus
  - is féidir luach iarmharach a chinneadh trí thagairt don margadh sin; agus
  - is dócha go mbeidh an margadh sin fós ann ag deireadh shaolré ionchais na sócmhainne.

Ar gach dáta tuairiscithe, déanann an Chuideachta athbhreithniú ar shuim ghlanluacha a bhogearraí chun a chinneadh an bhfuil aon chomhartha bearnaithe ann. Má bhíonn aon chomhartha dá leithéid ann, bíonn na sócmhainní sin faoi réir athbhreithniú bearnaithe.

Cuimsítear san athbhreithniú bearnaithe comparáid idir suim ghlanluacha na sócmhainne agus a méid inghnóthaithe. Cinntear an méid inghnóthaithe agus cibé acu is airde de luach cóir, lúide costais diúscartha na sócmhainne agus a luach úsáide.

Ríomhtar luach úsáide trí shreafaí airgid measta amach anseo atá infhaighte mar thoradh ar úsáid leanúnach na sócmhainne, lena n-áirítear iad siúd a eascraíonn as a diúscairt deiridh, a lascainiú ag ráta margadh-bhunaithe lascaine ar bhonn réamhchánach. Ba cheart go léireodh an ráta lascaine sin an measúnú margaidh reatha ar amluach an airgid agus na rioscaí a bhaineann go sonrach leis an tsócmhainn nach bhfuil meastacháin ar shreabhadh airgid amach anseo coigeartaithe ina leith.

Díscríobhtar luach seilbhe na mbogearraí de réir mhéid aon bhearnaithe agus aithnítear an caillteanas sin sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach sa tréimhse airgeadais ina dtarlaíonn sé. Féadfar caillteanas bearnaithe a aithníodh roimhe sin a aisiompú i bpáirt nó ina iomláine mura bhfuil na cúiseanna a bhí leis an gcaillteanas bearnaithe i gceist níos mó. Déantar measúnú i ngach tréimhse le seiceáil an raibh aon chomharthaí ann nach bhfuil an caillteanas bearnaithe ann níos mó nó ar laghdaigh sé. Ní mhéadófar suim ghlanluacha na sócmhainne ach go dtí an méid a shroichfeadh sí mura n-aithneofaí an bearnú bunaidh.

## 4.15. Infháltais eile

Déantar infháltais eile atá dlite laistigh de bhliain amháin a thomhas ag an méid airgead tirim nár lascainiú nó comaoin eile a cheaptar a gheofar.

## 4.16. Forálacha

Aithnítear foráil má tá oibleagáid dhlíthiúil nó inchiallaithe reatha ag an gCuideachta mar thoradh ar theagmhas a tharla roimhe sin is féidir a mheas go hiontaofa, agus gur dóigh go mbeadh eas-sreabhadh tairbhí eacnamaíocha ag teastáil chun an oibleagáid a shocrú.

Má bhíonn an tionchar ábhartha, cinntear forálacha trí na sreafaí airgid a bhfuiltear ag súil leo amach anseo a lascainiú ag an ráta réamhchánach a léiríonn measúnuithe margaidh reatha ar amluach an airgid agus, nuair is cuí, ar na rioscaí a bhaineann go sonrach leis an dliteanas.

## 4.17. Dliteanais theagmhasacha

Is oibleagáidí féideartha iad dliteanais theagmhasacha nach ndeimhneofar ach nuair a tharlaíonn teagmhais éiginnte amach anseo nó oibleagáidí reatha sa chás go bhfuil aistriú tairbhe eacnamaíche éiginnte nó nach féidir meastachán iontaofa a dhéanamh air. Ní aithnítear dliteanais theagmhasacha ach nochtar iad sna nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais seachas má bhíonn an dóchúlacht go n-aistreofaí an tairbhe eacnamaíoch fíorbheag. Féach ar Nóta 24.

## 4.18. Sócmhainní teagmhasacha

Is iad na sócmhainní teagmhasacha na sócmhainní féideartha a eascraíonn as teagmhais a tharla cheana agus nach ndearbhófar gurb ann dóibh ach amháin má tharlaíonn nó mura dtarlaíonn teagmhas éiginnte amháin nó níos mó amach anseo, teagmhais nach bhfuil faoi smacht iomlán an eintitis. Ní aithnítear sócmhainní teagmhais ach nochtar iad sna ráitis airgeadais nuair is dóigh go mbeidh insreabhadh tairbhí eacnamaíocha ann. Má bhíonn réadú ioncaim beagnach cinnte ansin aithnítear an tsócmhainn lena mbaineann. Féach ar Nóta 25.

## 4.19. Léasú

Gearrtar cíosanna faoi léasanna oibriúcháin de réir méid chothroim thar téarma an léasa, go dtí an Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach de réir FRS 102 Cuid 20 Léasanna.

## 5. IONCAM ÚIS

| | 2023 €000 | 2022 €000 |
|---|---|---|
| Ús ar iasachtaí agus infháltais | 7,132 | 2,725 |
| Ioncam úis eile | 2,118 | - |
| **Ioncam úis** | **9,250** | **2,725** |

Baineann ús ar iasachtaí agus infháltais le hioncam úis ó iasachtaí a chuirtear ar fáil d'iasachtóirí ar aghaidh.

Baineann ioncam úis eile le hús bainc a tuilleadh ar airgead a bhí i dtaisce i rith na bliana.

## 6. SPEANSAS ÚIS

| | 2023 €000 | 2022 €000 |
|---|---|---|
| Ús ar mhaoiniú agus iasachtaí | 2,566 | 409 |
| Speansas úis eile | 2,082 | 230 |
| **Costas úis** | **4,648** | **639** |

Baineann speansas úis eile le creidmheas úis a bhaineann leis na scéimeanna d'ús bainc a tuilleadh ar mhaoiniú a choinnítear i dtaisce i rith na bliana.

## 7. IONCAM EILE

| | Nóta | 2023 €000 | 2022 €000 |
|---|---|---|---|
| Aisghabháil costais riaracháin Scéim Ráthaíochta Creidmheasa na hÚcráine | 7.1 | 2,281 | 523 |
| Aisghabháil costais riaracháin na Scéime Iasachta um Uasghrádú Ar Fhuinnimh Tí | 7.2 | 1,626 | - |
| Aisghabháil costais riaracháin na Scéime Iasachta Fáis agus Inbhuanaitheachta | 7.2 | 1,380 | 465 |
| Costais riaracháin CGS agus CCGS a aisghabhadh | 7.1 | 1,065 | 1,259 |
| Aisghabháil chostais riaracháin na Scéime Iasachta d'Fhás sa Todhchaí | 7.2 | 940 | 1,132 |
| Aisghabháil chostais riaracháin BILS/CLS | 7.2 | 809 | 912 |
| Aisghabháil chostais riaracháin na Scéime Talmhaíochta | 7.2 | 166 | 187 |
| Costais riaracháin BLS/CWCS | 7.2 | 162 | 308 |
| Ioncam ón Scéim Iasachta um Éifeachtúlacht Fuinnimh | 7.2 | 117 | - |
| Aisghabháil fóirdheontas úis na Scéime Talmhaíochta | 7.2 | 13 | 154 |
| Ioncam frithráthaíochta airgeadais | 7.3 | - | 77 |
| Ioncam ilghnéitheach | | 444 | 358 |
| **Ioncam eile** | | **9,003** | **5,375** |

## 7.1. Aisghabháil costais riaracháin UCGS, CGS agus CCGS

De bhun comhaontú dar dáta an 4 Lúnasa 2023 idir an tAire FTF agus SBCI (an "Comhaontú Comhair UCGS"), ghlac SBCI le ról oibritheoir UCGS thar ceann an Aire FTF. Faigheann SBCI íocaíochtaí ón Aire FTF bunaithe ar aisghabháil na gcostas agus na speansas a thabhaíonn SBCI chun na seirbhísí a leagtar amach sa Chomhaontú Comhair CGS a sholáthar. Ní dhéanann SBCI aon bhrabús ná caillteanas airgeadais agus na seirbhísí á soláthar (féach ar Nóta 15.9).

De bhun comhaontú dar dáta an 13 Deireadh Fómhair 2016, arna leasú agus arna athshonrú ar an 14 Bealtaine 2019, idir an tAire FTF agus SBCI (an "Comhaontú Comhair CGS"), ghlac SBCI le ról oibritheoir CGS thar ceann an Aire FTF. Faigheann SBCI íocaíochtaí ón Aire FTF bunaithe ar aisghabháil na gcostas agus na speansas a thabhaíonn SBCI chun na seirbhísí a leagtar amach sa Chomhaontú Comhair CGS a sholáthar. Ní dhéanann SBCI aon bhrabús ná caillteanas airgeadais agus na seirbhísí á soláthar (féach ar Nóta 15.9).

De bhun comhaontú dar dáta an 28 Meán Fómhair 2020 idir an tAire FTF agus SBCI (an "Comhaontú Comhair UCGS"), ghlac SBCI le ról oibritheoir UCGS thar ceann an Aire FTF. Faigheann SBCI íocaíochtaí ón Aire FTF bunaithe ar aisghabháil na gcostas agus na speansas a thabhaíonn SBCI chun na seirbhísí a leagtar amach sa Chomhaontú Comhair CCGS a sholáthar. Ní dhéanann SBCI aon bhrabús ná caillteanas airgeadais agus na seirbhísí á soláthar (féach ar Nóta 15.9).

## 7.2. Aisghabháil costais scéime

De réir comhaontú idir an tAire TBM agus SBCI dar dáta an 20 Nollaig 2016, arna leasú ar an 20 Lúnasa 2020, (an "Comhaontú Comhair Talmhaíochta"), aisghabhann SBCI na costais as a ról sa Scéim Talmhaíochta a reáchtáil, lena n-áirítear costas na bhfóirdheontas ráta úis (féach ar Nóta 15.6).

De réir comhaontú idir an tAire TBM, an tAire FTF agus SBCI dar dáta an 15 Nollaig 2017, arna leasú agus arna nuashonrú ar an 27 Samhain 2020, (an "Comhaontú Comhair BLS/CWCS Leasaithe"), aisghabhann SBCI na costais as a ról in BLS/CWCS a reáchtáil (féach ar Nóta 15.7).

De réir comhaontú idir an tAire TBM, an tAire FTF agus SBCI dar dáta an 7 Meán Fómhair 2021 (an "Comhaontú Comhair maidir le Scéim Iasachta Tionchair Brexit"), aisghabhann SBCI na costais as a ról in BILS a reáchtáil (féach ar Nóta 15.8). Ba cheart a thabhairt faoi deara gur leathnaíodh an BILS le linn 2022 chun soláthar creidmheasa a chur san áireamh d'fhiontair a raibh tionchar ag COVID-19 orthu agus athainmníodh é mar Scéim Iasachta um Thionchar Brexit agus COVID-19 ("BILS/CLS").

De réir comhaontú idir an tAire TBM, an tAire FTF agus SBCI dar dáta an 21 Nollaig 2018, arna leasú agus arna nuashonrú ar an 24 Iúil 2020, (an "Comhaontú Comhair maidir leis Scéim Iasachta d'Fhás sa Todhchaí"), aisghabhann SBCI na costais as a ról sa Scéim Iasachta d'Fhás sa Todhchaí a reáchtáil (féach ar Nóta 15.10).

De réir comhaontú idir an tAire TBM, an tAire FTF agus SBCI dar dáta an 13 Nollaig 2022 ,(an "Comhaontú Comhair maidir le Scéim Iasachta Tionchair an Bhreatimeachta"), aisghabhann SBCI na costais as a ról sa Scéim Iasachta Fáis agus Inbhuanaitheachta a reáchtáil (féach ar Nóta 15.11).

Faoi shocrú idir an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus SBCI don Scéim Uasghrádaithe Fuinnimh Baile, d'aisghabh SBCI costais 2022 agus 2023 in 2023 dá ról i bhforbairt na scéime seo (féach Nóta 15.13). Táthar ag súil go síneofar comhaontú go luath in 2024 idir an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus SBCI chun an scéim seo a fheidhmiú.

Faoi chomhaontuithe ráthaíochta arna ndeonú ag SBCI do na hiasachtóirí ar aghaidh sin atá rannpháirteach sa Scéim Iasachta um Éifeachtúlacht Fuinnimh ("EELS"), aithníonn SBCI ioncam ó na hiasachtóirí ar aghaidh sin i bhfoirm táille ráthaíochta. Gearrtar an táille ráthaíochta ionas (i) go gclúdaítear go páirteach an riosca creidmheasa agus (ii) go n-aisghabhfar go páirteach na costais arna dtabhú ag SBCI agus na comhaontuithe ráthaíochta á ndeonú faoin EELS (Nóta 15.12). Ní bhfuair SBCI aon mhaoiniú ó aon Aire Rialtais chun tacú le forbairt, bunú agus/nó oibriú leanúnach an EELS (féach 15.12)."

## 7.3. Ioncam frithráthaíochta airgeadais

| | 2023<br>€000 | 2022<br>€000 |
|---|---|---|
| **Speansais ráthaíochta** | | |
| Scéim Iasachta Talmhaíochta | 128 | (24) |
| FGLS | (1,450) | (1,226) |
| BLS/CWCS | (557) | (2,691) |
| BILS/CLS | (755) | (196) |
| **Ioncam frithráthaíochta** | | |
| Scéim Iasachta Talmhaíochta | (128) | 24 |
| FGLS | 1,450 | 1,226 |
| BLS/CWCS | 557 | 2,768 |
| BILS/CLS | 755 | 196 |
| **Ioncam frithráthaíochta airgeadais** | **-** | **77** |

Amhail an 31 Nollaig 2023, tá SBCI tar éis a bhreithniú an dócha go ndéanfar íocaíochtaí faoina ráthaíochtaí airgeadais agus an aithnítear fáltais faoina fhrithráthaíochtaí airgeadais. Aithníonn SBCI €2.6m (2022: €4.1m) de chostais ráthaíochta sa tréimhse. Déantar é seo a fhritháireamh le €2.6m (2022: €4.2m) d'ioncam frithráthaíochta arbh ionann é agus €1.9m (2022: €1.7m) a eascraíonn ó ioncam iarchurtha ó na Ranna Rialtais ábhartha agus €0.7m (2022: €2.5m) le hioncam ón bhfrithráthaíocht EIF. Fuair SBCI €77k i mí an Mhárta 2022 le haghaidh frithéileamh a caitheadh i mí na Nollag 2020.

Nochtadh i ráitis airgeadais 2022 gur cuireadh in iúl do SBCI go bhféadfadh go mbeadh líon beag iasachtaí arna dtacú ag SBCI ceadaithe ag iasachtóir ar aghaidh ar bhonn faisnéise calaoisí airgeadais a cuireadh i láthair ag iasachtaithe áirithe. Tar éis imscrúduithe, dheimhnigh SBCI go ndearnadh difear do dhá scéim roinnte riosca, is iad sin (i) Scéim Ráthaíochta Creidmheasa COVID-19 ("CCGS") agus (ii) Scéimeanna Iasachta Brexit agus Scéim Iasachta Caipitil Oibre COVID-19 ("BLS/ CWCS"), agus go raibh 11 iasacht san iomlán faighte ag iasachtaithe áirithe a bhain úsáid as doiciméid chalaoiseacha aitheantais agus/nó faisnéis chalaoiseach airgeadais (na "Iasachtaí Calaoiseacha"), ar luach iomlán €1.2m iad.

Fuarthas ocht gcinn de na hIasachtaí Calaoiseacha faoin SBCI ar luach iomlán €1.0 milliún iad. Tá an t-iasachtóir ar aghaidh faoi dhliteanas €0.2m de na caillteanais agus seans go mbeidh an t-iarmhéid €0.8m le híoc ag an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta, a n-oibríonn SBCI an scéim seo thar a ceann.

Fuarthas trí chinn de na hIasachtaí Calaoiseacha faoin SBCI ar luach iomlán €1.0 milliún iad. Tá an t-iasachtóir ar aghaidh faoi dhliteanas €0.05m de na caillteanais, clúdaíonn ráthaíocht an Chiste Eorpaigh Infheistíochta€0.10m agus tá an t-iarmhéid €0.10m le híoc ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara ar bhonn pro rata dá ranníocaíochtaí faoi seach don BLS/CWCS.

I mí na Nollag 2022, d'íoc SBCI €0.2m leis an iasachtóir ar aghaidh i leith na nIasachtaí Calaoiseacha a fuarthas faoin BLS/CWCS de bhun théarmaí ráthaíochta conarthacha an iasachtóra ar aghaidh.

Íocadh an clúdach ráthaíochta ar iasachtaí BLS/ CWCS leis an iasachtóir ar aghaidh in 2022 agus tá na hiasachtaí CCGS fós faoi athbhreithniú.

### 7.4. Ioncam táille ráthaíochta

| | 2023 €000 | 2022 €000 |
|---|---|---|
| FGLS | 3,145 | 3,424 |
| EELS | - | 3 |
| BLS/CWCS | 58 | 166 |
| BILS | 1,780 | - |
| GSLS | 5 | - |
| **Ioncam táille ráthaíochta** | **4,988** | **3,593** |

Baineann ioncam ó tháillí ráthaíochta le táillí atá iníoctha ag iasachtóirí ar aghaidh rannpháirteacha sa Scéim Iasachta Fáis sa Todhchaí, sa Scéim Iasachta Fáis agus Inbhuanaithe, sa Scéim Iasachta um Éifeachtúlacht Fuinnimh agus le haitheantas ar ioncam iarchurtha ó na Ranna Rialtais ábhartha maidir le BLS/CWCS agus BILS.

Baineann costas táille ráthaíochta le táillí a thabhaítear as ráthaíochtaí cuntair don Scéim Iasachta Fáis sa Todhchaí, BILS, GSLS agus BLS/CWCS a íoctar leis an gCiste Eorpach Infheistíochta.

## 8. SPEANSAIS OIBRIÚCHÁIN

| | Nóta | 2023 €000 | 2022 €000 |
|---|---|---|---|
| Costais inaisíoctha chuig an GBCN | 8.2 | 8,912 | 7,832 |
| Costais eile | 8.1.3 | 2,545 | 1,601 |
| Amúchadh | 11 | 199 | 94 |
| Táillí an Bhoird | 9 | 111 | 113 |
| Talmhaíocht Ús scéime costas fóirdheontais | 8.1.1 | 12 | 236 |
| **Costais oibriúcháin** | | **11,779** | **9,876** |

### 8.1.1. Speansais fóirdheontais úis na Scéime Talmhaíochta

Cuimsíonn fóirdheontais úis na Scéime Talmhaíochta speansais a thabhaigh an Chuideachta agus fóirdheontas ráta úis á chur ar fáil aige d'iasachtóirí ar aghaidh a bhí rannpháirteach sa Scéim Talmhaíochta.

### 8.1.2. Speansais eile

Cuimsítear i speansais eile gach speansas eile a íocann an Chuideachta go díreach. Cuimsítear leo sin go príomha costais mhargaíochta €0.5m (2022: €0.3m) agus táillí dlí agus gairmiúla €1.3m (2022: €1.1m).

### 8.2. Costais inaisíoctha le GBCN

| | Nóta | 2023 €000 | 2022 €000 |
|---|---|---|---|
| Costais foirne GBCN | 8.2.1 | 4,963 | 4,138 |
| Seirbhísí gnó | 8.2.2 | 3,658 | 3,666 |
| Táillí gairmiúla | | 290 | 24 |
| Costais oibriúcháin eile | | 1 | 4 |
| **Costais inaisíoctha leis an GBCN** | | **8,912** | **7,832** |

### 8.2.1. Costais foirne GBCN

Áirítear le costais foirne GBCN an luach saothair (le costais pinsin san áireamh) agus costais eile a bhaineann leis an bhfoireann, ar nós costais foirne sealadaí, costais earcaíochta agus costais oiliúna foirne, a bhaineann le comhaltaí foirne GBCN a shanntar go díreach do SBCI. Cuireadh na costais ar fad a bhain le sochair fostaithe leis na costais i rith na bliana airgeadais agus ní dhearnadh aon chostais a chaipitliú dá réir.

### 8.2.2. Seirbhísí gnó

Cuimsíonn costais seirbhísí gnó costais a tabhaíodh i rith na bliana airgeadais i ndáil leis an áitreabh ina bhfeidhmíonn an Chuideachta agus costas na seirbhísí tacaíochta a sholáthraíonn GBCN.

## 8.3. Luach Saothair

Éilítear na nochtuithe seo a leanas i ndáil le luach saothair faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016:

### 8.3.1. Sochair chomhiomlána fostaithe

| | Nóta | 2023 €000 | 2022 €000 |
|---|---|---|---|
| Sochair ghearr-théarmacha na foirne | 8.3.2 | 3,836 | 3,111 |
| Ranníocaíochtaí an fhostóra do chostais árachas shóisialta | | 416 | 315 |
| **Sochair chomhiomlána fostaithe** | | **4,252** | **3,426** |

Ba é 44 (2022: 38) líon iomlán na gcomhaltaí foirne (coibhéis lánaimseartha) amhail deireadh na bliana. Tá na costais phinsin €0.59m (2022: €0.43m) a thabhaigh an Chuideachta le linn na bliana airgeadais san áireamh i gcostais foirne GBCN i Nóta 8.2. Léiríonn na costais phinsin a mhuirearaítear sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach ranníocaíochtaí a rinne an Chuideachta le scéim GBCN i gcomhréir le moltaí achtúireacha. Níl aon mhéideanna curtha san áireamh sna ráitis airgeadais seo i dtaca le dliteanais phinsin. Aithnítear na sócmhainní agus dliteanais ábhartha i gCuntas Riaracháin GBCN.

### 8.3.2. Sochair ghearrthéarmacha na foirne

| | 2023 €000 | 2022 €000 |
|---|---|---|
| Bunphá | 3,616 | 2,917 |
| Pá a bhaineann le feidhmíocht | 151 | 136 |
| Liúntais | 69 | 58 |
| **Sochair ghearrthéarmacha na foirne** | **3,836** | **3,111** |

### 8.3.3. An príomhphearsanra bainistíochta

| | 2023 €000 | 2022 €000 |
|---|---|---|
| Táillí an Bhoird agus sochair ghearrthéarmacha an lucht bainistíochta | 918 | 771 |
| Pá a bhaineann le feidhmíocht | 61 | 64 |
| Liúntais | 59 | 46 |
| Árachas sláinte | 4 | 3 |
| **An príomhphearsanra bainistíochta** | **1,042** | **884** |

Is iad na comhaltaí Boird, an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an Fhoireann Ardbhainistíochta atá i measc na bpríomhphearsanra bainistíochta a thuairiscíonn go díreach don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin. Leagtar amach thuas luach iomlán na sochar fostaithe le haghaidh an phríomhphearsanra bainistíochta (gan ranníocaíochtaí an fhostóra le costais árachais shóisialaigh san áireamh).

Ní áirítear ansin luach na sochar pinsean a tuilleadh sa tréimhse. Is baill iad an príomhphearsanra bainistíochta (seachas an Bord) de scéim pinsin GBCN agus ní leathnaíonn a dteidlíochtaí ina leith sin thar théarmaí na scéime eiseamláirí pinsin seirbhíse poiblí.

### 8.3.4. Luach saothair agus sochair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin

Áirítear na méideanna a íocadh leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin sna costais inaisíoctha le GBCN. Is ball í an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin de scéim pinsin GBCN agus ní leathnaíonn a teidlíochtaí ina leith sin thar théarmaí caighdeánacha na scéime eiseamláirí pinsin seirbhíse poiblí.

| June Butler (POF, ceaptha 1 Meán Fómhair 2021) | 2023 €000 | 2022 €000 |
|---|---|---|
| Tuarastal | 250 | 250 |
| Pá a bhaineann le feidhmíocht | 30 | 30 |
| Sochair inchánach bhliantúla | 23 | 22 |
| Ranníocaíochtaí leis na scéimeanna pinsin le sochar sainithe | 41 | 41 |
| **Tuarastal agus sochair an Phríomhfheidhmeannaigh** | **344** | **343** |

## 9. TÁILLÍ AGUS SPEANSAIS AN BHOIRD

Íoctar táille bhliantúil €15,750 (2022: €15,750) le Stiúrthóirí áirithe, mar a shonraíonn an tAire Airgeadais de réir Bhunreacht SBCI. Íoctar táille bhliantúil €31,500 (2022: €31,500) leis an gCathaoirleach. Ní bhfuair na Stiúrthóirí aon sochair ná luach saothair eile, lena n-áirítear sochair scoir, mar thoradh ar a gcuid seirbhísí don Chuideachta.

| | 2023 € | 2022 € |
|---|---|---|
| Barbara Cotter | 31,500 | 31,500 |
| Tom McAleese | 15,750 | 15,750 |
| AJ Noonan | 15,750 | 15,750 |
| Richard Pelly | 16,160 | 18,900 |
| Marguerite McMahon | 15,750 | 15,750 |
| Eilis Quinlan | 15,750 | 15,750 |
| **Táillí agus speansais an bhoird** | **110,660** | **113,400** |

Ní bhfuair an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, baill foirne GBCN (Ian Black) ná oifigeach na Roinne Airgeadais, (Eoin Dorgan agus Deirdre Donaghy), aon luach saothair as a mballraíocht ar an mBord.

Déantar speansais fhaofa a aisíoc le Stiúrthóirí ar bhonn dearbhaithe. Baineann speansais le taisteal chun freastal ar chruinnithe in oifigí SBCI i mBaile Átha Cliath.

Áirítear na speansais a íocadh leis na Stiúrthóirí a bhaineann le taisteal i speansais oibriúcháin i Nóta 8.

## 10. MUIREAR CÁNACH

Tá an Chuideachta díolmhaithe ó cháin chorparáide de bhua alt 23(1)(b) d'Acht SBCI 2014.

## 11. SÓCMHAINNÍ DOLÁIMHSITHE

| 2023 | Costas €000 | Amúcadh carntha €000 | Glanluach de réir na leabhar €000 |
|---|---|---|---|
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2023 | 3,271 | (2,111) | 1,160 |
| Éadálacha | 527 | - | 527 |
| Amúchadh | - | (199) | (199) |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig 2023** | **3,798** | **(2,310)** | **1,488** |

| 2022 | Costas €000 | Amúcadh carntha €000 | Glanluach de réir na leabhar €000 |
|---|---|---|---|
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2022 | 2,237 | (2,017) | 220 |
| Éadálacha | 1,034 | - | 1,034 |
| Amúchadh | - | (94) | (94) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2022** | **3,271** | **(2,111)** | **1,160** |

Baineann sócmhainní doláimhsithe le bogearraí TF. Áirítear amúchadh a muirearaíodh i rith na bliana airgeadais i speansais oibriúcháin sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach. Bhí bogearraí TF €781k (2022: €255k) á fhorbairt ag deireadh na bliana airgeadais maidir le córas nua bainistíochta custaiméirí ("Mol SBCI"). Tháinig céim a haon d'fhorbairt bogearraí Mhol SBCI i bhfeidhm ar an 31 Lúnasa 2022. Aithníodh amúchadh €199k (2022: €94k) ar an tsócmhainn seo le linn na bliana airgeadais. Tiocfaidh céim a dó d'fhorbairt bogearraí Mhol SBCI i bhfeidhm in 2024.

Níor tabhaíodh aon chaillteanais bhearnaithe ar na sócmhainní bogearraí i rith na bliana airgeadais reatha ná roimhe.

## 12. INFHEISTÍOCHTAÍ

***Scairsheilbh in Infheistíocht Eorpach Ciste ("CEI")***

| | 2023 €000 | 2022 €000 |
|---|---|---|
| Costas scairsheilbh | 4,410 | 4,410 |
| Gnóthachan neamhréadaithe ar scairsheilbh | 1,794 | - |
| **Infheistíochtaí** | **6,204** | **4,410** |

Ní bhfuair SBCI aon scaireanna nua sa Chiste Eorpach Infheistíochta ("CEI") le linn na bliana airgeadais. Tá 10 scair san iomlán ag SBCI (2022: 10 scair) ag luach cóir de €6.2m (2022: costas €4.4m).

## 13. IASACHTAÍ AGUS INFHÁLTAIS

| | 2023 €000 | 2022 €000 |
|---|---|---|
| Iasachtaí d'iasachtaithe ar aghaidh - reatha | 58,235 | 32,662 |
| Iasachtaí d'iasachtóirí ar aghaidh - neamhreatha | 90,050 | 187,994 |
| **Iasachtaí agus infháltais** | **148,285** | **220,656** |

Léirítear scoilteadh na n-iasachtaí d'iasachtóirí ar aghaidh idir iasachtaí urraithe agus neamhurraithe anseo thíos:

| | 2023 €000 | 2022 €000 |
|---|---|---|
| Urraithe | 38,172 | 69,151 |
| Neamhurraithe | 110,113 | 151,505 |
| **Iasachtaí agus infháltais** | **148,285** | **220,656** |

Ag deireadh na Bliana Airgeadais, bhí iasachtaí in eisiúint ag SBCI do cheithre iasachtóir ar aghaidh (2022: sé iasachtóir ar aghaidh). Is bainc iad ceann amháin de na hiasachtóirí ar aghaidh sin (2022: 1), agus is soláthraithe maoinithe neamhbhainc iad 3 iasachtóir ar aghaidh eile (2022: 5). Maireann na téarmaí atá fágtha fós ar iasachtaí na n-iasachtóirí ar aghaidh idir 6 mhí agus 5 bliana agus gearrann SBCI ús ag EURIBOR 6 mhí móide corrlach.

Ag deireadh gach bliana airgeadais, déanann an Chuideachta measúnú an bhfuil fianaise oibiachtúil ann go bhfuil na hiasachtaí iasachtóra ar aghaidh bearnaithe (féach ar Nóta 4.10). Tar éis measúnú bearnaithe ar na hiasachtaí amhail an 31 Nollaig 2023, chinn an Chuideachta gur tabhaíodh táille bhearnaithe €Nialas (2022: €Nialas). Ag deireadh na bliana airgeadais, bhí €35.0m (2022: €117.0m) ag an gCuideachta i saoráidí cistithe nach raibh tarraingthe anuas.

## 14. AIRGEAD TIRIM AGUS COIBHÉISÍ AIRGID THIRIM

| | 2023 €000 | 2022 €000 |
|---|---|---|
| **Airgead Tirim agus coibhéisí airgid tirim** | **69,047** | **63,723** |

Áirítear san airgead tirim a bhí i seilbh na Cuideachta an t-airgead tirim le haghaidh gníomhaíochtaí oibriúcháin agus cistiú a cuireadh ar fáil don Chuideachta chun íoc as na costais a bhaineann le (i) Scéim Iasachta Tacaíochta Sreafa Airgid na Talmhaíochta, (ii) Scéim Iasachta Brexit agus Scéim Iasachta Caipitil Oibre COVID-19, (iii) Scéim Iasachta Brexit agus Tionchair COVID-19, (iv) an Scéim Ráthaíochta Creidmheasa agus an Scéim Ráthaíochta Creidmheasa Covid-19, (v) an Scéim Iasachta Fáis sa Todhchaí agus (vi) an Scéim Iasachta Fáis agus Inbhuanaitheachta. Tá tuilleadh eolais faoi na scéimeanna sin ar fáil i Nóta 15.

## 15. BAINISTÍOCHT RIOSCA

Bíonn sé mar aidhm ag an gCuideachta a bheith feasach ar riosca agus a rioscaí a bhainistiú go gníomhach. Mar gheall ar na gníomhaíochtaí rinne SBCI agus tábhacht a dhea-chlú, tá béim láidir ar raon cuí rialuithe riosca a chur i bhfeidhm.

Bíonn sé mar aidhm ag SBCI rioscaí a bhainistiú go heol-ach agus go réamhghníomhach, de réir a inghlacthachta riosca, ar bhealach a fhágann go mbíonn an leibhéal riosca ag teacht leis an mbunghníomhaíocht ghnó Déanfaidh SBCI athbhreithniú ar aon rioscaí nua a thagann chun cinn agus glacfar cinneadh maidir le glacadh agus bainistiú na rioscaí sin.

Is iad na príomhchatagóirí rioscaí a shainaithníonn agus a bhainistíonn an Chuideachta ina cuid gníomhaíochtaí ó lá go lá agus a d'fhéadfadh an tionchar is mó a imirt ar a ráitis airgeadais na rioscaí creidmheasa, leachtachta agus riosca margaidh.

### *Beartas agus creat bainistíochta riosca*

Tá an Bord freagrach as an Inghlacthacht Riosca na Cuid-eachta a leagan síos agus as maoirsiú agus stiúradh na bainistíochta riosca ar fud SBCI. Chuige sin, shainordaigh an Bord go ndéanfaí bainistíocht riosca a chomhtháthú agus a leabú in atmaisféar agus i gcultúr SBCI.

Bíonn Coiste Iniúchóireachta agus Riosca freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm Bheartas agus Chreat Bainistíochta Riosca SBCI agus féachann sé lena chinntiú go soláthraíonn samhail rialachais bainistíochta riosca SBCI leibhéil iomchuí neamhspleáchais agus dúshláin. Tuairiscíonn an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca don Bhord go neamhspleách dá bhrí sin.

Tá Beartas agus Creat Bainistíocht Riosca SBCI ag comhlíonadh phrionsabail an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016.

Braitheann SBCI ar na seirbhísí a chuireann GBCN ar fáil do ghnéithe áirithe den bhainistíocht riosca, is iad sin

- bainistíocht leanúnachais gnó.
- seirbhísí comhlíonta agus dlí.
- seirbhísí iniúchóireachta inmheánaí.

### *An chéad líne chosanta:*

Tá an lucht ardbhainistíochta freagrach as bainistíocht laethúil na Cuideachta ó lá go lá agus as a chinntiú go mbíonn rialuithe cuí i bhfeidhm agus ag feidhmiú go héifeachtach. Tuairiscíonn an Fhoireann Ardbhainistíochta leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca faoi seo. Seo iad na príomhchéimeanna sa phróiseas bainistíochta riosca:

Sainaithint a dhéanamh ar na rioscaí a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar SBCI ag baint amach a chuspóirí bunaithe, nó é sin a chosc

- I gcás gach riosca a shainaithnítear, a thionchar a chinneadh agus an dóchúlacht go dtarlóidh sé.
- I gcás gach riosca a shainaithnítear, a chinneadh an féidir glacadh leis an riosca ina iomláine nó ar cheart é a mhaolú nó a sheachaint.
- I gcás gach riosca a shainaithnítear, beag beann ar a thionchar nó an dóchúlacht go dtarlóidh sé, bearta maolaithe chun riosca a laghdú a bhreithniú.
- I ndiaidh bearta maolaithe a chur i bhfeidhm, athbhreithniú a dhéanamh ar thionchar iarmharach agus an dóchúlacht go dtarlóidh sé, chomh maith le stádas criticiúlachta gach riosca a shainaithnítear.
- Athbhreithniú agus monatóireacht a dhéanamh ar rioscaí agus bearta maolaithe go leanúnach.

### *An dara líne chosanta:*

Tugann feidhm Riosca SBCI agus feidhm Comhlíonta GBCN, i ndáil le sainréimsí freagrachta, dúshlán agus maoirseacht neamhspleách chun a chinntiú go gcuirtear Beartas agus Chreat Bainistíochta Riosca SBCI i bhfeidhm go héifeachtach.

### *An tríú líne chosanta:*

Feidhmíonn an fheidhm Iniúchóireachta Inmheánaí mar chuid den tríú feidhm iniúchóireachta inmheánaí a chur trí dhearbhú neamhspleách, réasúnta, riosca-bhunaithe a sholáthar do na príomhpháirtithe leasmhara maidir le chomh fónta agus atá córas bainistíochta riosca SBCI hacmhainne rialachas agus dhearadh agus éifeachtacht oibríochta na timpeallachta rialaithe inmheánaigh.

## 15.1. Riosca creidmheasa

Is é riosca creidmheasa an riosca is suntasaí do ghnó SBCI. Is é riosca creidmheasa an riosca go gcruthódh páirtí amháin in ionstraim airgeadais caillteanas don pháirtí eile trí mainneachtain íoc as a oibleagáid. I bhfocail eile, eascraíonn riosca creidmheasa go príomha as mainneachtain fhéideartha iasachtóirí ar aghaidh iasachtaí a aisíoc go hiomlán le SBCI. Bíonn an Chuideachta neamhchosanta freisin ar riosca creidmheasa i leith ráthaíochtaí a eisítear d'iasachtóirí ar aghaidh, agus frithráthaíochtaí a fhaightear ón gCiste Eorpach Infheistíochta. Chun a phríomhchuspóirí a bhaint amach agus a shainordú a chomhlíonadh, ní mór do SBCI glacadh le leibhéal áirithe riosca creidmheasa.

Mar bhunphrionsabal, agus i gcomhréir lena Ráiteas ar Inghlacthacht Riosca, féachann SBCI le riosca creidmheasa a ghlacadh ar bhealach stuama a ghlacann leis an leibhéal is ísle is féidir de riosca creidmheasa is gá lena chuspóirí a bhaint amach. Dá bhrí sin, déanann SBCI a neamhchosaint do riosca creidmheasa a bhainistiú go cúramach agus déantar an riosca sin a thomhas, a mheasúnú agus a rialú le haghaidh gach idirbheart nó teagmhas creidmheasa a ghlactar.

Déanann SBCI iarracht a neamhchosaint ar riosca creidmheasa a íoslaghdú trí thabhairt faoi phróiseas fairsing díchill chuí roimh aon chinntí iasacht nó ráthaíocht a chur ar fáil. Áirítear i bpróiseas bainistíochta riosca creidmheasa na Cuideachta an méid seo a leanas:

- measúnú cuimsitheach ar gach iasachtóir ar aghaidh ionchais, a lucht bainistíochta, cumas oibriúcháin, taithí ar fhrithghealladh creidmheasa, feidhmíocht airgeadais, bainistíocht riosca, córais, tairiscint táirge agus acmhainn aisíocaíochta.
- cruinnithe leis an lucht bainistíochta.
- measúnú ar fheidhmíocht airgeadais gach iasachtóra ar aghaidh ionchais trí leas a bhaint as an bhfaisnéis atá ar fáil, lena n-áirítear cuntais iniúchta, cuntais bhainistíochta agus réamh-mheastacháin airgeadais.
- dícheall cuí tráchtála neamhspleách i leithe soláthraithe maoinithe neamhbhainc.
- dícheall cuí dlíthiúil neamhspleách.

- anailís ar acmhainn aisíocaíochta an iasachtóra ar aghaidh, lena n-áirítear léiriú soiléir agus réasúnach ar acmhainn an iasachtóra ar aghaidh a oibleagáidí a chomhlíonadh agus fiacha SBCI a íoc ina n-iomláine.
- athbhreithniú agus moladh Choiste Creidmheasa SBCI le haghaidh gach contrapháirtí ionchais.
- comhthaobhacht imleor a fháil i leith iasachtaí (nuair is cuí), lena n-áirítear urrús muirir seasta nó chomhlúthaigh thar shócmhainní an iasachtóra ar aghaidh.
- forchoimeádtar gach cinneadh creidmheasa don Bhord, nó do choistí cuí an Bhoird.
- monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach ar shaoráidí creidmheasa.
- athbhreithniú rialta ar chomhlíonadh na gcúnant agus na ngealltanas faoi seach, agus aon téarmaí agus coinníollacha arna bhforchur ag SBCI.
- próiseas athbhreithnithe foirmiúil ar iasachtóirí ar aghaidh a dhéantar ar bhonn bliantúil, ar a laghad, maidir le gach iasachtóir ar aghaidh faofa.
- Measúnú ar riachtanais chomhthaobhachta i gcomhthéacs cúinsí éagsúla, lena n-áirítear láidreacht airgeadais an iasachtóra ar aghaidh.
- frithráthaíochtaí agus/nó airgead tirim a fháil le haghaidh cúlchistí caillteanais chun dliteanais ráthaíochta SBCI a chlúdach go hiomlán nó i bpáirt.

Amhail an 31 Nollaig 2023, is é €337.3m an neamhchosaint uasta ar riosca creidmheasa d'iasachtaí, airgead tirim agus ráthaíochtaí (2022: €504.2m). Cuirtear an neamhchosaint uasta sin ar riosca creidmheasa i láthair thíos de réir aicme na hionstraime airgeadais, agus áirítear leis gealltanais iasachta na Cuideachta amhail deireadh na bliana airgeadais:

| | 2023 €000 | 2022 €000 |
|---|---|---|
| Iasachtaí agus infháltais | 148,285 | 220,656 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | 69,047 | 63,723 |
| | **217,332** | **284,379** |
| Gealltanais iasachta | 35,000 | 112,000 |
| Ráthaíochtaí* | 84,933 | 107,800 |
| | **337,265** | **504,179** |

**Ríomhtar ráthaíochtaí ar na scéimeanna ráthaíochta a oibríonn SBCI agus áirítear leo an t-airgead soláthair céadchaillteanais a fuarthas ón Roinn/Ranna Rialtais ábhartha a laghdaíonn neamhchosaint ghlan SBCI. I Nóta 24 & Nóta 25, is é an glan-nochtadh teagmhasach ná dliteanas de €132.2m (2022: €163.5m), ní áirítear leis seo an t-airgead a fuarthas don chéad chaillteanas.*

Sheol SBCI an scéim GSLS chuig an margadh in 2023 agus eisíonn sé ráthaíochtaí creidmheasa d'iasachtóirí rannpháirteacha i leith iasachtaí do ghnólachtaí incháilithe. Clúdaíonn ráthaíochtaí SBCI 80% de chaillteanais chreidmheasa ar bhonn iasacht ar iasacht, faoi réir Iasachtaí punann uasta €500m.

Leagtar amach sa tábla thíos cáilíocht chreidmheasa shócmhainní airgeadais SBCI, a ndearna Standard & Poor rátáil ar chuid díobh. Baineann 'gan ráta' le heintitis neamhbhainc.

| | 2023 €000 | 2022 €000 |
|---|---|---|
| AAA | 60,807 | 54,609 |
| A+ to A- | 8,240 | 9,114 |
| BBB | 38,172 | 69,151 |
| Gan ráta | 110,113 | 151,505 |
| | **217,332** | **284,379** |

Cuid thábhachtach de shainordú SBCI is ea tacú le hiomaíocht i margadh creidmheasa na bhFiontar Beag agus Meánmhéide, rud a bhaintear amach trí chistiú ísealchostais, fadtéarmach a sholáthar do raon soláthróirí creidmheasa FBManna, agus ar an gcaoi sin níos mó roghanna a sholáthar do FBManna chun rochtain a fháil ar mhaoiniú sa mhargadh. . Uaireanta, is gá próifíl aisíocaíochta na gcistí a sholáthraímid d'iasachtóirí ar aghaidh a leasú chun teacht le hathruithe ar ghnó na n-iasachtóirí ar aghaidh e.g. maoiniú breise a sholáthar agus/nó téarmaí maoinithe a shíneadh chun fás punann iasachtaí GBM na n-iasachtóirí ar aghaidh a éascú. Is gnáthghné den mhaoiniú mórdhíola iad leasuithe den sórt sin, agus cuireann SBCI anailís chríochnúil agus mhionsonraithe i gcrích ar ghnó an iasachtóra ar aghaidh sula n-aontaíonn sí le leasuithe.

I mí Mheán Fómhair 2023, d'iarchuir SBCI aisíocaíocht €8.5m a bhí dlite ó cheann dá iasachtóirí ar aghaidh ar a shaoráid iasachta chun am breise a chur ar fáil don iasachtóir ar aghaidh chun an chéad chéim eile dá struchtúr caipitil a chur i bhfeidhm chun fás leanúnach ar a leabhar iasachtaí do FBManna a mhaoiniú. Comhaontaíodh an struchtúr caipitil athbhreithnithe i mí na Nollag 2023 agus bhí sé beartaithe ag SBCI maoiniú breise a chur ar fáil mar chuid den struchtúr sin in 2024.

## 15.2. Riosca leachtachta

Is é riosca leachtachta an riosca nach féidir le SBCI a oibleagáidí fiachais gearrthéarmacha a chomhlíonadh. Is é sin an riosca caillteanais a eascraíonn as cás nach mbeidh dóthain airgid thirim ann chun oibríochtaí ó lá go lá a chistiú agus nach mbeidh SBCI in ann sócmhainní a thiontú ina n-airgead tirim go tráthúil. Áirítear le próiseas bainistíochta riosca leachtachta SBCI:

- Cloí le Beartas Bainistíochta Riosca Leachtachta agus Margaidh SBCI agus teorainneacha lena mbaineann.
- Bainistíocht éifeachtach ar riachtanais mhaoinithe ó lá go lá, lena n-áirítear monatóireacht ar shreafaí airgid ionchais amach anseo, e.g. ceangaltais iasachta amach anseo, chun a chinntiú gur féidir riachtanais a chomhlíonadh de réir mar a bhíonn siad dlite.
- Bainistíocht sócmhainní agus dliteanas trí mhonatóireacht a dhéanamh ar an bpróifíl aibíochta a shonraítear i Ráiteas SBCI ar an Staid Airgeadais chun a chinntiú go gcoimeádtar dóthain acmhainní airgid thirim agus/nó go mbunaítear cistiú i gcásanna gur dócha go dtarlóidh neamhréireanna, rud a íoslaghdóidh dá réir an tionchar ar eis-sreafaí leachtachta;
- Riosca leachtachta a bhainistiú trí phróifíl aibíochta shócmhainní agus dhliteanais SBCI a ailíniú, chomh fada agus is féidir, a chuirfidh deireadh mar sin le riosca athmhaoinithe nuair is féidir. Faigheann SBCI cistiú fadtéarmach ar ráta comhlúthach óna mhaoinitheoirí, agus nuair is féidir, socraíonn sé struchtúir éirim agus sceideal aisíocaíochta a iasachtaí chun an phróifíl aibíochta sin a léiriú.
- Maolán leachtachta airgid a chothú le dul i ngleic le haon riachtanais leachtachta ghearrthéarmacha a d'fhéadfadh a theacht chun cinn.

Tugtar achoimre sa tábla thíos ar uainiú na n-aisíocaíochtaí conartha atá le híoc ag SBCI. Cuirtear na méideanna i láthair gan lascaine. Áirítear dliteanais eile €117.9m (2022: €109.6m) (féach ar Nóta 19) ann freisin. Cuimsítear i méideanna dlite "laistigh de bhliain amháin" ús fabhraithe agus dliteanais eile, cuimsítear i méideanna dlite "i ndiaidh bliain amháin" aisíocaíochtaí príomhshuime iasachta le maoinitheoirí.

| | **Laistigh de bhliain amháin €000** | **1 go 5 bliana €000** | **I ndiaidh 5 bliana €000** | **Iomlán €000** |
|---|---|---|---|---|
| 2023 aisíocaíochtaí atá dlite | 141,859 | 13,809 | - | **155,668** |
| 2022 aisíocaíochtaí atá dlite | 188,010 | 33,333 | - | **221,343** |

## 15.3. Riosca Margaidh

Is é riosca margaidh an riosca go luaineoidh luach cóir nó sreafaí airgid amach anseo ionstraime airgeadais de bharr athruithe ar phraghsanna an mhargaidh. Cuimsítear riosca ráta úis i riosca margaidh SBCI. D'fhéadfadh rioscaí margaidh eascairt as suíomhanna oscailte i dtáirgí ráta úis, atá neamhchosanta ar ghluaiseachtaí margaidh idir ghinearálta agus sonrach, chomh maith le hathruithe ar luaineacht rátaí úis. Bainistíonn SBCI a riosca margaidh de réir Bheartas Bainistíochta Riosca Leachtachta agus Margaidh SBCI agus teorainneacha lena mbaineann.

## 15.4. Riosca ó rátaí úis

Tá SBCI neamhchosanta ar riosca ráta úis ar a iasachtaí agus infháltais agus ar a airgead agus coibhéisí airgid. Nuair is féidir, léiríonn saoráidí iasachtaithe SBCI próifíl riosca ráta úis na gcomhaontuithe iasachtaithe bunúsacha chun teagmhais de neamhréireanna ráta úis ábhartha a laghdú a oiread agus is féidir. Sainaithneoidh SBCI aon riosca iarmharach, agus déanfaidh sé monatóireacht agus bainistiú air.

Toisc go bhfuil próifíl riosca reatha SBCI le haghaidh cistiú agus iasachtú ar aghaidh ar bhonn ráta comhlúthach sé mhí, tá a neamhchosaint ar riosca ráta úis teoranta. Frithháirítear den chuid is mó aon neamhréireanna a thagann chun cinn mar go n-athshocraítear rátaí úis. I gcás neamhréir athshocraithe mhór nó i gcás nach ionann bunúis na socruithe, féachadh SBCI leis na suíomhanna sin a fhálú.

Leagtar amach thíos na méideanna atá neamhchosanta ar riosca ráta úis amhail an 31 Nollaig 2023:

| | 2023 €000 | 2022 €000 |
|---|---|---|
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | 69,047 | 63,723 |
| Iasachtaí agus suimeanna infhaighte | 148,285 | 220,656 |
| **Méideanna neamhchosanta ar riosca ráta úis** | **217,332** | **284,379** |

| Dliteanais airgeadais | 2023 €000 | 2022 €000 |
|---|---|---|
| Cistiú agus iasachtaí | **37,775** | **111,799** |

### *Riosca airgeadra*

Níl SBCI neamhchosanta go díreach ar riosca airgeadra, toisc go ndéantar a ghníomhaíochtaí cistithe agus iasachta ar fad in euro.

### *Íogaireacht riosca ráta úis*

Ní gá go léiríonn an fhaisnéis a sholáthraítear san anailís íogaireachta thíos an t-athrú iarbhír ar luach cóir a thabhódh SBCI faoi ghnáthdhálaí margaidh mar go coimeádtar seasmhach gach athróg, de bharr teorainneacha praiticiúla chun críocha ríofa, seachas an toisc shonrach riosca margaidh.

Léirítear sa tábla seo a leanas an íogaireacht ráta úis a eascraíonn as méadú nó laghdú de 50 bonnphointe ar an ráta úis (EURIBOR sé mhí). Tomhaistear an riosca mar thionchar an ghlanluacha reatha ar shreafaí airgid na n-iasachtaí infhaighte agus iníoctha mar gheall ar an athrú sin ar rátaí úis. Socraítear na rátaí úis amhail an 31 Nollaig 2023.

*Anailís Íogaireachta Ráta Úis – gluaiseacht 50bp*

| 2023 | +50bp €000 | -50bp €000 |
|---|---|---|
| Glantionchar ar shreabhadh airgid | (2) | 2 |

| 2022 | +50bp €000 | -50bp €000 |
|---|---|---|
| Glantionchar ar shreabhadh airgid | (38) | 38 |

Níl na híogaireachtaí ráta úis siméadrach mar gheall ar thosca éagsúla, lena n-áirítear próifíl aibíochta na punainne agus dátaí íocaíochta úis na n-iasachtaí Bainistítear próifíl aibíochta na punainne go gníomhach agus athróidh sí le himeacht aimsire.

### 15.5. Bainistíocht caipitil

Níl SBCI faoi réir riachtanais chaipitil a fhorchuirtear go seachtrach. Tá an Chuideachta tiomanta do chinntiú go bhfuil dóthain caipitil aige toisc go bhfuil riosca ann nach mbeadh sé in ann aon chaillteanais chreidmheasa fhéideartha a iompar dá ndéanfaí a chaipiteal a bhainistiú go míchuí. Amhail an 31 Nollaig 2023, is é €85.0m (2022: €85.0m) scairchaipiteal íoctha SBCI. Anuas air sin, tá caipiteal inghlaoite €165.0m (2022: €165.0m) ar fáil do SBCI ar féidir léi a ghlaoch dá lánrogha ón Aire Airgeadais, mar a fhoráiltear in alt 11(6) d'Acht SBCI 2014.

Áirítear le próiseas bainistíochta riosca caipitil SBCI cloí leis na riachtanais maidir le leordhóthanacht chaipitil i Ráiteas SBCI ar Inghlacthacht Riosca lena chinntiú go mbíonn dóthain caipitil aige chun aon chaillteanais fhéideartha a iompar. Déanann an Bord athbhreithniú ar an leordhóthanacht chaipitil mar chuid dá athbhreithniú rialta ar thuairisciú riosca ag gach cruinniú sceidealaithe den Bhord.

### 15.6. Scéim Iasachta Tacaíochta Sreafa Airgid na Talmhaíochta ("an Scéim Talmhaíochta")

Rinne SBCI comhaontú leis an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara in 2016 faoina bhfuair SBCI airgead tirim dar luach €25m ón Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara ar dtús chun tacú le cruthú agus reáchtáil na Scéime Talmhaíochta. Dúnadh an scéim sin d'iarratasóirí nua in 2017.

Faoin Scéim Talmhaíochta, d'eisigh SBCI ráthaíochtaí d'iasachtóirí ar aghaidh rannpháirteacha i leith iasachtaí arna dtabhairt ag iasachtóirí ar aghaidh do FBManna talmhaíochta. Clúdaíonn ráthaíochtaí SBCI 80% de chaillteanais chreidmheasa ar bhonn iasacht ar iasacht, faoi réir chaidhp phunainne fhoriomlán 15% agus punann uasta €150m.

Amhail deireadh na bliana airgeadais, tá dliteanas teagmhasach €817k (2022: €2.0m) ag an gCuideachta a bhaineann le caillteanais chreidmheasa fhéideartha a chlúdaítear faoin Scéim Talmhaíochta. Bíonn aon chistiú barrachais ar aibíocht scéime ar fáil don Aire TBM.

Tháinig deireadh leis an scéim seo i mí na Nollag 2023 le thart ar €11.0m de mhaoiniú barrachais, a fhéadfar a aisíoc leis an Aire TBM nó, ar feitheamh ceadaithe, a úsáid chun scéimeanna iasachta eile arna riar ag SBCI a mhaoiniú.

### 15.7. Scéim Iasachta Brexit ("BLS") agus Scéim Iasachta Caipitil Oibre COVID-19 ("CWCS") agus tagraítear dóibh le chéile mar "BLS/CWCS"

Rinne SBCI comhaontú leis an Aire TBM agus leis an Aire FTF in 2017, faoinar réamhíoc na hAirí €23m le SBCI lena úsáid sa BLS chun tacú le fiontair a raibh tionchar ag Brexit orthu.

In 2020, leasaíodh an scéim chun caipiteal oibre a sholáthar freisin d'fhiontair a raibh tionchar ag COVID-19 orthu faoi BLS/CWCS cónasctha. Clúdaíonn ráthaíochtaí SBCI 80% de chaillteanais chreidmheasa ar bhonn iasacht ar iasacht, faoi réir punann uasta €337.5m. Dúnadh an BLS/CWCS d'iarratasóirí nua in 2021, agus cuireadh Scéim Iasachta Tionchair Brexit ("BILS") ina áit.

Amhail deireadh na bliana airgeadais, tá dliteanas teagmhasach €1.3m (2022: €20.0m) ag an gCuideachta a bhaineann le caillteanais chreidmheasa fhéideartha a chlúdaítear faoin Scéim BLS/CWCS. Frithháirítear an dliteanas teagmhasach sin go páirteach le comhaontú frithráthaíochta ón gCiste Eorpach Infheistíochta dar luach €0.7m, agus le hairgead tirim dar luach €7.9m a shealbhaítear mar chúlchiste caillteanais (ón €23.0m a fuarthas ó na hAirí). Mar thoradh air sin, is é €Nialais (2022: €1.7m) glan-neamhchosaint SBCI ar chaillteanais chreidmheasa faoi BLS/CWCS. Úsáidtear iarmhéid an chistithe a fuarthas ó na hAirí chun SBCI a aisíoc as na costais a bhaineann leis an scéim a reáchtáil, lena n-áirítear costas fhrithráthaíocht an Chiste Eorpaigh Infheistíochta.

## 15.8. Scéim Iasachta Brexit agus Thionchar COVID-19 ("BILS/CLS")

Rinne SBCI comhaontú leis an Aire TBM agus leis an Aire FTF i mí Dheireadh Fómhair 2021, faoinar réamhíoc na hAirí €13.8m le SBCI lena úsáid in BILS chun tacú le fiontair a raibh tionchar ag Brexit orthu. Réamhíoc na hAirí €13.7m breise. B'ionann iomlán na réamhíocaíochtaí ó Airí do BILS/CLS agus €27.5m.

Faoi BILS/CLS, d'eisigh SBCI ráthaíochtaí chuig iasachtóirí ar aghaidh rannpháirteacha i leith iasachtaí do ghnólachtaí a raibh tionchar ag Brexit agus/nó COVID-19 orthu. Clúdaíonn ráthaíochtaí SBCI 80% de chaillteanais chreidmheasa ar bhonn iasacht ar iasacht, faoi réir punann uasta suas le €315.0m.

Amhail deireadh na bliana airgeadais, tá dliteanas teagmhasach €161.4m (2022: €188.7m) ag an gCuideachta a bhaineann le caillteanais chreidmheasa fhéideartha a chlúdaítear faoin scéim BILS/CLS. Fritháirítear an dliteanas teagmhasach sin go páirteach le comhaontú frithráthaíochta ón gCiste Eorpach Infheistíochta dar luach €112.9m, agus le hairgead tirim dar luach €16.9m a shealbhaítear mar chúlchiste caillteanais (ón €17.4m a fuarthas ó na hAirí). Mar thoradh air sin, is é €31.5m (2022: €39.3m) glan-neamhchosaint SBCI ar chaillteanais chreidmheasa faoi BLS/CWCS.

## 15.9. Scéim Ráthaíochta Creidmheasa ("CGS"), Scéim Ráthaíochta Creidmheasa COVID-19 ("CCGS") agus Scéim Ráthaíochta Creidmheasa na hÚcráine ("UCGS")

Ceapadh SBCI mar oibritheoir na Scéimeanna ar fad a chruthaítear faoi na hAchtanna um Ráthaíocht Chreidmheasa 2012 go 2022 thar ceann an Aire FTF. Níl aon neamhchosaint riosca creidmheasa ag SBCI do na ráthaíochtaí a eisítear faoi na scéimeanna sin.

Is ról riaracháin amháin é ról SBCI agus déanann SBCI an riosca oibriúcháin a eascraíonn as próiseáil íocaíochtaí agus éileamh a bhainistiú faoina phróisis agus nósanna imeachta inmheánacha (féach ar Nóta 7).

## 15.10. Scéim Iasachta d'Fhás sa Todhchaí ("FGLS")

Rinne SBCI comhaontú leis an Aire TBM agus leis an Aire FTF in 2018, comhaontú a leasaíodh in 2020, faoinar réamhíoc na hAirí cistiú le SBCI chun FGLS dar luach €800.0m a bhunú chun tacú le hiasachtaí infheistíochta fadtéarmaí le fiontair in Éirinn.

Faoi FGLS, d'eisigh SBCI ráthaíochtaí creidmheasa chuig iasachtóir ar rannpháirteacha i leith iasachtaí do ghnóthaí incháilithe. Clúdaíonn ráthaíochtaí SBCI 80% de chaillteanais chreidmheasa ar bhonn iasacht ar iasacht, faoi réir punann uasta €800.0m. Rinne SBCI comhaontú frithráthaíochta leis an gCiste Eorpach Infheistíochta chun 80% dá neamhchosaint ráthaíochta a fhritháireamh.

Amhail deireadh na bliana airgeadais, tá dliteanas teagmhasach €393m (2022: €476.5m) ag an gCuideachta a bhaineann le caillteanais chreidmheasa fhéideartha a chlúdaítear faoi FGLS  Fritháirítear an dliteanas teagmhasach sin le comhaontú frithráthaíochta ón gCiste Eorpach Infheistíochta dar luach €314.4m, agus le hairgead chúlchiste caillteanais ón €28.5m (mar a gheall na hAirí). Mar thoradh air sin, is é €50.1m (2022: €66.4m) glan-neamhchosaint SBCI ar chaillteanais chreidmheasa faoi FGLS

## 15.11. Scéim Iasachta Fáis agus Inbhuanaitheachta (GSLS)

Rinne SBCI comhaontú leis an Aire TBM agus leis an Aire FTF i mí na Nollag 2022, ar dá bhun a chomhaontaigh na hAirí suim €31.6m a airleacan do SBCI i dtrí thráthchuid iníoctha ar an nó roimh an 31 Nollaig i ngach ceann de 2022, 2023 agus 2024 chun an €500.0m GSLS a bhunú chun tacú le hiasachtaí fadtéarmacha ar mhaithe le hinfheistíocht a dhéanamh i bhfás agus inbhuanaitheacht fiontar in Éirinn. Go dtí seo, tá €19.6m faighte ag SBCI ón Aire FTF agus €8.1m ón Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara.

Faoi GSLS, d'eisigh SBCI ráthaíochtaí creidmheasa chuig iasachtóirí ar aghaidh rannpháirteacha i leith iasachtaí do ghnólachtaí incháilithe. Clúdaíonn ráthaíochtaí SBCI 80% de chaillteanais chreidmheasa ar bhonn iasacht ar iasacht, faoi réir punann uasta €500.0m.

Amhail deireadh na bliana airgeadais, tá dliteanas teagmhasach €2.4m (2022: €Nialas) ag an gCuideachta a bhaineann le caillteanais chreidmheasa fhéideartha a chlúdaítear faoin scéim GSLS. Frithháirítear an dliteanas teagmhasach sin go páirteach le comhaontú frithráthaíochta ón gCiste Eorpach Infheistíochta dar luach €1.2m, agus le hairgead tirim dar luach €18.3m a shealbhaítear mar chúlchiste caillteanais (ón €27.7m a fuarthas ó na hAirí). Mar thoradh air sin, is é €Nialas (2022: €Nialas) glan-neamhchosaint SBCI ar chaillteanais chreidmheasa faoin scéim GSLS.

## 15.12. Scéim Iasachta um Éifeachtúlacht Fuinnimh ("EELS")

De bhun comhaontuithe ráthaíochta arna ndeonú ag SBCI do na hiasachtóirí ar aghaidh sin atá rannpháirteach sa Scéim Iasachta um Éifeachtúlacht Fuinnimh Tí ("EELS"), aithníonn SBCI ioncam ó na hiasachtóirí ar aghaidh sin i bhfoirm táille ráthaíochta. Gearrtar an táille ráthaíochta chun (i) go gclúdófar go páirteach an riosca creidmheasa agus (ii) go n-aisghabhfar go páirteach na costais arna dtabhú ag SBCI agus na comhaontuithe ráthaíochta á ndeonú faoin EELS. Ní bhfuair SBCI aon mhaoiniú ó aon Aire Rialtais chun tacú le forbairt, bunú agus/nó oibriú leanúnach an EELS. Tá SBCI ag baint úsáide as a cistí féin in éineacht leis an ioncam a fhaightear ón táille ráthaíochta dá dtagraítear thuas. Faoi EELS, d'eisigh SBCI ráthaíochtaí creidmheasa chuig iasachtóirí ar aghaidh rannpháirteacha i leith iasachtaí do ghnólachtaí incháilithe. Clúdaíonn ráthaíochtaí SBCI 80% de chaillteanais chreidmheasa ar bhonn iasacht ar iasacht, faoi réir chaidhp phunainne fhoriomlán 15% agus punann uasta €150.0m.

Rinne SBCI comhaontú frithráthaíochta leis an gCiste Eorpach Infheistíochta chun 50% dá neamhchosaint ráthaíochta a fhritháireamh, faoi réir chaidhp phunainne fhoriomlán 15%.Amhail deireadh na bliana airgeadais, tá dliteanas teagmhasach €6.8m (2022: €1.3m) ag an gCuideachta a bhaineann le caillteanais chreidmheasa fhéideartha a chlúdaítear faoin EELS.  Frithháirítear an dliteanas teagmhasach sin go páirteach le comhaontú frithráthaíochta ón gCiste Eorpach Infheistíochta dar luach €3.4m.

## 15.13. Scéim Iasachta um Uasghrádú Fuinnimh Tí ("HEULS")

Tá €1.7m (€Nialas faighte in 2022) curtha ar aghaidh ag an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide do SBCI chun na costais tosaigh a bhaineann le forbairt na Scéime Iasachta um Uasghrádú Fuinnimh Tí (HEULS) a chlúdach agus táthar ag súil go seolfar go luath in 2024 é chun tacú le hiasachtaithe in Éirinn a dteastaíonn maoiniú uathu chun uasghrádú éifeachtúlachta fuinnimh ar a gcuid maoine a mhaoiniú. Táthar ag súil go síneofar comhaontú go luath in 2024 idir an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus SBCI chun an scéim seo a fheidhmiú.

## 15.14. Riosca comhdhlúthachta

Is é riosca comhdhlúthachta an riosca go nochtfar SBCI ar aon neamhchosaint aonair nó grúpa neamhchosaintí a d'fhéadfadh caillteanais sách mór a chruthú go mbagrófaí acmhainn SBCI leanúint ag feidhmiú mar ghnóthas leantach. Bainistíonn SBCI an riosca sin trí chloí leis na teorainneacha a leagtar amach sa Ráiteas ar Inghlacthacht Riosca a d'fhaomh an Bord agus a ndéanann an Bord athbhreithniú rialta air.

Sainmhínítear sa Ráiteas ar Inghlacthacht Riosca na huasmhéideanna saoráidí creidmheasa a dhéantar a tiomnú do chatagóirí áirithe iasachtaithe, i dtéarmaí iomlána agus i gcomparáid le saoráidí creidmheasa tiomanta foriomlána SBCI. Tugtar aghaidh freisin sa Ráiteas ar Inghlacthacht Riosca ar an riosca comhdhlúthachta i measc mhaoinitheoirí SBCI tríd an uas-chomhdhlúthacht a cheadaítear i dtéarmaí neamhchosaint do mhaoinitheoir amháin a shainmhíniú.

Tá sé i gceist go gcinnteofaí leis na bearta seo go bhfuil punann fhoriomlán na próifíle riosca sách éagsúlaithe, agus nach bhfuil neamhchosaint gan chúis ar chomhdhlúthacht riosca iomarcach inti. Tá príomh-chomhdhlúthacht thíreolaíoch SBCI ar shócmhainní riosca in Éirinn, agus baineann príomh-chomhdhlúthacht earnála an riosca lena hiasachtóirí ar aghaidh, a eascraíonn as a shainordú reachtúil chun creidmheas a chur ar fáil d'eintitis agus do dhaoine sa Stát, mar a leagtar amach in Acht SBCI 2014.

Is é €148.2m (2022: €220.7m) neamhchosaint riosca na Cuideachta ar chomhdhlúthacht thíreolaíoch óna iasachtaí agus infháltais.

Tá príomh-chomhdhlúthacht dliteanas na Cuideachta le maoinitheoirí Éireannacha agus Eorpacha.

## 16. LUACH CÓIR SÓCMHAINNÍ AGUS DLITEANAS AIRGEADAIS

### 16.1. Comparáid idir luach seilbhe agus luach cóir

Tugtar achoimre sa tábla thíos ar shuimeanna glanluacha agus ar luachanna córa na sócmhainní agus na ndliteanas airgeadais nach gcuirtear i láthair i Ráiteas na Cuideachta ar an Staid Airgeadais.

***Leibhéal 1*** - sócmhainní agus dliteanais airgeadais a thomhaistear le praghsanna luaite margaidh (neamhchoigeartaithe).

***Leibhéal 2*** - sócmhainní agus dliteanais airgeadais arna dtomhas le teicnící luachála ina n-úsáidtear sonraí margaidh inbhraite.

***Leibhéal 3*** - sócmhainní agus dliteanais airgeadais arna dtomhas le teicnící luachála ina n-úsáidtear sonraí margaidh dobhraite.

Tomhaistear luachanna córa na n-ionstraimí airgeadais sin de réir an ordlathais luacha chóir seo a leanas:

| **Sócmhainní Airgeadais** | **Suim ghlanluacha €000** | **Leibhéal 1 €000** | **Leibhéal 2 €000** | **Leibhéal 3 €000** | **Luach cóir €000** |
|---|---:|---:|---:|---:|---:|
| **2023** | | | | | |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | **69,047** | 69,047 | - | - | **69,047** |
| Infháltais eile | **9,241** | - | - | 9,241 | **9,241** |
| Iasachtaí agus suimeanna infhaighte | **148,285** | - | - | 148,285 | **148,285** |
| Scairsheilbh sa Chiste Eorpach Infheistíochta | **6,204** | - | - | 6,204 | **6,204** |
| **2022** | | | | | |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | **63,723** | 63,723 | - | - | **63,723** |
| Infháltais eile | **6,306** | - | - | 6,306 | **6,306** |
| Iasachtaí agus infháltais | **220,656** | - | - | 220,656 | **220,656** |
| Scairsheilbh sa Chiste Eorpach Infheistíochta | **4,410** | - | - | 4,410 | **4,410** |

| Sócmhainní Airgeadais | Suim ghlanluacha €000 | Leibhéal 1 €000 | Leibhéal 2 €000 | Leibhéal 3 €000 | Luach cóir €000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **2023** | | | | | |
| Dliteanais eile Otheliabilities | **117,958** | - | - | 117,958 | **117,958** |
| Cistiú agus iasachtaí | **37,775** | - | - | 37,775 | **37,775** |
| **2022** | | | | | |
| Dliteanais eile | **109,544** | - | - | 109,544 | **109,544** |
| Cistiú agus iasachtaí | **111,799** | - | - | 111,799 | **111,799** |

## 16.2. Prionsabail tomhais an luacha chóir

### *Iasachtaí agus infháltais agus cistiú agus iasachtaí*

Tá luach cóir na n-ionstraimí airgeadais sin cothrom lena luach seilbhe de bharr chuspóir/chineál sainithe na saoráidí sin. Tá an luach seilbhe ag costas amúchta.

### *Scairsheialbhú sa Chiste Eorpach Infheistíochta*

Tomhaistear infheistíochtaí ag luach cóir arb é an scairphraghas iniúchta is déanaí atá ar fáil de na scairshealúchais bhunúsacha.

## 17. INFHÁLTAIS EILE

| | 2023 €000 | 2022 €000 |
|---|---|---|
| Aisghabháil chostais riaracháin na Scéime dlite | 2,152 | 2,192 |
| Ioncam táille ráthaíochta | 2,151 | 1,537 |
| Frithráthaíocht airgeadais | 4,318 | 2,469 |
| Ús Bainc a Fuarthas | 620 | 108 |
| **Infháltais eile** | **9,241** | **6,306** |

Baineann ioncam úis eile le hús bainc a tuilleadh ar airgead a bhí i dtaisce i rith na bliana.

## 18. CISTIÚ AGUS IASACHTAÍ

| | 2023 €000 | 2022 €000 |
|---|---|---|
| Cistiú agus iasachtaí dlite laistigh de bhliain amháin | 23,966 | 78,466 |
| Cistiú agus iasachtaí dlite i ndiaidh bliain amháin | 13,809 | 33,333 |
| | **37,775** | **111,799** |

Ráthaigh an tAire Airgeadais na dliteanais chistithe sin, mar a cheadaítear faoi alt 18 d'Acht SBCI 2014.

Ag deireadh na bliana airgeadais, bhí iasachtaí ag SBCI le dhá mhaoinitheoir (2022: dhá mhaoinitheoir). Is iad sin an Banc Eorpach Infheistíochta Eorpacha agus GBCN. Maireann na téarmaí atá fágtha fós ar iasachtaí na n-iasachtóirí ar aghaidh idir bliain amháin agus dhá bhliain agus gearrtar ús ar SBCI ag EURIBOR 6 mhí móide corrlach.

Ag deireadh na bliana airgeadais, bhí €405.0m (2022: €405.0m) ag an gCuideachta in áiseanna maoinithe neamhtharraingthe.

## 18.1 Gluaiseacht sa suíomh glanfhiachais a réiteach

| | 2023 €000 |
|---|---|
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | 69,047 |
| Cistiú agus iasachtaí dlite laistigh de bhliain amháin | **(23,966)** |
| Cistiú agus iasachtaí dlite i ndiaidh bliain amháin | **(13,809)** |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2023** | **31,272** |

| | 2023 €000 |
|---|---|
| **Réiteach glansreabhadh airgid chuig gluaiseacht i nglanchistí** | |
| Glansócmhainní ag 01 Eanáir 2023 | (48,077) |
| Méadú ar airgead tirim agus rótharraingtí bainc | **5,324** |
| Glan-aisíoc caipitil | **73,810** |
| Gluaiseacht san ús fabhraithe iníoctha | **215** |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2023** | **31,272** |

## 19. DLITEANAIS EILE

| | 2023 €000 | 2022 €000 |
|---|---|---|
| **An tAire TBM iníoctha** | | |
| An Scéim Talmhaíochta | 11,826 | 11,780 |
| BLS/CWCS | 3,865 | 4,138 |
| BILS | 10,004 | 10,394 |
| FGLS | 12,356 | 12,617 |
| GSLS | 7,800 | 4,250 |
| **An tAire FTF iníoctha** | | |
| BLS/CWCS | 5,797 | 6,207 |
| BILS | 15,005 | 15,591 |
| FGLS | 24,630 | 25,151 |
| GSLS | 18,865 | 14,000 |
| Méideanna dlite do GBCN | 1,403 | 1,332 |
| Táille frithráthaíochta iníoctha | 2,865 | 1,794 |
| Dliteanais eile | 3,542 | 2,290 |
| **Dliteanais eile** | **117,958** | **109,544** |

Mar a leagtar amach i Nóta 15.6, réamhíoc an tAire TBM €25m do SBCI ar dtús lena úsáid sa Scéim Talmhaíochta chun tacú le FBManna san earnáil talmhaíochta in Éirinn. Aithníodh méid €0.1m (2022: €0.4m) in ioncam eile i rith na bliana, rud a d'fhág iarmhéid €11.8m (2022: €11.8m) Bíonn cistí nach n-úsáidtear le linn shaolré na Scéime Talmhaíochta in-aisíoctha leis an Aire TBM. Aicmíodh cistí a réamhíocadh faoin Scéim Talmhaíochta mar dhliteanas deontais faoi FRS 102 Cuid 24.

Ar an gcaoi chéanna, mar a leagtar amach i Nóta 15.7, réamhíoc an tAire TBM agus an tAire FTF €23m in 2017 le SBCI lena úsáid sa BLS chun tacú le fiontair a raibh tionchar ag Brexit orthu. I rith 2020, leasaíodh BLS chun caipiteal oibre a sholáthar freisin d'fhiontair a raibh tionchar ag COVID-19 orthu faoi BLS/CWCS cónasctha. Cuireadh €6.8m eile ar fáil mar fhoráil le haghaidh leathnú BLS/CWCS ó €300m go €337.5m in 2020.

Aithníodh méid €0.4m (2022: €1.5m) in ioncam eile i rith na bliana, rud a d'fhág iarmhéid €10.0m (2022: €10.4m). Bíonn cistí nach n-úsáidtear le linn shaolré BLS/CWCS in-aisíoctha leis an Aire TBM agus leis an Aire FTF.

Ar an gcaoi chéanna, mar a leagtar amach i Nóta 15.8, in 2021 réamhíoc an tAire TBM agus an tAire FTF €13.8m le SBCI lena úsáid in BILS chun tacú le FBManna agus le Cuideachtaí Meánchaipitlithe Beaga a raibh tionchar ag Brexit orthu. In 2022, leathnaíodh an BILS ionas go bhféadfaí iasachtaí a sholáthar d'fhiontair a bhfuil tionchar ag COVID-19 orthu agus athainmníodh é mar Scéim Iasachta Brexit agus Tionchair COVID-19 ("BILS/CLS"). Aithníodh méid €0.1m (2022: €1.5m) in ioncam eile i rith na bliana, rud a d'fhág iarmhéid €25.0m (2022:  €26.0m). Bíonn cistí nach n-úsáidtear le linn shaolré BILS/CLS in-aisíoctha leis an Aire TBM agus leis an Aire FTF.

Chomh maith leis sin, mar a leagtar amach i Nóta 15.10, réamhíoc an tAire TBM agus an tAire FTF €42.4m le SBCI lena úsáid in FGLS chun tacú le hiasachtaí infheistíochta fadtéarmaí le fiontair. Sainaithníodh €0.8m (2022: €1.4m) in ioncam eile i rith na bliana, rud a d'fhág iarmhéid €37.0m (2022: €37.8m Bíonn cistí nach n-úsáidtear le linn shaolré FGLS in-aisíoctha leis an Aire TBM agus leis an Aire FTF.

Chomh maith leis sin, mar a leagtar amach i Nóta 15.11, réamhíoc an tAire TBM agus an tAire FTF €27.7m (€9.4m faighte in 2023) do SBCI le húsáid sa GSLS chun tacú le hiasachtaí fadtéarmacha chun críocha infheistíochta i bhfás agus inbhuanaitheacht fiontar.

Aithníodh €1.0m (2022: €Nialas) in ioncam eile i rith na bliana, rud a d'fhág iarmhéid €26.7m (2022: €18.2m). Bíonn cistí nach n-úsáidtear le linn shaolré GSLS in-aisíoctha leis an Aire TBM agus leis an Aire FTF.

Tá €1.7m (€Nialas faighte in 2022) curtha ar aghaidh ag an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide do SBCI le húsáid chun na costais tosaigh a bhaineann le forbairt na Scéime Iasachta um Uasghrádú Fuinnimh Tí (HEULS) a chlúdach agus táthar ag súil go seolfar go luath in 2024 é chun tacú le hiasachtaithe in Éirinn a dteastaíonn maoiniú uathu chun uasghrádú éifeachtúlachta fuinnimh a gcuid maoine a mhaoiniú. Aithníodh €1.7m (2022: €Nialas) in ioncam eile i rith na bliana, rud a d'fhág iarmhéid €Nialas (2020: €Nialas).

## 20. FORÁLACHA LE hAGHAIDH DLITEANAS

| | 2023 €000 | 2022 €000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | - | - |
| Muirir ar ioncam cuimsitheach | - | - |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | **-** | **-** |

Amhail an 31 Nollaig 2023, tá SBCI tar éis breithniú a dhéanamh maidir le cibé an ndéanfar íocaíochtaí faoina ráthaíochtaí airgeadais. De réir FRS 102.21, d'aithin SBCI €Nialas (2022: €Nialas) i leith éileamh dóchúil. Rinneadh na héilimh a íocadh in 2023 a fhritháireamh go páirteach le haisíocaíocht ón gCiste Eorpach Infheistíochta faoin bhfrithráthaíocht ábhartha, agus bhí méid an fhritháirimh chéatadáin éagsúil i measc na n-éileamh i bhfianaise na ndifríochtaí idir téarmaí na bhfrithráthaíochta ábhartha ba bhonn leo.  Braitheann uainiú agus méid deiridh na n-éileamh ar fháil iarbhír na n-éileamh ón iasachtóir ar aghaidh ábhartha.

## 21. 21.ANAILÍS AIBÍOCHTA AR SHÓCMHAINNÍ AGUS AR DHLITEANAIS

Léirítear sa tábla thíos miondealú na sócmhainní agus na ndliteanas sin ina bhfuil gné neamhreatha lena mbaineann ceart conartha í a aisghabháil nó a shocrú níos mó ná 12 mhí tar éis an dáta tuairiscithe. Léiríonn méideanna reatha na méideanna a bhfuiltear ag súil lena socrú laistigh de 12 mhí le haghaidh gach sócmhainne agus dliteanais.

| 2023 | Reatha €000 | Neamhreatha €000 | Iomlán €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Airgeadais** | | | |
| Iasachtaí agus infháltais | 58,235 | 90,050 | **148,285** |
| **Dliteanais airgeadais** | | | |
| Cistiú agus iasachtaí | 23,966 | 13,809 | **37,775** |

| 2022 | Reatha €000 | Neamhreatha €000 | Iomlán €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Airgeadais** | | | |
| Iasachtaí agus infháltais | 32,662 | 187,994 | **220,656** |
| **Dliteanais airgeadais** | | | |
| Cistiú agus iasachtaí | 78,466 | 33,333 | **111,799** |

Tugtar tuilleadh sonraí i Nóta 15.2 maidir le hamscála tuartha shocrú an chistithe agus na n-iasachtaí sin atá dlite lena n-aisíoc níos mó ná 12 mhí tar éis an dáta tuairiscithe.

## 22. LUACH SAOTHAIR AN INIÚCHÓRA

| | 2023 €000 | 2022 €000 |
|---|---|---|
| Iniúchadh ar ráitis airgeadais | 40 | **35** |

Ní sholáthraíonn an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste (mar iniúchóir seachtrach) aon seirbhísí ráthaíochta, comhairle chánach ná neamhiniúchóireachta eile do SBCI.

## 23. GNÁTHSCAIREANNA

Is ionann scairchaipiteal údaraithe na Cuideachta agus €250,000,000 roinnte i 250,000,000 scair de €1.00 an ceann. De réir alt 11 d'Acht SBCI 2014, féadfar scairchaipiteal údaraithe na Cuideachta a mhéadú chuig méid eile, suas le €1,000,000,000, de réir mar a chinnfidh an tAire Airgeadais le hordú ó am go ham.

Amhail an 31 Nollaig 2023, shuibscríobh an tAire Airgeadais le haghaidh 85,000,000 (2021: 85,000,000) de scaireanna údaraithe na Cuideachta, agus eisíodh dó iad.

## 24. DLITEANAIS TEAGMHASACHA

Ag deireadh na bliana airgeadais, tá dliteanas teagmhasach iomlán €564.8m ag an gCuideachta (2022: €688.4m) a bhaineann le caillteanais chreidmheasa ráthaíochta airgeadais clúdaithe faoina scéimeanna.

Tugtar miondealú sa tábla thíos ar an dliteanas teagmhasach faoi gach scéim.

| | 2023 €000 | 2022 €000 |
|---|---|---|
| An Scéim Talmhaíochta | 17 | 2,027 |
| BLS/CWCS | 1,302 | 19,954 |
| BILS/CLS | 161,397 | 188,727 |
| FGLS | 392,959 | 476,455 |
| GSLS | 2,375 | - |
| EELS | 6,755 | 1,257 |
| **Miondealú ar dhliteanais theagmhasacha** | **564,805** | **688,420** |

UFaoi théarmaí na Scéime Talmhaíochta, d'eisigh an Chuideachta ráthaíochtaí páirteacha caidhpeáilte chuig na hiasachtóirí rannpháirteacha ar aghaidh chun 80% de chaillteanais chreidmheasa ar bhonn iasacht ar iasacht a chlúdach, faoi réir chaidhp phunainne fhoriomlán 15% agus punann uasta €150m.

Faoi théarmaí BLS/CWCS, d'eisigh an Chuideachta ráthaíochtaí páirteacha chuig na hiasachtóirí rannpháirteacha ar aghaidh chun 80% de chaillteanais chreidmheasa ar bhonn iasacht ar iasacht a chlúdach, faoi réir punann uasta €337.5m.

Faoi théarmaí BILS/CLS, d'eisigh an Chuideachta ráthaíochtaí páirteacha chuig na hiasachtóirí rannpháirteacha ar aghaidh chun 80% de chaillteanais chreidmheasa ar bhonn iasacht ar iasacht a chlúdach, faoi réir punann uasta €315.0m.

Faoi théarmaí FGLS, d'eisigh an Chuideachta ráthaíochtaí páirteacha chuig na hiasachtóirí rannpháirteacha ar aghaidh chun 80% de chaillteanais chreidmheasa ar bhonn iasacht ar iasacht a chlúdach, faoi réir punann uasta €800m.

Faoi théarmaí GSLS, d'eisigh an Chuideachta ráthaíochtaí páirteacha chuig na hiasachtóirí rannpháirteacha ar aghaidh chun 80% de chaillteanais chreidmheasa ar bhonn iasacht ar iasacht a chlúdach, faoi réir punann uasta €500.0m.

Faoi théarmaí na EELS, d'eisigh an Chuideachta ráthaíochtaí páirteacha caidhpeáilte chuig na hiasachtóirí rannpháirteacha ar aghaidh chun 80% de chaillteanais chreidmheasa ar bhonn iasacht ar iasacht a chlúdach, faoi réir chaidhp phunainne fhoriomlán 15% agus punann uasta €150.0m.

Faoi théarmaí GSLS, d'eisigh an Chuideachta ráthaíochtaí páirteacha chuig na hiasachtóirí rannpháirteacha ar aghaidh chun 80% de chaillteanais chreidmheasa ar bhonn iasacht ar iasacht a chlúdach, faoi réir punann uasta €500.0m.

## 25. SÓCMHAINNÍ TEAGMHASACHA

Tá comhaontuithe frithráthaíochta déanta ag SBCI leis an CEI chun ráthaíochtaí arna ndeonú ag SBCI i leith gach ceann dá Scéimeanna a fhritháireamh go páirteach. Ag deireadh na bliana airgeadais, tá sócmhainn theagmhasach iomlán €432.6m (2022: €525.0m) ag an gCuideachta.

Tugtar miondealú sa tábla thíos ar an dliteanas teagmhasach faoi gach scéim.

| | 2023 €000 | 2022 €000 |
|---|---|---|
| An Scéim Talmhaíochta | 8 | 1,010 |
| BLS/CWCS | 651 | 9,977 |
| BILS/CLS | 112,978 | 132,109 |
| FGLS | 314,367 | 381,164 |
| GSLS | 1,188 | - |
| EELS | 3,377 | 629 |
| **Sócmhainní teagmhasacha** | **432,569** | **524,889** |

## 26. NOCHTADH PÁIRTITHE GAOLMHARA

### 26.1. Páirtithe gaolmhara

#### *An tAire Airgeadais*

Is leis an Aire Airgeadais amháin an scairchaipiteal eisithe. Féadfar scairchaipiteal údaraithe na Cuideachta a mhéadú óna leibhéal reatha €250,000,000 go dtí cibé méid eile, suas go dtí uasmhéid €1,000,000,000, de réir mar a chinnfidh an tAire Airgeadais le hordú ó am go ham de bhun alt 11(1) d'Acht SBCI 2014.

#### *GBCN*

Cuireann GBCN seirbhísí tacaíochta foirne agus gnó ar fáil do SBCI. Muirearaítear na costais a thabhaíonn GBCN ar SBCI, de réir théarmaí an Chomhaontaithe Seirbhíse idir SBCI agus GBCN. Anuas air sin, soláthraíonn GBCN cistiú do SBCI.

#### *Eintitis eile faoi riail an Rialtais*

Tá Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann (ISIF) agus Bainc-Aontas Éireann plc. ina bpáirtithe gaolmhara de chuid SBCI toisc go bhfuil siad faoi rialú an Aire Airgeadais nó go bhfuil smacht suntasach ag an Aire Airgeadais orthu faoi seach.

#### *Airí agus Ranna Rialtais*

Is páirtithe gaolmhara de SBCI iad an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, agus a gcuid Airí faoi seach, toisc go bhfuil an dá Roinn sin faoi riail Stát na hÉireann agus is úinéir deiridh na Cuideachta í an Stát.

#### *An príomhphearsanra bainistíochta*

Nochtar príomhphearsanra bainistíochta SBCI i Nóta 8.

### *Saoráid Iasachta an Aire Airgeadais agus an Chiste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn*

Ar chorprú na Cuideachta, eisíodh 10 milliún gnáthscair €1.00 an ceann i gcaipiteal na Cuideachta ar airgead tirim don Aire Airgeadais. Ina dhiaidh sin, eisíodh na gnáthscaireanna breise seo a leanas, dar luach €1.00 an ceann, i gcaipiteal na Cuideachta don Aire Airgeadais ar na dátaí a leagtar amach in aice le gach ceann ar leith:

- i mí Feabhra 2017 – 25 milliún; agus
- i mí Dheireadh Fómhair 2020 – 50 milliún

Maoiníodh an dá eisiúint scaireanna thuas trí iasachtaí de €75.0m a tugadh ar aghaidh ag GBCN (mar rialaitheoir agus bainisteoir CISÉ) do SBCI ("Saoráid Iasachta CISÉ") a chomhshó go cothromas. Tá iarmhéid €Nialas ar Shaoráid Iasachta CISÉ (2022: €Nialas) faoi láthair, agus is é an maoiniú geallta atá ar fáil faoi Shaoráid Iasachta CISÉ ná €165.0m.

## 26.2. Idirbhearta agus iarmhéideanna le páirtithe gaolmhara

### *Athmhuirearú GBCN*

Tabhaíonn GBCN costais as SBCI a reáchtáil, costais a athmhuirearaíonn sé ar an gCuideachta. Ba ionann luach iomlán don bhliain airgeadais agus €8.6m (2022: €7.8m). Nochtar tuilleadh sonraí ar na costais sin i Nóta 8. Nochtar gealltanais léasa oibriúcháin i Nóta 27. Tá €1.1m (2022: €1.3m) iníoctha le GBCN ag deireadh na bliana airgeadais.

### *Bogearraí arna bhforbairt ag GBCN*

Níor cheannaigh SBCI aon bhogearraí arna bhforbairt go hinmheánach ag GBCN i rith na bliana airgeadais. (2022: €Nialas).

### *Ionstraim fiachais SBCI*

Bhí nótaí iasachta €10m arna eisiuint ag an gCuideachta chuig GBCN in 2021 fós gan íoc ag deireadh na bliana airgeadais (2022: €10.0m). Tá costas úis fabhraithe €321k ag an gCuideachta i rith na bliana airgeadais maidir le heisiúint na nótaí iasachta.

### *Scéim Iasachta d'Fhás sa Todhchaí*

Fuair an Chuideachta €Nialas (2022: €0.7) san iomlán i rith na bliana airgeadais ón Aire FTF agus ón Aire TBM le húsáid in BILS.  Tá tuilleadh sonraí faoi FGLS agus an cistiú a fuarthas i rith na bliana airgeadais i Nóta 19..

### *Scéim Iasachta  Brexit agus Scéim Iasachta Caipitil Oibre COVID-19 ("BLS/CWCS") / Scéim Iasachta Tionchair Brexit agus COVID-19 ("BILS/CLS")*

Ní bhfuarthas aon mhaoiniú i rith na bliana airgeadais ón Aire TBM ná ón Aire FTF i leith na scéimeanna seo.

### *Scéim Iasachta Fáis agus Inbhuanaitheachta*

Fuair an Chuideachta €9.4m (2022: €18.2m) san iomlán i rith na bliana airgeadais ón Aire TBM agus ón Aire FTF le húsáid in GSLS. Tá tuilleadh sonraí faoi GSLS agus an cistiú a fuarthas i rith na bliana airgeadais i Nóta 19.

### *Scéimeanna Ráthaíochta Creidmheasa*

Le linn na bliana airgeadais, d'aithin an Chuideachta ioncam €1.1m (2022: €1.3m) chun a chostais riaracháin a ghnóthú ina ról mar oibreoir Scéimeanna arna gcruthú faoi na hAchtanna Ráthaíochta Creidmheasa 2012 go 2022 thar ceann an Aire FTF. Bhí €0.3m (2022: (2022: €0.3m) den ioncam sin infhaighte ag an gCuideachta ag deireadh na bliana airgeadais. Féach ar Nóta 7 chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi ról SBCI sna Scéimeanna sin.

### *Scéim Iasachta um Uasghrádú Fuinnimh Tí*

Le linn na bliana airgeadais, fuair an Chuideachta €1.7m san iomlán ón Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (2022: €Nialas) chun na costais tosaigh a bhaineann le Scéim Iasachta um Uasghrádú Fuinnimh Tí a fhorbairt a chlúdach. Seolfar go luath in 2024 é chun tacú le hiasachtaithe in Éirinn a dteastaíonn maoiniú uathu chun uasghrádú éifeachtúlachta fuinnimh ar a gcuid maoine a mhaoiniú.

### *Microfinance Ireland*

D'eisigh an Chuideachta iasachtaí €Nialas (2022: €6.5m) do Mhicrea-airgeadas Éireann chun críche iasachtaithe do FBManna Éireannacha. Is iasachtóir neamhbhrabúis é Microfinance Ireland a bunaíodh chun Ciste Iasachta Micrifhiontair an Rialtais a sheachadadh, ag tuairisciú don Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

### *An príomhphearsanra bainistíochta*

Nochtar idirbhearta leis an bpríomhphearsanra bainistíochta i Nóta 8.

## 27. GEALLTANAIS

I mí Feabhra 2019, d'aontaigh SBCI léas do chóiríocht oifige ag 1 Duga an Státchiste, Cé an Phoirt Thuaidh, Baile Átha Cliath 1, go dtí mí na Bealtaine 2033. Tabhaíodh muirir cíosa €291k (2022: €292K) sa tréimhse. Tá na bunchíosanna todhchaí ainmniúla iníoctha faoin léas oibriúcháin nach féidir cur ar ceal mar a leanas:

| | 2023 €000 | 2022 €000 |
|---|---|---|
| Laistigh d'aon bhliain amháin | 292 | 292 |
| Laistigh de 2 bhliain go 5 bliana | 1,168 | 1,168 |
| Os cionn 5 bliana | 1,284 | 1,576 |
| **Ceangaltais Léasa** | **2,744** | **3,036** |

Cheadaigh Bord SBCI €20.0m de mhaoiniú d'iasachtóir ar aghaidh reatha i mí na Nollag 2023 agus síníodh na comhaontuithe dlíthiúla i mí Feabhra 2024.

## 28. NOCHTADH LEASA

Is comhlacht forordaithe poiblí é SBCI chun críocha um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus 2001. Tá ceanglais maidir le nochtadh leasa freisin ar Stiúrthóirí faoi Acht na gCuideachtaí, 2014, faoi Bhunreacht na Cuideachta agus faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016). Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag SBCI chun cabhrú le Stiúrthóirí agus le comhaltaí foirne a n-oibleagáidí maidir le nochtadh leasa a chomhlíonadh i rith na tréimhse atá á hathbhreithniú.

## 29. TEAGMHAIS TAR ÉIS DHEIREADH NA TRÉIMHSE TUAIRISCITHE

Léiríonn na nochtuithe sna ráitis airgeadais agus sna nótaí eachtraí a tharla i ndiaidh dháta an chláir chomhordaithe. Ní raibh aon teagmhais tar éis dheireadh na tréimhse tuairiscithe a d'éileodh coigeartú.

## 30. FAOMHADH NA RÁITEAS AIRGEADAIS

D'fhaomh na Stiúrthóirí na ráitis airgeadais ar an 7 Meitheamh 2024.

Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann Foirgneamh Dhuga an Státchiste, Cé an Phoirt Thuaidh, Baile Átha Cliath 1, D01A9T8, Éire.

**T 01 2385505 | www.sbci.gov.ie**

**Anseo chun gnó a fhorbairt**
Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann
**Here to build business**
Strategic Banking Corporation of Ireland